**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0216/2023**

19.6.2023

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl
(COM(2022)0156 – C9-0144/20222 – 2022/0104(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir: Radan Kanev

Rapóirtéirí do na tuairimí ó choistí comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Tomas Tobé, an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh
Benoît Lutgen, an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ..........................................................................................145

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH..............................................................................................................149

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE..164

AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH .................................................................208

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......210

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl**
**(COM(2022)0156 – C9-0144/2022 – 2022/0104(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0156),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 192(1), mír 1, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0144/2022),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Parlaimint na Sualainne, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 14 Iúil 2022[1],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 17 Deireadh Fómhair 2022[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0216/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

---

[1] arna foilsiú in Iris Oifigiúil an …
[2] arna foilsiú in Iris Oifigiúil an …

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip[55] straitéis na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh geilleagar aici atá aeráidneodrach, glan agus ciorclach faoi 2050, tríd an mbainistíocht acmhainní a bharrfheabhsú, an truailliú a íoslaghdú, agus an tráth céanna, aitheantas a thabhairt don ghá atá le beartais an-chlaochlaitheacha. Tá an tAontas tiomanta freisin do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe[56] agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[57]. Le Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht[58] i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus le Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú[59] a glacadh i mí Bealtaine 2021, tugtar aghaidh go sonrach ar ghnéithe truaillithe den Chomhaontú Glas don Eoraip. An tráth céanna, leagtar béim bhreise sa Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip[60] ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí claochlaitheacha. I measc na mbeartas eile atá ábhartha maidir leis an tionscnamh seo tá an pacáiste 'Oiriúnach do 55'[61], an Straitéis um Meatán[62] agus Gealltanas Ghlaschú um Meatán[63], an Straitéis maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[64], an Straitéis Bhithéagsúlachta[65], an Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc***[66]*** agus an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe[67]. Ina theannta sin, mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin in 2022, moltar le REPowerEU[68] comhghníomhaíocht Eorpach chun tacú le soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite agus chun feabhas a chur ar | (1) Is é atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip[55] straitéis na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh geilleagar aici atá aeráidneodrach, glan agus ciorclach faoi 2050, trí (ath-)úsáid acmhainní agus bainistíocht acmhainní a bharrfheabhsú, an truailliú a íoslaghdú, agus an tráth céanna, aitheantas a thabhairt don ghá atá le beartais an-chlaochlaitheacha, le haistriú cóir agus leis an ngá le sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ó rioscaí agus iarmhairtí a bhaineann leis an gcomhshaol. Tá an tAontas tiomanta freisin do Chomhaontú Pháras[55a], do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe[56] agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[57] agus dá rannpháirtíocht in EDS. Le Straitéis Ceimiceán an Aontais[58] um an Inbhuanaitheacht i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus le Plean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach a glacadh i mí Bealtaine 2021, tugtar aghaidh go sonrach ar ghnéithe truaillithe den Chomhaontú Glas don Eoraip. An tráth céanna, leagtar béim bhreise sa Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip[60] ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí claochlaitheacha. I measc na mbeartas eile atá ábhartha maidir leis an tionscnamh seo tá an Dlí Aeráide Eorpach[60a], an pacáiste 'Oiriúnach do 55'[61], an Straitéis um Meatán[62] agus Gealltanas Ghlaschú um Meatán[63], an Straitéis maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[64], an Straitéis Bhithéagsúlachta[65], an Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc***[66]***, an Straitéis Ithreach[66a] agus an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe[67]. Ina theannta sin, mar chuid |

éifeachtúlacht fuinnimh.

de fhreagairt an Aontais ar an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin in 2022, moltar le REPowerEU[68] comhghníomhaíocht Eorpach chun tacú le soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.

---

[55] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip]; COM(2019) 640 final.

[56] https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E

[57] https://sdgs.un.org/goals

[58] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM(2020) 667 final.

[59] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [I dtreo truailliú nialasach le haghaidh an aeir, an uisce agus na cré] COM(2021)

---

[55] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip]; COM(2019) 640 final.

***[55a] Cinneadh (AE) 2016/1841 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chomhaontú Pháras a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4)***

[56] https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E

[57] https://sdgs.un.org/goals

[58] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment* [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM(2020) 667 final.

[59] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: *Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [I dtreo truailliú nialasach le haghaidh an aeir, an uisce agus na cré] COM(2021)

| | |
|---|---|
| 400 final. | 400 final. |
| [60] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip] COM(2020) 102 final. | [60] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A New Industrial Strategy for Europe* [Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip] COM(2020) 102 final. |
| | ***[60a] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')*** |
| [61] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *'Fit for 55': delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality* ['Oiriúnach do 55': sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta] COM/2021/550 final. | [61] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *'Fit for 55': delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality* ['Oiriúnach do 55': sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta] COM/2021/550 final. |
| [62] *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on an EU strategy to reduce methane emissions* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú] COM(2020) 663 final. | [62] *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on an EU strategy to reduce methane emissions* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú] COM(2020) 663 final. |
| [63] https://www.globalmethanepledge.org/ | [63] https://www.globalmethanepledge.org/ |
| [64] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe - the new EU Strategy on* | [64] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Forging a climate-resilient Europe - the new EU Strategy on* |

*Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú - straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final.

[65] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] COM(2020) 380 final.

***[66]*** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] COM(2020) 381 final.

[67] COM(2022) 142

[68] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *REPowerEU: Joint European Action for more affordable, secure and sustainable energy* [REPowerEU:

*Adaptation to Climate Change* [Eoraip atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú - straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final.

[65] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] COM(2020) 380 final.

***[66]*** Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] COM(2020) 381 final.

***[66a] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: EU Soil Strategy for 2030 Reaping the benefits of healthy soils for people, food, nature and climate [Straitéis Ithreach an Aontais le haghaidh 2030 leas a bhainfidh na daoine as ithreacha sláintiúla, mar aon le leas an bhia, an dúlra agus na haeráide] COM(2021)0699.***

[67] COM(2022) 142

[68] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *REPowerEU: Joint European Action for more affordable, secure and sustainable energy* [REPowerEU:

| | |
|---|---|
| Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláinte agus níos inbhuanaithe]; COM(2022) 108 final. | Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláinte agus níos inbhuanaithe]; COM(2022) 108 final. |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, fógraíodh athbhreithniú ar bhearta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó mhórshuiteálacha tionsclaíocha, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme earnála na reachtaíochta agus conas í a chur i gcomhréir iomlán le beartais aeráide, beartais fuinnimh agus beartais an gheilleagair chiorclaigh. Ina theannta sin, iarrtar freisin sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú, sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach agus sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc astaíochtaí truailleán a laghdú ag an bhfoinse, lena n-áirítear foinsí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[69] faoi láthair. Is gá, mar sin, truailliú ó ghníomhaíochtaí agraithionsclaíocha áirithe a áireamh i raon feidhme na Treorach sin chun aghaidh a thabhairt orthu. | (2) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, fógraíodh athbhreithniú ar bhearta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó mhórshuiteálacha tionsclaíocha, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme earnála na reachtaíochta agus conas í a chur i gcomhréir iomlán le beartais aeráide, fuinnimh, uisce, cháilíocht an aeir agus beartais an gheilleagair chiorclaigh agus ag an am céanna, sláinte agus folláine saoránach a chosaint, agus ainmhithe a chosaint ó rioscaí agus iarmhairtí a bhaineann leis an gcomhshaol agus idirnaisc idir sláinte an duine agus sláinte ainmhithe á gcur san áireamh. Ina theannta sin, iarrtar freisin sa Phlean Gníomhaíochta maidir le Truailliú Nialasach, sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach agus sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc go bhfeabhsófar éifeachtúlacht agus athúsáid acmhainní agus astaíochtaí truailleán á laghdú ag an bhfoinse, lena n-áirítear foinsí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[69] faoi láthair. Is gá, mar sin, truailliú ó ghníomhaíochtaí agraithionsclaíocha áirithe a áireamh i raon feidhme na Treorach sin chun aghaidh a thabhairt orthu, chomh maith le cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe a bhfuil iliomad comhshocair acu le haghaidh chuspóirí comhshaoil agus aeráide an Chomhaontaithe Ghlais don Eorpa á gcur chun cinn ag an am céanna. |

[69] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú); IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17-119.

[69] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú); IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17-119.

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tá tionscal eastóscach an Aontais ríthábhachtach chun aidhmeanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise Eorpaí maidir le Tionsclaíocht a bhaint amach, lena n-áirítear í a thabhairt cothrom le dáta. Tá tábhacht straitéiseach ag baint le hamhábhair maidir leis an aistriú digiteach agus an aistriú glas, maidir leis an gclaochlú fuinnimh, an claochlú ábhar agus claochlú an gheilleagair chiorclaigh agus chun athléimneacht eacnamaíoch an Aontais a neartú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainneacht intíre inbhuanaithe. Chuige sin, teastaíonn bearta éifeachtacha, saincheaptha agus comhchuibhithe chun a áirithiú go leagtar síos agus go n-úsáidtear na teicnící is fearr atá ar fáil, agus ar an mbealach sin próisis a chur i bhfeidhm arb iad na cinn is éifeachtúla iad agus a bhfuil an tionchar is ísle is féidir acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Sásraí rialachais Threoir 2010/75/AE a bhfuil dlúthbhaint acu le forbairt ceanglas comhshaoil atá comhaontaithe agus saincheaptha, is sásraí iad a bheidh ag tacú le fás inbhuanaithe na ngníomhaíochtaí sin san Aontas. Trí chaighdeáin a chomhaontaítear go comhpháirteach a fhorbairt agus a bheith ar fáil, beidh cothrom na hiomaíochta san Aontais agus áiritheofar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol an tráth céanna. Is iomchuí, dá | (3) Tá tionscal eastóscach an Aontais ríthábhachtach chun aidhmeanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise Eorpaí maidir le Tionsclaíocht a bhaint amach, lena n-áirítear í a thabhairt cothrom le dáta. Tá tábhacht straitéiseach ag baint le hamhábhair maidir leis an aistriú digiteach agus an aistriú glas, maidir leis an gclaochlú fuinnimh, an claochlú ábhar agus claochlú an gheilleagair chiorclaigh agus chun athléimneacht eacnamaíoch ***agus neamhspleáchas*** an Aontais a neartú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainneacht ***agus soláthar*** intíre inbhuanaithe***, go háirithe i bhfianaise an éilimh dhomhanda atá ag dul i méid, leochaileacht na slabhraí soláthair agus an teannais gheopholaitiúil***. Chuige sin, teastaíonn bearta éifeachtacha, saincheaptha agus comhchuibhithe, ***do ghníomhaíochtaí a bhaineann le mianta miotaltáirgeacha agus mianta tionsclaíocha sonracha a bhfuil tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol agus/nó ídiú uisce agus fuinnimh amhail próiseáil cheimiceach, arna ndearbhú trí mheasúnú tionchair, agus do na gníomhaíochtaí sin amháin,*** chun a áirithiú go leagtar síos agus go n-úsáidtear na teicnící is fearr atá ar fáil, agus ar an mbealach sin próisis a chur i bhfeidhm arb iad na cinn is éifeachtúla iad agus a bhfuil an tionchar is ísle is féidir acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. ***Bunaithe*** |

| | |
|---|---|
| bhrí sin, na gníomhaíochtaí sin a áireamh i raon feidhme Threoir 2010/75/AE. | ar mheasúnú tionchair, ba cheart don Choimisiún liosta uileghabhálach a bhunú de ghníomhaíochtaí den sórt sin a bhaineann le mianta tionsclaíocha sonracha. Sásraí rialachais Threoir 2010/75/AE a bhfuil dlúthbhaint acu le forbairt ceanglas comhshaoil atá comhaontaithe agus saincheaptha, is sásraí iad a bheidh ag tacú le fás inbhuanaithe na ngníomhaíochtaí sin san Aontas. Trí chaighdeáin a chomhaontaítear go comhpháirteach a fhorbairt agus a bheith ar fáil, beidh cothrom na hiomaíochta san Aontais agus áiritheofar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol an tráth céanna. Is iomchuí, dá bhrí sin, na gníomhaíochtaí sin a áireamh i raon feidhme Threoir 2010/75/AE chomh maith leis an gCoimisiún a chumhachtú chun gníomh tarmligthe a ghlacadh chun forálacha ábhartha d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2010/75/AE a leasú, i gcás fionnachtain nua mhóra mianraí san Aontas a bhfuil tionchar suntasach comhshaoil acu. |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Fadhbanna leanúnacha le bolaithe ('truailliú boltanach') mar aon le fadhbanna le sceitheadh fuíolluisce thionsclaíoch a d'fhéadfaí fáil níos measa le luaineachtaí séasúracha na ndálaí comhshaoil, is cúis imní ar leith iad in iliomad ceantar laistigh den Aontas agus ní thugtar aghaidh orthu go leormhaith i reachtaíocht reatha an Aontais. Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa ghníomh leasaitheach seo an tionchar atá ag truailliú boltanach agus truailliú sceití uisce thionsclaíoch ar an tsláinte, ar an gcáilíocht chomhshaoil agus ar an gcáilíocht saoil do shaoránaigh an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Aontais.*** |

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Tá tógáil muc, éanlaithe clóis agus eallaigh ina cúis mhór le hastaíochtaí truailleán isteach san aer agus san uisce. Chun astaíochtaí truailleán den sórt sin a laghdú, lena n-áirítear amóinia, meatán, níotráití agus astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, ar an mbealach sin, cáilíocht an aeir, an uisce agus na hithreach a fheabhsú, is gá an tairseach a ísliú ar os a cionn a áirítear suiteálacha muc agus éanlaithe clóis i raon feidhme Threoir 2010/75/AE agus feirmeoireacht eallaigh a áireamh sa raon feidhme sin freisin. Le ceanglais ábhartha BAT, cuirtear san áireamh cineál, méid, dlús agus castacht na suiteálacha sin, lena n-áirítear sainiúlachtaí na gcóras tógála eallaigh atá bunaithe ar fhéarach, i gcás nach dtógtar ainmhithe ach go séasúrach i suiteálacha faoi dhíon, agus raon na dtionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith acu. Tá gá leis an aistriú i dtreo cleachtais talmhaíochta a éireoidh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol de réir a chéile, agus is é is aidhm do na ceanglais chomhréireachta in BAT feirmeoirí a spreagadh an t-aistriú sin a chur chun feidhme. | (4) Cé go rannchuidíonn tógáil muc, éanlaithe clóis agus eallaigh le slándáil bia, tá sí ina cúis mhór le hastaíochtaí truailleán isteach san aer agus san uisce. Chun astaíochtaí truailleán den sórt sin a laghdú, lena n-áirítear amóinia, meatán, níotráití agus astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, ar an mbealach sin, cáilíocht an aeir, an uisce agus na hithreach a fheabhsú, is gá an tairseach a ísliú ar os a cionn a áirítear suiteálacha móra muc agus éanlaithe clóis i raon feidhme Threoir 2010/75/AE agus feirmeoireacht mhórscála eallaigh a áireamh sa raon feidhme sin freisin. Le ceanglais ábhartha BAT, cuirtear san áireamh cineál, méid, dlús agus castacht na suiteálacha sin, lena n-áirítear sainiúlachtaí na gcóras tógála eallaigh atá bunaithe ar fhéarach, i gcás nach dtógtar ainmhithe ach go séasúrach i suiteálacha faoi dhíon, agus raon na dtionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith acu. Tá gá leis an aistriú i dtreo cleachtais talmhaíochta a éireoidh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol de réir a chéile, agus is é is aidhm do na ceanglais chomhréireachta in BAT feirmeoirí a spreagadh an t-aistriú sin a chur chun feidhme. ***Is iondúil go méadaítear luach táirgthe táirgí le hardchaighdeáin chomhshaoil i ngníomhaíochtaí tionsclaíocha agus i ndian-thógáil ainmhithe araon, rud a chomhlíonann ceanglais reachtaíocht chomhshaoil an Aontais. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, chun caighdeáin chomhshaoil níos airde a chur chun cinn ar fud an domhain, cómhalartacht a thabhairt isteach le táirgeoirí lasmuigh den Aontas, agus ar an gcaoi sin allmhairiú táirgí a*** |

***chomhlíonann oibleagáidí comhchosúla comhshaoil sa mhargadh inmheánach a dhreasú, ag tosú le táirgeadh talmhaíochta faoi Iarscríbhinn Ia dá bhforáiltear sa Treoir seo agus lena bhféadfaí an chómhalartacht sin a leathnú chuig gníomhaíochtaí tionsclaíocha.***

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Is dócha go dtiocfaidh méadú nach beag ar líon na suiteálacha mórscála laistigh den Aontas ina dtairgfear ceallraí le haghaidh feithiclí leictreacha faoi 2040, rud a chuirfidh le sciar an Aontais de tháirgeadh domhanda na gceallraí. Cé go rialaítear roinnt de ghníomhaíochtaí luachshlabhra na gceallraí cheana féin le Treoir 2010/75/AE agus rialaítear ceallraí mar tháirgí le Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* +, is gá fós suiteálacha móra ina monaraítear ceallraí a áireamh i raon feidhme na Treorach, chun a áirithiú go gcumhdaítear iad freisin leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2010/75/AE agus, dá bhrí sin, go rannchuideoidh siad le fás níos inbhuanaithe monaraithe ceallraí. Trí shuiteálacha móra ina monaraítear ceallraí a áireamh i raon feidhme Threoir 2010/75/AE, cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht na gceallraí ar bhealach iomlánaíoch agus déanfar an tionchar a bheidh acu ar an gcomhshaol ar feadh a saolré a íoslaghdú. | (5) Is dócha go dtiocfaidh méadú nach beag ar líon na suiteálacha mórscála laistigh den Aontas ina dtairgfear ceallraí le haghaidh feithiclí leictreacha faoi 2030, rud a chuirfidh le sciar an Aontais de tháirgeadh domhanda na gceallraí. Cé go rialaítear roinnt de ghníomhaíochtaí luachshlabhra na gceallraí cheana féin le Treoir 2010/75/AE, is léir go bhfuil gníomhaíochtaí eile, amhail modúil ceallraí agus pacáistí ceallraí a chóimeáil, lasmuigh dá raon feidhme. Ina theannta sin, rialaítear ceallraí mar tháirgí le Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* +. Mar sin féin, is gá fós suiteálacha móra ina monaraítear ceallraí a áireamh i raon feidhme na Treorach, cé is moite de shuiteálacha ina gcóimeáiltear modúil ceallraí agus pacáistí ceallraí agus iad sin amháin, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go gcumhdaítear suiteálacha móra monaraíochta den sórt sin freisin leis na ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2010/75/AE agus, dá bhrí sin, go rannchuideoidh siad le fás níos inbhuanaithe monaraithe ceallraí. Trí shuiteálacha móra ina monaraítear ceallraí a áireamh i raon feidhme Threoir 2010/75/AE, cuirfear feabhas ar inbhuanaitheacht na gceallraí ar bhealach iomlánaíoch agus déanfar an tionchar a bheidh acu ar an gcomhshaol ar feadh a |

| | |
|---|---|
| | saolré a íoslaghdú |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Beidh hidrigin in-athnuaite ríthábhachtach chun breoslaí iontaise a ionadú i dtionscail agus iompar dianfhuinnimh ar deacair iad a dhícharbónú, chun meascán fuinnimh an Aontais a éagsúlú agus chun borradh a chur faoin dul chun cinn i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí. Tá tionchar i bhfad níos ísle ar an gcomhshaol ag táirgeadh hidrigine trí leictrealú uisce ná táirgeadh hidrigine i ngnáthghléasraí hidrigine, agus bíonn an lorg uisce ina pharaiméadar ríthábhachtach agus an-sonrach ó thaobh suímh de a braitheann ar inrochtaineacht áitiúil, ídiú, díghrádú agus truailliú uisce. Cé go n-éilíonn sé uisce ar cháilíocht níos airde dá táirgeadh, cuireann hidrigin mar iompróir fuinnimh acmhainn mhór neamhthuilleamaíochta ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.*** |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) D'fhonn rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a neartú a thuilleadh, is gá a shoiléiriú go bhfuil na ceadanna le haghaidh suiteálacha arna ndeonú de bhun Threoir 2010/75/AE le cur ar fáil don phobal ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin. Ba cheart achoimre aonfhoirmeach ceadanna a chur ar fáil don phobal faoi na coinníollacha | (6) D'fhonn rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a neartú a thuilleadh, is gá a shoiléiriú go bhfuil na ceadanna le haghaidh suiteálacha arna ndeonú de bhun Threoir 2010/75/AE le cur ar fáil don phobal ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin***, agus á áirithiú go ndéantar faisnéis rúnda ghnó a choimirciú***. Ba cheart achoimre aonfhoirmeach ceadanna a chur ar fáil don |

| | |
|---|---|
| céanna. | phobal faoi na coinníollacha céanna. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún treoirlínte a bhunú maidir le ceadanna a fhoilsiú. |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Ba cheart do na Ballstáit bearta dearbhaithe comhlíontachta a ghlacadh freisin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha faoi Threoir 2010/75/AE a chur chun cinn, a fhorfheidhmiú agus chun faireachán a dhéanamh air. Mar chuid de bhearta dearbhaithe comhlíontachta, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann oibriú suiteála a chur ar fionraí i gcás ina mbeidh contúirt ann do shláinte an duine nó go mbeidh éifeacht dhíobhálach nach beag ar an gcomhshaol, nó go mbeidh an riosca ann go mbeidh an chontúirt nó an éifeacht sin ann, de dheasca sárú leanúnach ar choinníollacha an cheada agus de dheasca nár cuireadh torthaí na tuarascála cigireachta i bhfeidhm, chun deireadh a chur leis an gcontúirt sin. | (8) Ba cheart do na Ballstáit bearta dearbhaithe comhlíontachta a ghlacadh freisin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha faoi Threoir 2010/75/AE a chur chun cinn, a fhorfheidhmiú agus chun faireachán a dhéanamh air. Mar chuid de bhearta dearbhaithe comhlíontachta, chun stop a chur leis an gcontúirt sin, ba cheart d'údaráis inniúla oibriú suiteála a chur ar fionraí i gcás ina mbeidh contúirt ann, de dheasca sárú leanúnach ar choinníollacha an cheada agus de dheasca nár cuireadh torthaí na tuarascála cigireachta i bhfeidhm, ar contúirt í do shláinte an duine nó go mbeidh éifeacht dhíobhálach nach beag ar an gcomhshaol, nó go mbeidh an riosca ann go mbeidh an chontúirt nó an éifeacht sin ann, i mBallstát amháin nó níos mó, mar shampla, trí sceití fuíolluisce, agus go ndéanfaidh sé difear dochrach do sheirbhísí éiceachórais, amhail soláthar uisce óil. ***Ba cheart do na húdaráis inniúla feabhas a chur ar an gcumarsáid geallsealbhóirí a dhéantar difear dóibh agus oibreoirí uisce óil agus fuíolluisce agus údaráis inniúla trasteorann a choinneáil ar an eolas faoi shárú a dhéanann difear dóibh.*** |

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (9) Maidir le suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE lena ndéantar gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a chothú, is iomchuí na suiteálacha sin a cheangal ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh i leith aonaid dócháin nó aonaid eile a astaíonn dé-ocsaíd charbóin ar an suíomh. | (9) Maidir le suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE lena ndéantar gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a chothú, is iomchuí bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm agus na suiteálacha sin nach n-éiríonn leo córas deimhnithe bainistithe fuinnimh a chur chun feidhme, nó iad sin nach n-éiríonn leo torthaí iniúchadh fuinnimh deimhnithe a chur chun feidhme, a cheangal ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh i leith aonaid dócháin nó aonaid eile a astaíonn dé-ocsaíd charbóin ar an suíomh. De réir Phlean REPowerEU, is féidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh feabhas a chur ar athléimneacht i gcás ina gcuirfí isteach ar allmhairí fuinnimh ó thríú tíortha chuig an Aontas agus chuig a Bhallstáit, go háirithe i gcás coinbhleachtaí geopholaitiúla. |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Baineadh de thátal as an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE gur gá na naisc idir an Treoir sin agus Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006***71*** a neartú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le húsáid ceimiceán i suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE. Chun sineirgí a fhorbairt idir an obair a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) ar cheimiceáin agus doiciméid tagartha BAT a ullmhú faoi Threoir 2010/75/AE, ba cheart ról foirmiúil a thabhairt do ECHA san ullmhúchán sin de dhoiciméad tagartha BAT. | (10) Baineadh de thátal as an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE gur gá na naisc idir an Treoir sin agus Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006[71] a neartú chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann le húsáid ceimiceán i suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE. Chun sineirgí a fhorbairt, go háirithe maidir le hastaíochtaí ó shubstaintí marthanacha, in-bhithbhailithe agus tocsaineacha a íoslaghdú, idir an obair a dhéanann an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) ar cheimiceáin, agus doiciméid tagartha BAT a ullmhú faoi Threoir 2010/75/AE, ba cheart ról foirmiúil a thabhairt do ECHA san ullmhúchán sin de dhoiciméad tagartha BAT. ***Sa bhreis air*** |

***sin, bhainfeadh an próiseas sin tairbhe as saineolas as an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil.***

[71] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.).

[71] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1.).

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chun an malartú faisnéise lena dtacaítear le cinneadh na leibhéal astaíochta agus na leibhéal feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) a éascú, agus sláine faisnéise rúnda gnó a choinneáil ar bun an tráth céanna, ba cheart na nósanna imeachta a shonrú maidir le faisnéis a láimhseáil, ar faisnéis rúnda ghnó í nó ar faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus a bhailítear ón tionscal i gcomhthéacs an mhalartaithe faisnéise arna eagrú ag an gCoimisiún chun doiciméid tagartha BAT a dhréachtú, a athbhreithniú nó a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart a áirithiú nach ndéanfaidh daoine aonair atá rannpháirteach sa mhalartú faisnéise faisnéis ar faisnéis rúnda ghnó í nó ar faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chomhroinnt le haon ionadaí gnóthas nó comhlachtaí trádála a bhfuil leas eacnamaíoch acu sna gníomhaíochtaí tionsclaíocha lena mbaineann agus sna margaí gaolmhara. Tá malartú faisnéise den sórt sin gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, go háirithe Airteagal 101 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). | (11) Chun an malartú faisnéise lena dtacaítear le cinneadh na leibhéal astaíochta agus na leibhéal feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT) a éascú, agus sláine faisnéise rúnda gnó a choinneáil ar bun an tráth céanna, ba cheart na nósanna imeachta a shonrú maidir le faisnéis a láimhseáil, ar faisnéis rúnda ghnó í nó ar faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de, agus a bhailítear ón tionscal i gcomhthéacs an mhalartaithe faisnéise arna eagrú ag an gCoimisiún chun doiciméid tagartha BAT a dhréachtú, a athbhreithniú nó a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart a áirithiú, mar shampla trí bhíthin comhaontuithe rúndachta agus neamhnochta agus anaithnidiú sonraí, nach ndéanfaidh daoine aonair atá rannpháirteach sa mhalartú faisnéise, faisnéis ar faisnéis rúnda ghnó í nó ar faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a chomhroinnt le haon ionadaí gnóthas nó comhlachtaí trádála a bhfuil leas eacnamaíoch acu sna gníomhaíochtaí tionsclaíocha lena mbaineann agus sna margaí gaolmhara. Tá malartú faisnéise den sórt sin gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, go háirithe Airteagal 101 den |

Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil ina iomláine a áirithiú, tá gá le sineirgí agus comhordú le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol, ag gach céim dá cur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart dul i gcomhairle go cuí leis na húdaráis inniúla ábhartha uile a áirithíonn comhlíonadh reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol sula ndeonófar cead faoi Threoir 2010/75/AE. | (12) Chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil ina iomláine a áirithiú, tá gá le sineirgí agus comhordú le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol, ag gach céim dá cur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart dul i gcomhairle go cuí leis na húdaráis inniúla ábhartha uile a áirithíonn comhlíonadh reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol, go háirithe Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016, sula ndeonófar cead faoi Threoir 2010/75/AE. |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) D’fhonn feidhmíocht chomhshaoil agus sábháilteacht na suiteála a fheabhsú go leanúnach, lena n-áirítear trí ghiniúint dramhaíola a chosc, úsáid acmhainní agus athúsáid uisce a bharrfheabhsú, agus rioscaí a bhaineann le húsáid substaintí guaiseacha a chosc nó a laghdú, ba cheart don oibreoir córas bainistíochta comhshaoil (EMS) a bhunú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le conclúidí ábhartha BAT, agus ba cheart dó é a chur ar fáil don phobal. Ba cheart go gcumhdófaí le EMS freisin bainistíocht na rioscaí a bhaineann le substaintí guaiseacha a úsáid agus anailís ar an bhféidearthacht roghanna malartacha níos sábháilte a chur | (13) D’fhonn feidhmíocht chomhshaoil agus sábháilteacht na suiteála a fheabhsú go leanúnach, lena n-áirítear trí ghiniúint dramhaíola a chosc, úsáid agus athúsáid acmhainní agus uisce a bharrfheabhsú, agus rioscaí a bhaineann le húsáid substaintí guaiseacha a chosc nó a laghdú, ba cheart don oibreoir córas bainistíochta comhshaoil (EMS) a bhunú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le conclúidí ábhartha BAT. Ba cheart EMS a fhorbairt ar bhealach a léiríonn cineál, scála agus castacht na suiteála, mar aon leis na tionchair a d’fhéadfadh a bheith aige ar an gcomhshaol. Ba cheart iniúchóireacht a bheith déanta ar EMAS agus í a chur ar fáil go poiblí ar an Idirlíon. Ba cheart go |

in ionad na substaintí guaiseacha.

gcumhdófaí le EMS freisin bainistíocht na rioscaí a bhaineann le substaintí guaiseacha a úsáid agus anailís ar an bhféidearthacht roghanna malartacha níos sábháilte a chur in ionad na substaintí guaiseacha.

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Is gá na coinníollacha a shonrú a thuilleadh faoina bhféadfaidh an t-údarás inniúil na próisis chóireála iartheachtacha i ngléasra cóireála fuíolluisce a chur san áireamh agus na teorainnluachanna astaíochta is infheidhme maidir le scaoilte truailleán san uisce á socrú aige i gcead arna dheonú faoi Threoir 2010/75/AE, chun a áirithiú nach bhfágfaidh scaoilte den sórt sin go mbeidh ualach méadaithe truailleán in uiscí glactha i gcomparáid le staid ina gcuirfidh an tsuiteáil BAT i bhfeidhm agus ina gcomhlíonfaidh sí leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil i gcás scaoilte díreacha. | (14) Is gá na coinníollacha a shonrú a thuilleadh faoina bhféadfaidh an t-údarás inniúil na próisis chóireála iartheachtacha i ngléasra cóireála fuíolluisce a chur san áireamh agus na teorainnluachanna astaíochta is infheidhme maidir le scaoilte truailleán san uisce á socrú aige i gcead arna dheonú faoi Threoir 2010/75/AE, chun a áirithiú nach bhfágfaidh scaoilte den sórt sin go mbeidh ualach méadaithe truailleán in uiscí glactha nó nach gcuirfidh siad bac ar an acmhainneacht nó an acmhainneacht fhéideartha acmhainní ón sruth cóireála fuíolluisce a aisghabháil i gcomparáid le staid ina gcuirfidh an tsuiteáil BAT i bhfeidhm agus ina gcomhlíonfaidh sí leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil i gcás scaoilte díreacha. |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a sholáthar, is gá inter alia teorainnluachanna astaíochta a leagan síos i gceadanna ar leibhéal lena n-áiritheofar comhlíonadh na leibhéal astaíochta is infheidhme a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil a leagtar amach i gconclúidí BAT. De ghnáth, sloinntear leibhéil | (15) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a sholáthar, is gá *inter alia* teorainnluachanna astaíochta a leagan síos i gceadanna ar leibhéal lena n-áiritheofar comhlíonadh na leibhéal astaíochta is infheidhme a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil a leagtar amach i gconclúidí BAT. De ghnáth, sloinntear leibhéil |

| | |
|---|---|
| astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar raonta, seachas mar luachanna aonair, chun na difríochtaí a léiriú laistigh de chineál áirithe suiteála a eascraíonn as éagsúlacht sna feidhmíochtaí comhshaoil a bhaintear amach agus BAT á gcur i bhfeidhm. Ní thabharfaidh BAT áirithe an fheidhmíocht chéanna i gcás suiteálacha éagsúla, d'fhéadfadh sé nach bhfuil roinnt BAT oiriúnach lena n-úsáid i suiteálacha áirithe, nó d'fhéadfadh sé go bhfuil meascán BAT níos éifeachtaí i gcás truailleáin áirithe nó meán áirithe comhshaoil ná BAT eile, mar shampla. Cuireadh baint amach ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine i gcontúirt mar gheall ar an gcleachtas mar atá teorainnluachanna astaíochta a shocrú ag an gceann is scaoilte den raon leibhéal astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, gan a mheas go bhféadfadh suiteáil áirithe leibhéil astaíochta níos ísle a bhaint amach trí na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm. Le cleachtas den sórt sin, cuirtear drochmhisneach ar shuiteálacha atá chun tosaigh i dtaobh teicnící atá níos éifeachtaí a chur chun feidhme, agus cuirtear bac ar chothrom na hiomaíochta a bhaint amach ar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol. Ba cheart, dá bhrí sin, a cheangal ar údaráis inniúla na teorainnluachanna astaíochta is ísle is féidir a leagan síos i gceadanna, ar teorainnluachanna iad lena léirítear feidhmíocht BAT i gcás na suiteálacha sonracha, agus raon iomlán BAT-AELanna á chur san áireamh agus á fhéachaint leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil is fearr is féidir a bhaint amach le haghaidh na suiteálacha; is é sin mura léiríonn an t-oibreoir go n-éireoidh leis an tsuiteáil lena mbaineann teorainnluachanna astaíochta níos scaoilte a chomhlíonadh má chuireann sí na teicnící is fearr atá ar fáil i bhfeidhm, ar teicnící iad a ndéantar tuairisc orthu i gconclúidí BAT. | astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar raonta, seachas mar luachanna aonair, chun na difríochtaí a léiriú laistigh de chineál áirithe suiteála a eascraíonn as éagsúlacht sna feidhmíochtaí comhshaoil a bhaintear amach agus BAT á gcur i bhfeidhm. Ní thabharfaidh BAT áirithe an fheidhmíocht chéanna i gcás suiteálacha éagsúla, d'fhéadfadh sé nach bhfuil roinnt BAT oiriúnach lena n-úsáid i suiteálacha áirithe, nó d'fhéadfadh sé go bhfuil meascán BAT níos éifeachtaí i gcás truailleáin áirithe nó meán áirithe comhshaoil ná BAT eile, mar shampla. Cuireadh baint amach ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine i gcontúirt mar gheall ar an gcleachtas mar atá teorainnluachanna astaíochta a shocrú ag an gceann is scaoilte den raon leibhéal astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, gan a mheas go bhféadfadh suiteáil áirithe leibhéil astaíochta níos ísle a bhaint amach trí na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm. Le cleachtas den sórt sin, cuirtear drochmhisneach ar shuiteálacha atá chun tosaigh i dtaobh teicnící atá níos éifeachtaí a chur chun feidhme, agus cuirtear bac ar chothrom na hiomaíochta a bhaint amach ar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart don údarás inniúil teorainnluachanna astaíochta a shocrú, agus raon iomlán BAT-AELanna á chur san áireamh, ar an leibhéal is déine is féidir a bhaint amach don tsuiteáil shonrach. Ba cheart go gcuirfí éifeachtaí trasmheán san áireamh sna teorainnluachanna astaíochta, ba cheart dóibh a bheith bunaithe ar mheasúnú an oibreora a dhéanfaidh anailís ar a indéanta a bheidh sé an chuid is déine de raon BAT-AELanna a chomhlíonadh agus an fheidhmíocht fhoriomlán is fearr a bheith mar chuspóir aige don tsuiteáil shonrach faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin caighdeánacha, agus gnáthluaineachtaí oibriúcháin á gcur san áireamh i gcás meán gearrthéarmach, is é sin mura léiríonn an t- |

oibreoir go n-éireoidh leis an tsuiteáil lena mbaineann teorainnluachanna astaíochta níos scaoilte a chomhlíonadh má chuirtear na teicnící is fearr atá ar fáil, a ndéantar tuairisc orthu i gconclúidí BAT, i bhfeidhm.

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart rannchuidiú Threoir 2010/75/AE le héifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh agus leis an ngeilleagar ciorclach san Aontas a dhéanamh níos éifeachtaí, agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur san áireamh mar threoirphrionsabal de bheartas fuinnimh an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos sna ceadanna, i gcás inar féidir, teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil sainordaitheacha maidir le leibhéil tomhaltais agus le leibhéil éifeachtúlachta acmhainní, lena n-áirítear maidir le húsáid uisce, fuinnimh agus ábhar athchúrsáilte, bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEPLanna) a leagtar amach i gcinntí maidir le conclúidí BAT. | (16) Ba cheart rannchuidiú Threoir 2010/75/AE le héifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh agus leis an ngeilleagar ciorclach san Aontas a dhéanamh níos éifeachtaí, agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur san áireamh mar threoirphrionsabal de bheartas fuinnimh an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos sna ceadanna, i gcás inar féidir, teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil táscacha, ar choinníoll go n-áireofar an ceann íochtarach feidhmíochta den raon sainordaitheach maidir le leibhéil tomhaltais agus le leibhéil éifeachtúlachta acmhainní, lena n-áirítear maidir le húsáid uisce, fuinnimh agus ábhar athchúrsáilte, bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEPLanna) a leagtar amach i gcinntí maidir le conclúidí BAT, agus an tomhaltas fuinnimh níos airde á chur san áireamh a bhaineann le gníomhaíochtaí agus próisis dícharbónaithe agus díthruaillithe ar leith, agus a bhaineann le teicnící nuálacha atá ag teacht chun cinn agus leis an éiceachóras tionsclaíoch ina iomláine. ***Níor cheart go mbeadh údaráis inniúla in ann maoluithe sealadacha a dheonú ach amháin i gcás ina léirítear i measúnú go mbeadh costas díréireach ard ann dá mbainfí amach teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil leis na teicnící is fearr atá ar fáil mar a thuairiscítear i gconclúidí BAT i gcomparáid leis na sochair chomhshaoil*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus na héifeachtaí trasmheáin, agus nuair atá ardleibhéal cosanta don chomhshaol baint amach ina iomláine.*** |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) D'fhonn astú truailleán ó shuiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE a chosc nó a íoslaghdú agus d'fhonn cothrom na hiomaíochta a chur ar fáil ar fud an Aontais, ba cheart na coinníollacha faoina bhféadfar maoluithe ar theorainnluachanna astaíochta a dheonú a leagan amach ar bhealach níos fearr trí úsáid a bhaint as prionsabail ghinearálta, chun a áirithiú go gcuirfear na maoluithe sin chun feidhme ar bhealach níos comhchuibhithe ar fud an Aontais. Thairis sin, níor cheart maoluithe ar theorainnluachanna astaíochta a dheonú i gcás ina bhféadfaidís comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil a chur i mbaol. | (17) D'fhonn astú truailleán ó shuiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE a chosc nó a íoslaghdú agus d'fhonn cothrom na hiomaíochta a chur ar fáil ar fud an Aontais, ba cheart na coinníollacha faoina bhféadfar maoluithe ar theorainnluachanna astaíochta a dheonú a leagan amach ar bhealach níos fearr trí úsáid a bhaint as prionsabail ghinearálta. Is gá critéir shoiléire, lena n-áirítear an t-uasfhad agus an t-amchlár chun maoluithe a athbhreithniú, a chur ar fáil chun a áirithiú go gcuirfear na maoluithe sin chun feidhme ar bhealach níos comhchuibhithe ar fud an Aontais. Thairis sin, níor cheart maoluithe ar theorainnluachanna astaíochta a dheonú i gcás ina bhféadfaidís comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil a chur i mbaol. |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Baineadh de thátal as an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE go raibh neamhréireacht sna cineálacha cur chuige measúnaithe comhlíontachta le haghaidh suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil II den Treoir sin. Chun ardleibhéal cosanta don chomhshaol ina iomláine a bhaint amach, cur chun feidhme comhsheasmhach dhlí an Aontais agus cothrom na hiomaíochta ar fud an Aontais a áirithiú, agus an tráth céanna, an | (18) Baineadh de thátal as an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE go raibh neamhréireacht sna cineálacha cur chuige measúnaithe comhlíontachta le haghaidh suiteálacha a chumhdaítear le Caibidil II den Treoir sin. Chun ardleibhéal cosanta don chomhshaol ina iomláine a bhaint amach, cur chun feidhme comhsheasmhach dhlí an Aontais agus cothrom na hiomaíochta ar fud an Aontais a áirithiú, agus an tráth céanna, an |

| | |
|---|---|
| t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis phoiblí á íoslaghdú, ba cheart don Choimisiún rialacha comhchoiteanna a leagan síos, atá bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil, maidir le measúnú ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus maidir le leibhéil thomhaiste d'astaíochtaí san aer agus san uisce araon a bhailíochtú. Ba cheart tús áite a bheith ag na rialacha sin maidir le measúnú comhlíontachta ar na rialacha a leagtar amach i gCaibidlí III agus IV maidir le measúnú ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta atá in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir 2010/75/AE. | t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí agus ar údaráis phoiblí á íoslaghdú ***agus rioscaí éillithe a chosc***, ba cheart don Choimisiún rialacha comhchoiteanna a leagan síos, atá bunaithe ar na teicnící is fearr atá ar fáil, maidir le measúnú ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus maidir le leibhéil thomhaiste d'astaíochtaí san aer agus san uisce araon a bhailíochtú. Ba cheart tús áite a bheith ag na rialacha sin maidir le measúnú comhlíontachta ar na rialacha a leagtar amach i gCaibidlí III agus IV maidir le measúnú ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta atá in Iarscríbhinní V agus VI a ghabhann le Treoir 2010/75/AE. |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Ba cheart do na Ballstáit, le tacaíocht an Choimisiúin, a áirithiú go ndéanfar cuíchóiriú ar mhodhanna comhchuibhithe faireacháin comhshaoil, lena n-áirítear teicnící faireacháin atá ag teacht chun cinn, mar shampla trí choilíneachtaí beach meala, chun truailleáin ábhartha a bhrath.*** |

**Leasú 21**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Le caighdeáin cáilíochta comhshaoil, tagraítear do na ceanglais uile a leagtar amach i ndlí an Aontais, amhail reachtaíocht an Aontais maidir le haer agus le huisce; ar ceanglais iad nach mór a chomhlíonadh ag timpeallacht áirithe nó ag cuid ar leith di ag tráth áirithe. Dá bhrí sin, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart d'údaráis inniúla, agus cead á dheonú acu do | (19) Le caighdeáin cáilíochta comhshaoil, tagraítear do na ceanglais uile a leagtar amach i ndlí an Aontais, amhail reachtaíocht an Aontais maidir le haer, agus le huisce; ar ceanglais iad nach mór a chomhlíonadh ag timpeallacht áirithe nó ag cuid ar leith di ag tráth áirithe. Dá bhrí sin, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart d'údaráis inniúla, agus cead á dheonú acu do |

| | |
|---|---|
| shuiteáil, ní hamháin coinníollacha a leagan amach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibríochtaí na suiteála na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, ach i gcás inarb iomchuí, d'fhonn rannchuidiú sonrach na suiteála leis an truailliú a tharlaíonn sa limistéar ábhartha a laghdú, ba cheart dóibh freisin coinníollacha breise sonracha a áireamh sa chead atá níos déine ná na coinníollacha a leagtar amach i gconclúidí ábhartha BAT, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tsuiteáil caighdeáin cáilíochta comhshaoil. Féadfar a bheith i gceist leis na coinníollacha sin teorainnluachanna astaíochta níos déine a shocrú nó oibríocht nó acmhainneacht na suiteála a theorannú. | shuiteáil, ní hamháin coinníollacha a leagan amach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibríochtaí na suiteála na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, ach i gcás inarb iomchuí, d'fhonn rannchuidiú sonrach na suiteála leis an truailliú a tharlaíonn sa limistéar ábhartha a laghdú, agus éifeacht charnach na suiteálacha sa limistéar geografach céanna á cur san áireamh, ba cheart dóibh freisin coinníollacha breise sonracha a áireamh sa chead atá níos déine ná na coinníollacha a leagtar amach i gconclúidí ábhartha BAT, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tsuiteáil caighdeáin cáilíochta comhshaoil. Féadfar a bheith i gceist leis na coinníollacha sin teorainnluachanna astaíochta níos déine a shocrú nó oibríocht nó acmhainneacht na suiteála a theorannú. |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart don údarás inniúil coinníollacha an cheada a athbhreithniú go rialta agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta chun comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a áirithiú. Ba cheart athbhreithniú nó tabhairt cothrom le dáta den sórt sin a dhéanamh freisin i gcás inar gá don tsuiteáil caighdeán cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás caighdeán cáilíochta comhshaoil nua nó athbhreithnithe nó i gcás inar gá an ceadúnas a athbhreithniú mar gheall ar stádas na timpeallachta glactha chun go mbainfear comhlíonadh na bpleananna agus na gclár arna socrú faoi reachtaíocht an Aontais amach, amhail na pleananna bainistíochta abhantraí faoi Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72]. | (20) Chun a áirithiú go dtabharfaidh ceadanna arna ndeonú faoi Threoir 2010/75/AE aghaidh ar an ngá atá le feidhmíocht a fheabhsú, ba cheart don údarás inniúil coinníollacha an cheada a athbhreithniú go rialta agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta chun comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a áirithiú. ***8 mbliana de mhinicíocht ba cheart a bheith sna hathbhreithnithe sin.*** Ba cheart athmhachnamh den sórt sin ar an gcead a dhéanamh freisin i gcás inar gá don tsuiteáil caighdeán cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás caighdeán cáilíochta comhshaoil nua nó athbhreithnithe nó i gcás inar gá an cead a athbhreithniú mar gheall ar stádas na timpeallachta glactha chun go mbainfear comhlíonadh na bpleananna agus na gclár arna socrú faoi reachtaíocht an Aontais amach, amhail na pleananna bainistíochta abhantraí faoi Threoir 2000/60/CE ó |

| | |
|---|---|
| | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72]. |

[72] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000).

[72] Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000).

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 20 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(20a) I bhfianaise an phrionsabail ghinearálta maidir le cur i bhfeidhm neamh-aisghníomhach dlí, níor cheart feidhm a bheith ag ceanglais nua maidir leis na teorainnluachanna astaíochta agus na teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil maidir le suiteálacha nua ach amháin i gcás ina bhfuil gá le nuashonrú ceada mar thoradh ar ghlacadh chonclúid BAT nua tar éis an dáta deiridh chun an treoir seo a thrasuí, nó nuair a éilíonn caighdeáin cáilíochta comhshaoil nó sábháilteacht oibríochtúil na suiteála cead a thabhairt cothrom le dáta agus tráth nach déanaí ná 10 mbliana tar éis a teacht i bhfeidhm. Os a choinne sin, le haghaidh suiteálacha nua a thosaigh an nós imeachta um chur i bhfeidhm tar éis dháta thrasuí na treorach seo, ba cheart go mbeadh feidhm ag na ceanglais nua maidir le teorainnluachanna astaíochta.*** |

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Ba cheart go dtarlódh comhar trasteorann sula ndeonófar ceadanna i gcás | (23) Ba cheart go dtarlódh comhar trasteorann trí na bealaí cumarsáide |

| | |
|---|---|
| ina bhféadfadh oibriú suiteála difear a dhéanamh do níos mó ná Ballstát amháin, agus ba cheart a áireamh ann an pobal lena mbaineann agus na húdaráis inniúla sna Ballstáit eile a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh a chur ar an eolas faoi roimh ré agus dul i gcomhairle leo roimh ré. | réigiúnacha iomchuí sula ndéanfar athmhachnamh ar cheadanna nó sula ndeonófar iad i gcás ina bhféadfadh oibriú suiteála difear a dhéanamh do níos mó ná Ballstát amháin, agus ba cheart a áireamh ann an pobal lena mbaineann agus na húdaráis inniúla sna Ballstáit eile a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh a chur ar an eolas faoi roimh ré agus dul i gcomhairle leo roimh ré. |

**Leasú 25**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Leis an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE, fuarthas amach, fiú dá gcothódh sé claochlú thionscal na hEorpa, nach bhfuil sí dinimiciúil go leor agus nach dtacaíonn sí go leordhóthanach le próisis agus teicneolaíochtaí nuálacha a úsáid. Is iomchuí, dá bhrí sin, tástáil agus úsáid teicnící atá ag teacht chun cinn a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil fheabhsaithe acu a éascú, comhar a éascú le taighdeoirí agus le tionscail i dtionscadail taighde arna gcistiú go poiblí faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna hionstraimí cistiúcháin ábhartha Eorpacha agus náisiúnta, chomh maith le lárionad tiomnaithe a bhunú chun tacú leis an nuálaíocht trí fhaisnéis faoi theicnící nuálacha a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi, lena n-áirítear teicnící atá ag teacht chun cinn, atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin agus a leibhéal forbartha ó thaighde go húsáid (leibhéal na hullmhachta teicneolaí nó 'LUT') agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil a chur i dtréith. Déanfaidh sin eolas freisin don mhalartú faisnéise maidir le doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. Na teicnící nuálacha atá le bailiú agus le hanailísiú ag an ionad, ba cheart iad a | (24) Leis an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE, fuarthas amach, fiú dá gcothódh sé claochlú thionscal na hEorpa, nach bhfuil sí dinimiciúil go leor agus nach dtacaíonn sí go leordhóthanach le próisis agus teicneolaíochtaí nuálacha a úsáid, ***lena n-áirítear iad siúd atá bunriachtanach don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus do bhaint amach chuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh. Gan úsáid aon teicníc ná aon teicneolaíochta sonraí a fhorordú***, is iomchuí, dá bhrí sin, tástáil agus úsáid teicnící atá ag teacht chun cinn a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil fheabhsaithe acu a éascú, comhar a éascú le taighdeoirí agus le tionscail i dtionscadail taighde arna gcistiú go poiblí faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna hionstraimí cistiúcháin ábhartha Eorpacha agus náisiúnta, chomh maith le lárionad tiomnaithe a bhunú chun tacú leis an nuálaíocht trí fhaisnéis faoi theicnící nuálacha a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi, lena n-áirítear teicnící atá ag teacht chun cinn, atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin agus a leibhéal forbartha ó thaighde go húsáid (leibhéal na hullmhachta teicneolaí nó 'LUT') a chur i dtréith agus leibhéal feidhmíochta comhshaoil na dteicnící sin a mheas, agus |

bheith ar a laghad ag an leibhéal teicneolaíochta a léirítear sa timpeallacht ábhartha (timpeallacht atá ábhartha ó thaobh na tionsclaíochta de i gcás eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin) nó léiriú fréamhshamhail córais i dtimpeallacht oibríochta (LUT 6-7).

aon srian a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hinfhaighteacht sonraí á chur san áireamh. Déanfaidh sin eolas freisin don mhalartú faisnéise maidir le doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. Na teicnící nuálacha atá le bailiú agus le hanailísiú ag an ionad, ba cheart iad a bheith ar a laghad ag an leibhéal teicneolaíochta a léirítear sa timpeallacht ábhartha (timpeallacht atá ábhartha ó thaobh na tionsclaíochta de i gcás eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin) nó léiriú fréamhshamhail córais i dtimpeallacht oibríochta (LUT 6-7).

**Leasú 26**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun cuspóirí an Aontais maidir le geilleagar glan ciorclach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, is gá geilleagar an Aontais a chlaochlú ó bhonn. I gcomhréir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, ba cheart, dá bhrí sin, a cheangal ar oibreoirí suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE pleananna claochlaithe a áireamh ina gcórais bainistíochta comhshaoil. Ina theannta sin, comhlánófar leis na pleananna claochlaithe sin na ceanglais maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach faoi Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[75] trí bhealach a sholáthar chun na ceanglais sin a chur chun feidhme go coincréiteach ar leibhéal na suiteála. Is é an chéad tosaíocht na gníomhaíochtaí dianfhuinnimh a liostaítear in Iarscríbhinn I a chlaochlú. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí suiteálacha dianfhuinnimh pleananna claochlaithe a chur ar fáil faoin 30 Meitheamh 2030. Ba cheart a cheangal ar oibreoirí suiteálacha a dhéanann gníomhaíochtaí eile a liostaítear in | (25) Chun cuspóirí an Aontais maidir le geilleagar glan ciorclach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, is gá geilleagar an Aontais a chlaochlú ó bhonn. I gcomhréir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, ba cheart, dá bhrí sin, a cheangal ar oibreoirí suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE pleananna táscacha claochlaithe ar leibhéal grúpa, corparáideach nó suiteála a áireamh ina gcórais bainistíochta comhshaoil. Ina theannta sin, comhlánófar leis na pleananna claochlaithe sin na ceanglais maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach faoi Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[75], ach i gcás pleananna claochlaithe, faisnéis nó sonraí a thuairiscítear cheana faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais, amhail Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[75a] nó an Treoir i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach [IO: Cuir isteach uimhir thagartha 2022/0051(COD)][75b], ba cheart go bhféadfaí tagairt a dhéanamh go simplí |

Iarscríbhinn I pleananna claochlaithe a chur ar fáil mar chuid d'athmheas agus tabhairt cothrom le dáta an cheada tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le conclúidí BAT a fhoilseofar tar éis an 1 Eanáir 2030. Cé gur cheart na pleananna claochlaithe leanúint de bheith ina ndoiciméid tháscacha a ullmhaítear faoi fhreagracht na n-oibreoirí, ba cheart don eagraíocht iniúchóireachta ar conradh ag na hoibreoirí mar chuid dá gcórais bainistíochta comhshaoil a sheiceáil go bhfuil iontu an t-íosmhéid faisnéise a bheidh le socrú ag an gCoimisiún Eorpach i ngníomh cur chun feidhme, agus ba cheart do na hoibreoirí na pleananna claochlaithe a chur ar fáil don phobal.

[75] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuairiscí gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-

má chomhlíonann siad gnéithe na bpleananna claochlaithe. Is é an chéad tosaíocht na gníomhaíochtaí dianfhuinnimh a liostaítear in Iarscríbhinn I a chlaochlú. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí suiteálacha dianfhuinnimh, dá ndeonófar maolú nó atá i measc na 200 suiteáil is mó truailliú, cé is moite de shuiteálacha a bhfuil plean um dhúnadh do 2035 acu, pleananna claochlaithe a tháirgeadh faoin 30 Meitheamh 2027 ar leibhéal na suiteála. ***Is é an dara tosaíocht gur cheart do gach oibreoir eile suiteálacha dianfhuinnimh pleananna claochlaithe a tháirgeadh faoin 30 Meitheamh 2029 ar leibhéal grúpa nó corparáideach maidir le gach suiteáil.*** Ar an gcaoi chéanna, ba cheart a cheangal ar oibreoirí suiteálacha a dhéanann gníomhaíochtaí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I pleananna claochlaithe a chur ar fáil faoin 1 Eanáir 2030. Cé gur cheart na pleananna claochlaithe leanúint de bheith ina ndoiciméid tháscacha a ullmhaítear faoi fhreagracht na n-oibreoirí, ba cheart don eagraíocht iniúchóireachta ar conradh ag na hoibreoirí mar chuid dá gcórais bainistithe comhshaoil a sheiceáil go bhfuil iontu an t-íosmhéid faisnéise a bheidh le socrú ag an gCoimisiún Eorpach i ngníomh tarmligthe, agus ba cheart do na hoibreoirí na pleananna claochlaithe a chur ar fáil don phobal, agus an rúndacht á hurramú agus gan faisnéis íogair ghnó a nochtadh. ***Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú meántéarma a dhéanamh ar ghníomh tarmligthe an phlean claochlaithe in 2035, agus ina dhiaidh sin ba cheart dó na pleananna claochlaithe a athbhreithniú.***

[75] Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuairiscí gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-

aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle; IO L 182, 29.6.2013, lgh. 19–76.

aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle; IO L 182, 29.6.2013, lgh. 19–76.

[75a] Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15).

[75b] Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le Dícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937.

**Leasú 27**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(25a) I bhfianaise na rioscaí a bhaineann le huisce do ghníomhaíochtaí tionsclaíocha agus na rioscaí d'uisce a bhaineann leo, go háirithe agus an staid reatha maidir le triomach agus tuilte san Eoraip nó leibhéil na farraige atá ag dul i méid á gcur san áireamh, d'fhéadfadh uirlisí digiteacha amhail córais bhainistithe dhigitithe cabhrú le rioscaí a bhaineann le huisce a mheasúnú go cainníochtúil agus go cáilíochtúil, a bhainistiú agus cabhrú le hoibreoirí a suiteálacha a chlaochlú.*** |

**Leasú 28**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun a áirithiú go leanfaidh Treoir 2010/75/AE dá cuspóirí a chomhlíonadh chun astaíochtaí truailleán a chosc nó a | (29) Chun a áirithiú go leanfaidh Treoir 2010/75/AE dá cuspóirí a chomhlíonadh chun astaíochtaí truailleán a chosc nó a |

laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a fhorlíonadh chun rialacha oibriúcháin a bhunú ina mbeidh ceanglais maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le héanlaith chlóis, muca agus eallach a thógáil, agus chun Iarscríbhinní I agus Ia a ghabhann leis an Treoir sin a leasú trí ghníomhaíocht agraithionsclaíoch a chur isteach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sí a cuspóirí chun astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[77]. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[77] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1–14.

laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a fhorlíonadh chun rialacha oibriúcháin a bhunú ina mbeidh ceanglais maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann, gan beann ar a nósanna imeachta um cheadú nó um chlárú, le tógáil ainmhithe ar scála mór faoi Iarscríbhinn Ia a ghabhann leis an Treoir seo. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[77]. Go háirithe, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[77] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1–14.

**Leasú 29**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Treoir 2010/75/AE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le leagan síos na nithe seo a leanas: an fhormáid atá le húsáid le haghaidh achoimre an cheada; (ii) modheolaíocht chaighdeánaithe chun measúnú a dhéanamh ar an díréireacht idir na costais a bhaineann le conclúidí BAT a chur chun feidhme agus na tairbhí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann (iii) an modh tomhais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta a leagtar amach sa chead maidir le hastaíochtaí san aer agus san uisce (iv) na socruithe mionsonraithe is gá chun an lárionad nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha a bhunú agus a fheidhmiú, agus (v) an fhormáid atá le húsáid le haghaidh pleananna claochlaithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[78]. | (30) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Treoir 2010/75/AE a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún a mhéid a bhaineann le leagan síos na nithe seo a leanas: an fhormáid atá le húsáid le haghaidh achoimre an cheada; (ii) modheolaíocht chaighdeánaithe chun measúnú a dhéanamh ar an díréireacht idir na costais a bhaineann le conclúidí BAT a chur chun feidhme agus na sochair chomhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann agus modh 'Luach Saoil Staitisticiúil' (VSL) á chur san áireamh, más iomchuí, (iii) an modh tomhais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta a leagtar amach sa chead maidir le hastaíochtaí san aer agus san uisce (iv) na socruithe mionsonraithe is gá chun an lárionad nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha a bhunú agus a fheidhmiú, agus (v) an fhormáid atá le húsáid le haghaidh pleananna claochlaithe. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[78]. |
| [78] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). | [78] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). |

**Leasú 30**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Chun cur chun feidhme agus | (31) Chun cur chun feidhme agus |

forfheidhmiú éifeachtach na n-oibleagáidí a leagtar amach i dTreoir 2010/75/AE a áirithiú, is gá an t-íosmhéid inneachair a bheidh i bpionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a shonrú. Déantar dochar do chothrom na hiomaíochta maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha ar fud an Aontais mar gheall ar éagothromaíochtaí i gcórais pionós, ar an bhfíoras go meastar in a lán cásanna go bhfuil pionóis arna ngearradh ró-íseal chun éifeacht dhíspreagthach a bheith acu ar iompraíochtaí neamhdhleathacha, agus ar an easpa cur chun feidhme aonfhoirmigh ó Bhallstát go chéile. Ba cheart Treoir 2008/99/CE maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil a chur san áireamh i gcás inar cion laistigh de raon feidhme Threoir 2008/99/CE é sárú a bhraitear faoin Treoir seo.

forfheidhmiú éifeachtach na n-oibleagáidí a leagtar amach i dTreoir 2010/75/AE a áirithiú, is gá an t-íosmhéid inneachair a bheidh i bpionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a shonrú. Déantar dochar do chothrom na hiomaíochta maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha ar fud an Aontais mar gheall ar éagothromaíochtaí i gcórais pionós, ar an bhfíoras go meastar in a lán cásanna go bhfuil pionóis arna ngearradh ró-íseal chun éifeacht dhíspreagthach a bheith acu ar iompraíochtaí neamhdhleathacha, agus ar an easpa cur chun feidhme aonfhoirmigh ó Bhallstát go chéile. ***Ba cheart don Choimisiún tacú leis na Ballstáit sa chur chun feidhme aonfhoirmeach trí threoirlínte a ghlacadh. Ba cheart go n-áireofaí sna treoirlínte sin an prionsabal maidir le pobail áitiúla ina ndearnadh an díobháil a chúiteamh mar thosaíocht. Ba cheart do na Ballstáit forálacha Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a urramú, go háirithe an prionsabal ne bis in idem agus prionsabal na comhréireachta.*** Ba cheart Treoir 2008/99/CE maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil a chur san áireamh i gcás inar cion laistigh de raon feidhme Threoir 2008/99/CE é sárú a bhraitear faoin Treoir seo.

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) I gcás ina ndearnadh dochar do shláinte an duine de dheasca sárú ar bhearta náisiúnta arna nglacadh de bhun Threoir 2010/75/AE, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na daoine aonair a ndéantar difear dóibh in ann cúiteamh maidir leis an dochar sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ó na húdaráis inniúla ábhartha atá | (32) I gcás ina ndearnadh dochar do shláinte an duine de dheasca sárú ar bhearta náisiúnta arna nglacadh de bhun Threoir 2010/75/AE, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na daoine aonair a ndéantar difear dóibh in ann cúiteamh maidir leis an dochar sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhartha agus, i gcás inarb iomchuí, ó na húdaráis inniúla ábhartha atá |

| | |
|---|---|
| freagrach as an sárú. Leis na rialacha sin maidir le cúiteamh, rannchuidítear leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 191 CFAE a shaothrú, maidir le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus sláinte an duine a chosaint. Ina theannta sin, cuireann siad bonn taca faoin gceart chun na beatha, chun sláine an duine agus chun cúraim sláinte a leagtar síos in Airteagail 2, 3 agus 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin gceart chun leighis éifeachtaigh mar a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt. Thairis sin, ní thugtar le Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ceart cúitimh do pháirtithe príobháideacha de thoradh ar dhamáiste don chomhshaol ná de thoradh ar gharbhagairt damáiste den sórt sin. | freagrach as an sárú ***i gcás ina raibh cinneadh, gníomh nó neamhghníomh a rinne údarás ina chúis leis an dochar nó inar rannchuidigh sé leis an dochar***. Leis na rialacha sin maidir le cúiteamh, rannchuidítear leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 191 CFAE a shaothrú, maidir le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú agus sláinte an duine a chosaint. Ina theannta sin, cuireann siad bonn taca faoin gceart chun na beatha, chun sláine an duine agus chun cúraim sláinte a leagtar síos in Airteagail 2, 3 agus 35 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus faoin gceart chun leighis éifeachtaigh mar a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt. Thairis sin, ní thugtar le Treoir 2004/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ceart cúitimh do pháirtithe príobháideacha de thoradh ar dhamáiste don chomhshaol ná de thoradh ar gharbhagairt damáiste den sórt sin. |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 32 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás imthosca eisceachtúla amhail paindéim COVID-19 nó cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, i gcás ina gcuirtear isteach go leanúnach ar shuiteáil i soláthar amhábhar nó breoslaí nó ina gcuirtear isteach ar ghnéithe de theicníc laghdaithe astaíochtaí mar gheall ar force majeure, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach teorainnluachanna feidhmíochta astaíochtaí nó feidhmíochta comhshaoil nach bhfuil chomh dian céanna a shocrú go sealadach, agus cosaint fhoriomlán an chomhshaoil á háirithiú ag an am céanna.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Is iomchuí, dá bhrí sin, go dtabharfaí aghaidh le Treoir 2010/75/AE ar an gceart le haghaidh cúiteamh de dheasca damáistí a bhain do dhaoine aonair. Chun a áirithiú go mbeidh daoine aonair in ann a gcearta a chosaint in aghaidh dochar don tsláinte de dheasca sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, agus ar an bealach sin forfheidhmiú níos éifeachtúla na Treorach sin a áirithiú, ba cheart a thabhairt de chumhacht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, lena n-áirítear na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint tomhaltóirí chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, mar bhaill den phobal lena mbaineann, páirt a ghlacadh in imeachtaí, de réir mar a chinnfidh na Ballstáit, thar ceann aon íospartaigh nó chun tacú leis, gan dochar do rialacha náisiúnta nós imeachta maidir le hionadaíocht agus cosaint os comhair na gcúirteanna. De ghnáth, bíonn neamhspleáchas nós imeachta ag na Ballstáit chun leigheas éifeachtach in aghaidh sáruithe ar dhlí an Aontais a áirithiú, faoi réir urramú phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta. Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil sé deacair d'íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, faoi na rialacha nós imeachta maidir leis an dualgas cruthúnais is infheidhme go ginearálta sna Ballstáit, nasc cúisíoch idir an dochar a fulaingíodh agus an sárú a léiriú, cé go bhfuil an-mhórán fianaise eipidéimeolaíche ann maidir leis na tionchair dhiúltacha sláinte ar an daonra de dheasca truaillithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haer. Dá thoradh sin, i bhformhór na gcásanna, ní bhíonn bealach éifeachtach ag íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE cúiteamh a fháil as an | (33) Is iomchuí, dá bhrí sin, go dtabharfaí aghaidh le Treoir 2010/75/AE ar an gceart le haghaidh cúiteamh de dheasca damáistí a bhain do dhaoine aonair. Chun a áirithiú go mbeidh daoine aonair in ann a gcearta a chosaint in aghaidh dochar don tsláinte de dheasca sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, agus ar an bealach sin forfheidhmiú níos éifeachtúla na Treorach sin a áirithiú, ba cheart a thabhairt de chumhacht d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, lena n-áirítear na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint tomhaltóirí chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, mar bhaill den phobal lena mbaineann, páirt a ghlacadh in imeachtaí, de réir mar a chinnfidh na Ballstáit, thar ceann aon íospartaigh nó chun tacú leis, gan dochar do rialacha náisiúnta nós imeachta maidir le hionadaíocht agus cosaint os comhair na gcúirteanna. Bíonn neamhspleáchas nós imeachta ag na Ballstáit chun leigheas éifeachtach in aghaidh sáruithe ar dhlí an Aontais a áirithiú, faoi réir urramú phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta. Is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil sé deacair d'íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, faoi na rialacha nós imeachta nasc cúisíoch idir an dochar a fulaingíodh agus an sárú a léiriú, cé go bhfuil an-mhórán fianaise eipidéimeolaíche ann maidir leis na tionchair dhiúltacha sláinte ar an daonra de dheasca truaillithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haer. Dá thoradh sin, i bhformhór na gcásanna, ní bhíonn bealach éifeachtach ag íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE cúiteamh a fháil as an dochar arb iad na sáruithe sin is cúis leis. Chun cearta daoine aonair a neartú chun cúiteamh a fháil as sáruithe ar |

| | |
|---|---|
| dochar arb iad na sáruithe sin is cúis leis. Chun cearta daoine aonair a neartú chun cúiteamh a fháil as sáruithe ar Threoir 2010/75/AE agus chun rannchuidiú le forfheidhmiú níos éifeachtúla a ceanglas ar fud an Aontais, is gá an dualgas cruthúnais is infheidhme maidir le cásanna den sórt sin a oiriúnú. Dá bhrí sin, nuair atá duine aonair in ann fianaise sách láidir a chur ar fáil as a dtagann toimhde gurb é an sárú ar Threoir 2010/75/AE is bunús leis an dochar a rinneadh do shláinte duine aonair, nó gur chuir sé go mór leis, ba cheart don chosantóir an toimhde sin a bhréagnú chun a dhliteanas a sheachaint. | Threoir 2010/75/AE agus chun rannchuidiú le forfheidhmiú níos éifeachtúla a ceanglas ar fud an Aontais, is gá ***reachtaíocht náisiúnta ar thoimhdí infhrisnéise*** is infheidhme maidir le cásanna den sórt sin a oiriúnú. ***Is sásra comhchoiteann iad toimhdí infhrisnéise chun deacrachtaí fianaiseacha an éilitheora a mhaolú, agus cearta an chosantóra á gcaomhnú ag an am céanna. Níl toimhdí infhrisnéise infheidhme ach amháin ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Chun cionroinnt chothrom an riosca a choinneáil, agus chun aisiompú an dualgais cruthúnais a sheachaint, ba cheart a cheangal ar éilitheoir*** fianaise ***atá ábhartha go leor a léiriú, lena n-áirítear sonraí eolaíocha***, as a n-eascraíonn toimhde go raibh an sárú ina chúis leis an damáiste nó gur chuidigh sé leis ***an damáiste***. ***I bhfianaise na ndúshlán fianaiseach atá os comhair daoine gortaithe, go háirithe i gcásanna casta, bhainfí amach leis an sásra toimhde infhrisnéise cothromaíocht chóir don duine aonair atá thíos le damáiste dá sláinte, don tionscal agus, i gcás inarb iomchuí, don údarás. Ba cheart é a bheith indéanta freisin sonraí eolaíocha ábhartha a úsáid, gan beann ar iad a bheith foilsithe ar an Tairseach, mar fhianaise i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. I gcás nach bhfuil sonraí eolaíocha ábhartha den sórt sin ar fáil, ba cheart go bhféadfaí fianaise eile a úsáid chun tacú leis an maíomh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.*** |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Léiríodh le cur chun feidhme Threoir 2010/75/AE éagsúlacht ina cur i bhfeidhm ó Bhallstát go chéile maidir le cumhdach na suiteálacha le haghaidh táirgí | (35) Léiríodh le cur chun feidhme Threoir 2010/75/AE éagsúlacht ina cur i bhfeidhm ó Bhallstát go chéile maidir le cumhdach na suiteálacha le haghaidh táirgí |

| | |
|---|---|
| ceirmeacha a mhonarú trí bhácáil, mar bhí na Ballstáit in ann, de dheasca fhoclaíocht shainmhíniú na gníomhaíochta sin, a chinneadh an gcuirfidís ceann amháin den dá chritéar maidir le hacmhainneacht táirgeachta agus le toilleadh áithe i bhfeidhm nó an gcuirfidís an dá cheann díobh i bhfeidhm. D’fhonn cur chun feidhme níos comhsheasmhaí na Treorach sin agus cothrom na hiomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart suiteálacha den sórt sin a áireamh i raon feidhme na Treorach sin aon uair a chomhlíontar aon cheann den dá chritéar sin. | ceirmeacha a mhonarú trí bhácáil, mar bhí na Ballstáit in ann, de dheasca fhoclaíocht shainmhíniú na gníomhaíochta sin, a chinneadh an gcuirfidís ceann amháin den dá chritéar maidir le hacmhainneacht táirgeachta agus le toilleadh áithe i bhfeidhm nó an gcuirfidís an dá cheann díobh i bhfeidhm. D’fhonn cur chun feidhme níos comhsheasmhaí na Treorach sin, ***chomh maith le comhlíonadh Threoir 2003/87/CE***, agus cothrom na hiomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais, ***ba cheart critéir shoiléire gan débhrí a leagan síos maidir le monaraíocht ar scála tionsclaíoch táirgí ceirmeacha trí scaoileadh*** laistigh de raon feidhme ***Threoir 2010/75/AE. Ba cheart go gcomhfhreagródh critéir den sórt sin do na critéir a leagtar síos i*** dTreoir ***2003/87/CE.*** |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Agus teorainnluachanna astaíochta maidir le substaintí truailliúcháin á socrú, ba cheart don údarás inniúil breithniú a dhéanamh ar gach substaint, lena n-áirítear substaintí a bhfuil imní fúthu ag teacht chun cinn, ar substaintí iad a d’fhéadfaí a astú ón tsuiteáil lena mbaineann agus a d’fhéadfadh tionchar nach beag a bheith acu ar an gcomhshaol nó ar shláinte an duine. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart go mbreithneofaí saintréithe guaise, cainníocht agus cineál na substaintí a astaítear agus a n-acmhainneacht aon mheán comhshaoil a thruailliú. Is iad conclúidí BAT, i gcás inarb ábhartha, an pointe tagartha chun na substaintí a bhfuil teorainnluachanna astaíochta le socrú maidir leo a roghnú, cé go bhféadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh substaintí breise a roghnú. Faoi láthair, liostaítear substaintí truailliúcháin aonair ar bhealach | (36) Agus teorainnluachanna astaíochta maidir le substaintí truailliúcháin á socrú, ba cheart don údarás inniúil breithniú a dhéanamh ar gach substaint, lena n-áirítear substaintí a bhfuil imní fúthu ag teacht chun cinn, ar substaintí iad a d’fhéadfaí a astú ón tsuiteáil lena mbaineann ***isteach san aer, san ithir, san uisce dromchla nó sa screamhuisce*** agus a d’fhéadfadh tionchar nach beag a bheith acu ar an gcomhshaol nó ar shláinte an duine. Agus an méid sin á dhéanamh, ba cheart go mbreithneofaí saintréithe guaise, cainníocht agus cineál na substaintí a astaítear agus a n-acmhainneacht aon mheán comhshaoil a thruailliú ***chomh maith le luaineachtaí comhshaoil séasúracha, ar cheart iad a chur san áireamh freisin***. Is iad conclúidí BAT, i gcás inarb ábhartha, an pointe tagartha chun na substaintí a bhfuil |

neamh-uileghabhálach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2010/75/AE; rud nach bhfuil comhoiriúnach le cur chuige iomlánaíoch na Treorach sin agus rud nach léirítear leis an gá go gcuireann na húdaráis inniúla na substaintí truailliúcháin ábhartha uile san áireamh, lena n-áirítear substaintí a bhfuil imní fúthu ag teacht chun cinn. Ba cheart, dá bhrí sin, an liosta neamh-uileghabhálach substaintí truailliúcháin a scriosadh. Ina ionad sin, ba cheart tagairt a dhéanamh don liosta truailleán in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006.

Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).

teorainnluachanna astaíochta le socrú maidir leo a roghnú, cé go bhféadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh substaintí breise a roghnú. Faoi láthair, liostaítear substaintí truailliúcháin aonair ar bhealach neamh-uileghabhálach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2010/75/AE; rud nach bhfuil comhoiriúnach le cur chuige iomlánaíoch na Treorach sin agus rud nach léirítear leis an gá go gcuireann na húdaráis inniúla na substaintí truailliúcháin ábhartha uile san áireamh, lena n-áirítear substaintí a bhfuil imní fúthu ag teacht chun cinn. Ba cheart, dá bhrí sin, an liosta neamh-uileghabhálach substaintí truailliúcháin a scriosadh. Ina ionad sin, ba cheart tagairt a dhéanamh don liosta truailleán in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006[79].

[79] Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Cé go n-áirítear láithreáin líonta talún i raon feidhme Threoir 2010/75/AE, níl aon chonclúid BAT ann maidir le líonadh talún ós rud é go dtagann an ghníomhaíocht sin faoi raon feidhme Threoir 1999/31/CE ón gComhairle agus go meastar gur BAT iad ceanglais na Treorach deiridh sin. De bharr na bhforbairtí teicniúla agus na nuálaíochta a tharla ó glacadh Treoir 1999/31/CE, tá teicnící níos éifeachtaí ar fáil anois chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Trí chonclúidí BAT a ghlacadh faoi Threoir 2010/75/AE, bheifí in ann aghaidh a thabhairt ar na | (37) Cé go n-áirítear láithreáin líonta talún i raon feidhme Threoir 2010/75/AE, níl aon chonclúid BAT ann maidir le líonadh talún ós rud é go dtagann an ghníomhaíocht sin faoi raon feidhme Threoir 1999/31/CE ón gComhairle[80] agus go meastar gur BAT iad ceanglais na Treorach deiridh sin. De bharr na bhforbairtí teicniúla agus na nuálaíochta a tharla ó glacadh Treoir 1999/31/CE, tá teicnící níos éifeachtaí ar fáil anois chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Trí chonclúidí BAT a ghlacadh faoi Threoir 2010/75/AE, bheifí in ann aghaidh a thabhairt ar na |

| | |
|---|---|
| príomhcheisteanna comhshaoil a bhaineann le láithreáin líonta talún a oibriú, lena n-áirítear astaíochtaí nach beag meatáin. Ba cheart, dá bhrí sin, go gceadófaí le Treoir 1999/31/CE conclúidí BAT maidir le láithreáin líonta talún a ghlacadh faoi Threoir 2010/75/AE. | príomhcheisteanna comhshaoil a bhaineann le láithreáin líonta talún a oibriú, lena n-áirítear astaíochtaí nach beag meatáin. Ba cheart, dá bhrí sin, go gceadófaí le Treoir 1999/31/CE conclúidí BAT maidir le láithreáin líonta talún a ghlacadh faoi Threoir 2010/75/AE. ***Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 2010/75/AE agus 1999/31/CE a leasú dá réir.*** |
| Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1). | [80] Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1). |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(38) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha 2010/75/AE agus 1999/31/CE a leasú dá réir.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 38 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Measann na tionscail lena mbaineann go bhfuil na nósanna imeachta faoi Threoir 2010/75/AE rófhada agus go gcruthaíonn siad éiginneacht den chuid is mó don chuid den phobal lena mbaineann, lena n-áirítear ullmhú BAT agus nósanna imeachta náisiúnta um chead, mar gheall ar easpa acmhainneachta riaracháin. I ndáil leis sin, is dúshlán suntasach é an leathnú suntasach ar raon feidhme Threoir 2010/75/AE don Choimisiún, don Fhóram faoi Airteagal 13 agus, go háirithe, do na húdaráis inniúla náisiúnta. Ba cheart don Choimisiún plean gníomhaíochta a thíolacadh chun*** |

***acmhainneacht riaracháin a fheabhsú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí dlús a chur leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear faoin Treoir, go háirithe do theicneolaíochtaí cumasúcháin. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún cúnamh teicniúil a sholáthar do na Ballstáit chun na nósanna imeachta reachtacha agus teicniúla nua a chomhlíonadh, amhail trí bhíthin uirlis dhigiteach aonfhoirmeach chun iarratas a dhéanamh ar cheadanna.***

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 38 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ó theacht i bhfeidhm an ghnímh leasaithigh seo, ba cheart do na Ballstáit bearta leordhóthanacha a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na húdaráis inniúla in ann déileáil leis an ualach oibre méadaithe a bhaineann le Treoir 2010/75/AE a chur chun feidhme arna leasú leis an Treoir seo agus próiseas ceadaithe atá éifeachtúil agus rianúil a áirithiú, go háirithe i gcás ceadanna meara do shuiteálacha a chuireann isteach ar theicnící atá ag teacht chun cinn, agus ar an gcaoi sin an éiginnteacht do ghnólachtaí a laghdú a mhéid is féidir agus tacú leis an aistriú chuig tionscal glan, ciorclach agus neodrach ó thaobh na haeráide de, agus sláinte agus cearta an phobail lena mbaineann á gcoimirciú ag an am céanna.*** |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 1 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Leagtar síos léi freisin rialacha atá ceaptha cosc a chur ar astaíochtaí isteach san aer, san uisce nó sa talamh, nó i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, na hastaíochtaí sin a laghdú, agus cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola, chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a bhaint amach.’. | Leagtar síos léi freisin rialacha atá ceaptha cosc a chur ar astaíochtaí isteach san aer, san uisce nó sa talamh, nó i gcás nach bhfuil sé sin indéanta, na hastaíochtaí sin a laghdú ***go leanúnach***, agus cosc a chur ar ghiniúint dramhaíola, chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a bhaint amach.’. |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 1 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ina theannta sin, leagtar síos ann rialacha atá ceaptha éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú chun úsáid uisce, fuinnimh agus amhábhar a laghdú.*** |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:*** |
| (2) substaintí, creathadh, teas, torann nó truailleáin eile a thabhairt isteach, go díreach nó go hindíreach, mar thoradh ar ghníomhaíocht an duine, san aer, san uisce nó sa talamh, ar substaintí, creathadh, teas, torann nó truailleáin eile iad a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do shláinte an duine nó do cháilíocht an chomhshaoil, a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do mhaoin ábhartha, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thaitneamhachtaí agus d'úsáidí dlisteanacha eile a bhaintear as an | "(2) ciallaíonn ‘truailliú’ substaintí, creathanna, teas nó torann, mar thoradh ar ghníomhaíocht an duine, a thabhairt isteach go díreach nó go hindíreach san aer, san uisce nó sa talamh, ar substaintí, creathanna, teas, torann ***nó bolaithe (‘truailliú boltanach’)*** iad a d’fhéadfadh a bheith díobhálach do shláinte an duine nó do cháilíocht an chomhshaoil, a bhféadfadh damáiste do maoin ábharach a bheith mar thoradh orthu, nó a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do thaitneamhachtaí agus |

| | |
|---|---|
| gcomhshaol nó cur isteach orthu; | d'úsáidí dlisteanacha eile a bhaintear as an gcomhshaol nó cur isteach orthu; |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*** |
| | ***(2a) ciallaíonn 'truailliú boltanach' truailliú arna tháirgeadh ag astaíochtaí gásacha san atmaisféar a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le gortuithe do dhaoine a bhfuil cónaí orthu i ngaireacht don tsuiteáil, nó le breoiteachta nó tinneas suntasach ar na daoine sin.*** |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*** |
| | ***(5a) ciallaíonn 'teorainnluach feidhmíochta comhshaoil' an luach táscach feidhmíochta comhshaoil laistigh de raon ceangailteach na leibhéal feidhmíochta comhshaoil, lena n-áirítear leibhéil tomhaltais, leibhéil éifeachtúlachta acmhainní lena gcumhdaítear ábhair, uisce agus acmhainní fuinnimh, dramhaíl, agus leibhéil eile a fhaightear faoi dhálaí tagartha sonraithe, i gcás nach bhféadfar an raon a shárú le linn tréimhse ama*** |

| | |
|---|---|
| | ***amháin nó níos mó.*** |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a c (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 9

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ac) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9:*** |
| (9) ciallaíonn 'athrú substaintiúil' athrú ar chineál nó ar fheidhmiú suiteála nó gléasra dócháin, gléasra loiscthe dramhaíola nó gléasra comhloiscthe dramhaíola, nó leathnú orthu, ar athrú nó leathnú é a bhféadfadh éifeachtaí diúltacha suntasacha a bheith aige ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol; | "(9) ciallaíonn 'athrú substaintiúil' athrú ar chineál nó ar fheidhmiú suiteála nó gléasra dócháin, gléasra loiscthe dramhaíola nó gléasra comhloiscthe dramhaíola, ***nó leathnú orthu nó leathnú ar thréimhse a gceadanna***, ar athrú nó leathnú é a bhféadfadh éifeachtaí diúltacha suntasacha a bheith aige ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol; |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a d (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 10 – pointe b and c

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ad) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe b agus phointe c de mhír 10:*** |
| ***(b)*** ciallaíonn 'na teicnící atá ar fáil' na teicnící sin a fhorbraítear ar scála lena gceadaítear cur chun feidhme san earnáil tionsclaíochta ábhartha, faoi dhálaí atá inmharthana go heacnamaíoch agus go teicniúil, agus na costais agus na buntáistí á gcur san áireamh, cé acu atá nó nach bhfuil na teicnící sin á n-úsáid nó á dtáirgeadh sa Bhallstát i gceist, ar choinníoll go bhfuil siad inrochtana go réasúnta ag an oibreoir. | ***(b)***ciallaíonn 'na teicnící atá ar fáil' na teicnící sin a fhorbraítear ar scála lena gceadaítear cur chun feidhme san earnáil thionsclaíoch ábhartha, faoi dhálaí atá inmharthana go heacnamaíoch agus go teicniúil, agus na costais agus na buntáistí á gcur san áireamh, bíodh na teicnící sin á n-úsáid nó á dtáirgeadh san ***Aontas*** nó ná bíodh, ar choinníoll go bhfuil siad inrochtana go réasúnta ag an oibreoir; |

| | |
|---|---|
| ciallaíonn 'is fearr' na cinn is éifeachtaí chun leibhéal ginearálta ard cosanta an chomhshaoil ina iomláine a ghnóthú. | (c) ciallaíonn 'is fearr' na cinn is éifeachtaí chun leibhéal ginearálta ard cosanta an chomhshaoil ina iomláine a ghnóthú***, lena n-áirítear sláinte an duine agus cosaint an chomhshaoil***; |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe b**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 12

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) ciallaíonn 'conclúidí BAT' doiciméad ina bhfuil codanna de dhoiciméad tagartha BAT lena leagtar síos na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, tuairisc orthu, faisnéis maidir lena n-infheidhmeacht a mheasúnú, na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, an t-íosmhéid inneachair a bheidh i gcóras bainistíochta comhshaoil lena n-áirítear tagarmharcanna a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, an faireachán bainteach, na leibhéil tomhaltais bhainteacha agus, i gcás inarb iomchuí, bearta ábhartha feabhsúcháin láithreáin; | (12) ciallaíonn 'conclúidí BAT' doiciméad ina bhfuil codanna de dhoiciméad tagartha BAT lena leagtar síos na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, tuairisc orthu, faisnéis maidir lena n-infheidhmeacht a mheasúnú, na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, an t-íosmhéid inneachair a bheidh i gcóras bainistíochta comhshaoil lena n-áirítear tagarmharcanna a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, ***na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na teicnící atá ag teacht chun cinn, na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis an teicnící atá ag teacht chun cinn,*** an faireachán bainteach, na leibhéil tomhaltais bhainteacha agus, i gcás inarb iomchuí, bearta ábhartha feabhsúcháin láithreáin; |

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (13a) ciallaíonn 'leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil' an raon leibhéal feidhmíochta comhshaoil, seachas leibhéil astaíochta, a fhaightear faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin agus úsáid á baint as BAT nó as teaglaim BAT;'. | (13a) ciallaíonn 'leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil' raon ***ceangailteach*** na leibhéal feidhmíochta comhshaoil ***le haghaidh suiteálacha laistigh de na gníomhaíochtaí earnála céanna agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, amhail iompróirí fuinnimh, amhábhair, aonaid táirgthe agus táirgí deiridh, nuair atá na sonraí a chuirtear ar fáil sa mhalartú faisnéise a thacaíonn le cinneadh BAT láidir go leor ar fud an Aontais, lena n-áireofar leibhéil tomhaltais agus éifeachtúlachta acmhainní, i gcás Conclúidí BAT tar éis na chéad chonclúide tar éis [cuir isteach an dáta deiridh chun an Treoir leasaitheach seo a thrasuí], leibhéil athúsáide le haghaidh uisce, fuinnimh agus amhábhar,*** seachas leibhéil astaíochtaí, a fhaightear faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin agus úsáid á baint as BAT nó teaglaim BATnna ***mar a thuairiscítear i gconclúidí BAT, arna sloinneadh mar mheán thar thréimhse áirithe ama faoi dhálaí tagartha sonraithe***; |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 13 a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | Leasú |
|---|---|
| | ***(ca) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*** |
| | ***ciallaíonn "Gléasra Cóireála Fuíolluisce Tionsclaíoch" gléasra cóireála fuíolluisce a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE;*** |

**Leasú 50**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c b (nua)**
Treoir 2010/75/AE

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 13 a b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*** |
| | ***ciallaíonn "Gléasra Cóireála Fuíolluisce Uirbeach" gléasra cóireála fuíolluisce a chumhdaítear le Treoir 91/271/CEE;*** |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe c c (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 14

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 14:*** |
| (14) ciallaíonn 'teicníc atá ag teacht chun cinn' teicníc núíosach do ghníomhaíocht thionsclaíoch a d'fhéadfadh, dá ndéanfaí é a fhorbairt ó thaobh na tráchtála de, leibhéal ginearálta níos airde de chosaint an chomhshaoil a sholáthar, nó ar a laghad an leibhéal céanna de chosaint an chomhshaoil a sholáthar agus níos mó coigiltis a bhaint amach ó thaobh costais de ná na teicnící is fearr atá ar fáil faoi láthair; | "(14) ciallaíonn 'teicníc atá ag teacht chun cinn' teicníc núíosach do ghníomhaíocht thionsclaíoch a d'fhéadfadh, dá ndéanfaí é a fhorbairt ó thaobh na tráchtála de, leibhéal ginearálta níos airde de chosaint an chomhshaoil ***agus de chosaint shláinte an duine*** a sholáthar, nó ar a laghad an leibhéal céanna de chosaint ***shláinte an duine agus chosaint*** an chomhshaoil a sholáthar agus níos mó coigiltis a bhaint amach ó thaobh costais de ná na teicnící is fearr atá ar fáil faoi láthair; |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe d a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (23):*** |
| (23) ciallaíonn 'éanlaith chlóis' éanlaith chlóis mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Airteagal 2 de Threoir 90/539/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1990 i dtaca le sláinte ainmhithe, lena rialaítear trádáil in éanlaith chlóis agus uibheacha goir laistigh den Chomhphobal agus allmhairí díobh ó thríú tíortha* | '(23) ciallaíonn 'éanlaith chlóis' éanlaithe chlóis mar a shainmhínítear in ***Airteagal 4, pointe (9), de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le galair ainmhithe in-tarchurtha*;*** |
| ___________________ | ___________________ |
| **** IO L 303, 31.10.1990, lch. 6.*** | ****IO L 084, 31.3.2016, lch. 1.*** |

**Leasú 53**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe e**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 13 c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ciallaíonn 'rialacha oibriúcháin' na rialacha maidir le clárúcháin nó a áirítear i gceadanna nó rialacha ceangailteacha ginearálta maidir le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia a chlárú nó oibriú na ngníomhaíochtaí sin a cheadú, ina bhfuil na teorainnluachanna astaíochta, na teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil, ceanglais faireacháin ghaolmhara, agus, i gcás inarb ábhartha, cleachtais ábhartha maidir le leathadh talún, cleachtais maidir le cosc agus maolú ar thruailliú, bainistiú cothaithe, ullmhú beatha, tithíocht, bainistiú aoiligh (bailiú, stóráil, próiseáil, leathadh talún) agus stóráil ainmhithe marbha, atá comhsheasmhach le húsáid na dteicnící is fearr atá ar fáil agus le bearta ábhartha eile atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn III.*** |

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe e**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 13 c b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***tagraíonn 'feirmeoireacht fhairsing' do chineál tógála ainmhithe arb iad is sainairíonna leibhéil ísle ionchuir in aghaidh an aonaid limistéir talún, bunaithe ar chleachtais fhairsinge, ag a bhfuil dlús aonaid beostoic cothrom le nó níos lú ná 2.0 LSU in aghaidh an heicteáir (dlús LSU/ha) a úsáidtear le haghaidh innilte, nó bunaithe ar chleachtais feirmeoireachta a dheimhnítear i gcomhréir le Treoir 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha, a bhfuil dlús aonaid beostoic cothrom le nó níos lú ná 2.0 LSU in aghaidh an heicteáir (dlús LSU/ha) a úsáidtear le haghaidh innilte nó sealgaireacht, nó cleachtais tógála ina bhfuil beostoc faoi réir cleachtais buailteachais de 180 lá ar a laghad in aghaidh na bliana nó de réir mar a cheadaíonn dálaí aeráide ar leith i ndálaí aeráide ar leith.*** |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 48

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(48) ciallaíonn 'mianraí tionsclaíocha' mianraí a úsáidtear in earnáil na tionsclaíochta chun táirgí críochnaithe nó leathchríochnaithe a tháirgeadh, cé is moite do mhianta miotaltáirgeacha, mianraí fuinnimh, mianraí foirgníochta agus clocha lómhara;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 49

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(49) ciallaíonn 'mianta miotaltáirgeacha' mianta a thugann miotail nó substaintí miotalacha;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 50

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) ciallaíonn 'leibhéil astaíochta a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn' an raon leibhéal astaíochta a fhaightear faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin agus úsáid á baint as teicníc atá ag teacht chun cinn nó as teaglaim teicnící atá ag teacht chun cinn, arna sloinneadh mar mheán maidir le tréimhse áirithe ama, faoi choinníollacha tagartha sonraithe; | (50) ciallaíonn 'leibhéil astaíochta a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn' an raon leibhéal astaíochta a bhfuiltear ag súil leis a fhaightear faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin agus úsáid á baint as teicníc atá ag teacht chun cinn nó as teaglaim teicnící atá ag teacht chun cinn, ***mar a thuairiscítear i gconclúidí BAT,*** arna sloinneadh mar mheán maidir le tréimhse áirithe ama, faoi choinníollacha tagartha sonraithe; |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 51

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) ciallaíonn 'leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn' an raon leibhéal feidhmíochta comhshaoil, seachas leibhéil astaíochta, a fhaightear faoi | (51) ciallaíonn 'leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn' raon ***táscach*** na leibhéal feidhmíochta comhshaoil, seachas leibhéil astaíochtaí, l***ena n-áirítear leibhéil*** |

| | |
|---|---|
| ghnáthchoinníollacha oibriúcháin agus úsáid á baint as teicníc atá ag teacht chun cinn nó as teaglaim teicnící atá ag teacht chun cinn; | ***tomhaltais ábhar, uisce agus fuinnimh***, a fhaightear faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin agus úsáid á baint as teicníc atá ag teacht chun cinn nó as teaglaim de theicnící atá ag teacht chun cinn, ***le haghaidh suiteálacha laistigh de na gníomhaíochtaí earnálacha céanna agus a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, amhail iompróirí fuinnimh, amhábhair, aonaid táirgthe agus táirgí deiridh, arna sloinneadh mar mheán thar thréimhse áirithe ama, faoi choinníollacha tagartha sonraithe;*** |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 53 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) leibhéil tomhaltais; | (a) leibhéil tomhaltais ***fuinnimh agus uisce***; |

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 53 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) leibhéil éifeachtúlachta acmhainní agus leibhéil athúsáide acmhainní lena gcumhdaítear ábhair, uisce agus acmhainní fuinnimh; | (b) leibhéil éifeachtúlachta ***uisce, fuinnimh agus amhábhar;*** leibhéil athúsáide ***uisce, fuinnimh agus amhábhar;*** |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 53 – pointe f

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) leibhéil dramhaíola agus leibhéil | (e) dramhaíl agus leibhéil eile a |

| | |
|---|---|
| eile a fhaightear faoi choinníollacha tagartha sonraithe.'. | fhaightear faoi dhálaí tagartha sonraithe ***mar a thuairiscítear i gconclúidí BAT, arna sloinneadh mar mheán thar thréimhse áirithe ama.*** |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 62**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 53 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ciallaíonn "córas athúsáide uisce" an bonneagar agus na heilimintí teicniúla eile atá riachtanach chun uisce athshlánaithe a tháirgeadh, a sholáthar agus a úsáid; is éard atá ann na heilimintí go léir ó thúsphointe an phróisis táirgthe go dtí an pointe ina n-úsáidtear uisce athshlánaithe, lena n-áirítear bonneagar dáileacháin agus stórála, i gcás inarb ábhartha;*** |

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 53 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ciallaíonn 'uisce athshlánaithe' uisce a athshlánaíodh ó úsáidí roimhe seo agus a athúsáidtear chun críche tairbhiúla éagsúla;*** |

**Leasú 64**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe f**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 53 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ciallaíonn 'athúsáid uisce' an próiseas trína ndéantar uisce a athshlánú ó úsáid roimhe seo agus a thiontú trí chóras athúsáide uisce go huisce is féidir a athúsáid chun críoch éagsúil.*** |

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Cuirtear an tAirteagal 3a seo a leanas isteach:*** |
| | ***Airteagal 3 a*** |
| | ***Faisnéis ghnó rúnda*** |
| | ***1. I gcomhréir le Treoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis ar an gcomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/313/CEE ón gComhairle agus le Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ní chuirfear ar fáil go poiblí ach faisnéis neamhrúnda faoi fhorálacha na Treorach seo.*** |
| | ***2. Gan beann ar cé a fhoilsíonn an fhaisnéis, áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar deis do na hoibreoirí a iarraidh ar bhealach comhréireach go ndéileálfaidh an t-údarás inniúil leis na heilimintí ábhartha ar bhealach rúnda agus laistigh de thréimhse réasúnta atá sainithe go soiléir. Féadfar faisnéis a fholú, nó murar féidir sin a dhéanamh, féadfar í a eisiamh i gcás faisnéise rúnda gnó.*** |
| | ***3. Tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis iarraidh arna déanamh de bhun mhír 2, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an iarraidh agus tabharfaidh*** |

| | |
|---|---|
| | ***sé fógra don oibreoir faoina chinneadh. Mura dtiocfar ar chomhaontú, féadfaidh an t-oibreoir agóid a dhéanamh i gcoinne an chinnidh in údarás breithiúnach nó riaracháin inniúil an Bhallstáit tráth nach déanaí ná mí amháin tar éis chinneadh an údaráis inniúil.*** |
| | ***4. Má iarrann an t-oibreoir go gcaithfí go rúnda leis, ní chuirfidh an t-údarás inniúil foilsiú na n-eilimintí atá á gconspóid ar fionraí ach amháin go dtí go dtiocfar ar chomhaontú leis na húdaráis inniúla nó go dtí go ndéanfaidh údarás inniúil riaracháin nó breithiúnach an Bhallstáit cinneadh críochnaitheach.*** |

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 5 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh coinníollacha an cheada, agus na nósanna imeachta do dheonú an cheada, comhordaithe go hiomlán i gcás ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin nó níos mó ná oibreoir amháin i gceist nó i gcás ina ndéantar níos mó ná cead amháin a dheonú, chun a ráthú go dtabharfaidh na húdaráis go léir atá inniúil don nós imeachta sin faoi chur chuige comhtháite éifeachtach. | "2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh coinníollacha an cheada, agus na nósanna imeachta do dheonú an cheada, comhordaithe go hiomlán i gcás ina bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin nó níos mó ná oibreoir amháin i gceist nó i gcás ina ndéantar níos mó ná cead amháin a dheonú**.** Chun cur chuige comhtháite éifeachtach ó na húdaráis go léir atá inniúil don nós imeachta seo a ráthú, ***cuirfear córas leictreonach um cheadú i bhfeidhm."*** |

*(32010L0075)*

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2010/75/AE

Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) forbhreathnú ar phríomhchoinníollacha an cheada; | (a) forléargas ar na príomhchoinníollacha ceada, ***lena n-áirítear ceanglais maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí;*** |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An fhormáid atá le húsáid le haghaidh na hachoimre dá dtagraítear sa dara fomhír, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun í a leagan síos. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2).’. | ***Faoin 31 Nollaig 2024,*** maidir leis an bhformáid atá le húsáid le haghaidh na hachoimre dá dtagraítear sa dara fomhír, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun í a leagan síos ***agus treoirlínte maidir le foilsiú na gceadanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír***. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2). |

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 5 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Faoin 31 Nollaig 2024, cuirfidh na Ballstáit measúnú faoi bhráid an Choimisiúin ar na bearta is gá de bharr na n-athruithe ar an Treoir seo, lena n-áirítear prognóis agus meastacháin ar ualach oibre fabhraithe na n-údarás inniúil chun a áirithiú go bhfuil acmhainneacht chuí riaracháin acu chun próiseas ceadaithe tráthúil, éifeachtúil*** |

***agus rianúil a chur ar fáil.***

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 5 – mír 4 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Gan dochar do dhlí ábhartha eile de chuid an Aontais, áiritheoidh na Ballstáit nach faide ná 18 mí an próiseas chun ceadanna meara a dheonú do shuiteálacha a chuireann teicníc atá ag teacht chun cinn i bhfeidhm agus a bhaineann le príomhghníomhaíocht na suiteála i gcomhréir le hAirteagal 27c, ach amháin má thagann imthosca eisceachtúla chun cinn.*** |
| | ***Más gá síneadh suas le sé mhí a chur leis, cuirfidh an Ballstát an t-oibreoir ar an eolas faoi na himthosca eisceachtúla a thugann údar leis an síneadh sin.*** |
| | ***Cuirfidh na húdaráis inniúla próiseáil na n-iarratas ar chead i gcrích tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis iad a fháil.*** |
| | ***Laistigh de 90 lá ón tráth a dtíolacfaidh an t-iarratasóir iarraidh faoi seach, eiseoidh an t-údarás inniúil tuairim maidir le raon feidhme agus leibhéal mionsonraithe na faisnéise atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar an tionchar ar an gcomhshaol. Má cheanglaítear le reachtaíocht eile de chuid an Aontais freisin measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí ar an gcomhshaol, soláthróidh an t-údarás inniúil náisiúnta nósanna imeachta comhordaithe agus comhpháirteacha a chomhlíonann ceanglais na reachtaíochta sin de chuid an Aontais.*** |
| | ***Laistigh de 12 mhí ón tráth a dtíolacfaidh an t-oibreoir iarraidh ar chead, cuirfidh na húdaráis inniúla an chuid sin den mheasúnú ar an tionchar ar an*** |

***gcomhshaol den tionscadal a bhaineann leis an gcomhairliúchán poiblí i gcrích.***

**Leasú 71**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 5 – mír 4 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4c. Beidh feidhm ag na rialacha dá dtagraítear i mír 4a freisin i gcás ina ndéanfaidh oibreoir iarratas ar chead lena gcumhdaítear níos mó ná suiteáil amháin faoi Airteagal 4(2).*** |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 6 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| I gcás ina nglactar rialacha ceangailteacha ginearálta, ní gá ach tagairt do na rialacha sin a bheith ar áireamh sa chead. | I gcás ina nglactar rialacha ceangailteacha ginearálta, féadfaidh tagairt do na rialacha sin a bheith ar áireamh sa chead. ***Agus rialacha ceangailteacha ginearálta á nglacadh acu, áiritheoidh na Ballstáit cur chuige comhtháite agus ardleibhéal cosanta comhshaoil atá coibhéiseach leis an leibhéal sin is féidir a bhaint amach le coinníollacha ceada aonair.*** |

*(32010L0075)*

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 7 – mír 1 a (nua)

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***I gcás truailliú a dhéanann difear d'acmhainní uisce óil, lena n-áirítear acmhainní trasteorann, nó a dhéanann difear do bhonneagar fuíolluisce i gcás sceitheadh indíreach, cuirfidh an t-údarás inniúil na hoibreoirí uisce óil agus fuíolluisce a ndéantar difear dóibh, lena n-áirítear oibreoirí fuíolluisce trasteorann, ar an eolas faoi na bearta arna ndéanamh chun damáiste de dheasca an truaillithe sin do shláinte an duine agus don chomhshaol a chosc nó a leigheas.*** |

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 7 – mír 2

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| I gcás aon teagmhais nó timpiste lena ndéantar difear nach beag do shláinte an duine nó don chomhshaol i mBallstát eile, áiritheoidh an Ballstát arb ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste go gcuirfear údarás inniúil an Bhallstáit eile ar an eolas láithreach. Is é is aidhm do chomhar trasteorann ildisciplíneach idir na Ballstáit a ndearnadh difear dóibh srian a chur leis na hiarmhairtí ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine agus cosc a chur ar theagmhais nó timpistí eile a d'fhéadfadh a bheith ann. | I gcás aon teagmhais nó timpiste lena ndéantar difear nach beag do shláinte an duine nó don chomhshaol i mBallstát eile, áiritheoidh an Ballstát arb ina chríoch a tharla an teagmhas nó an timpiste go gcuirfear údarás inniúil an Bhallstáit eile ar an eolas láithreach ***trí na bealaí cumarsáide aitheanta dá dtagraítear in Airteagal 26(5).*** Is é is aidhm do chomhar trasteorann ildisciplíneach idir na Ballstáit a ndearnadh difear dóibh srian a chur leis na hiarmhairtí ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine agus cosc a chur ar theagmhais nó timpistí eile a d'fhéadfadh a bheith ann. |

**Leasú 75**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 8 – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Neamhchomhlíontacht*** | ***Comhlíontacht*** |

**Leasú 76**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh siad bearta dearbhaithe comhlíontachta freisin chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha faoin Treoir seo a chur chun cinn, a fhorfheidhmiú agus chun faireachán a dhéanamh air. | Glacfaidh siad bearta dearbhaithe comhlíontachta freisin ***chun*** comhlíonadh na n-oibleagáidí a chuirtear ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha faoin Treoir seo a chur chun cinn, a fhorfheidhmiú agus chun faireachán a dhéanamh air. |

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás sárú ar choinníollacha an cheada, áiritheoidh na Ballstáit: | I gcás sárú ar choinníollacha an cheada, ***a thiocfaidh as an Treoir seo,*** áiritheoidh na Ballstáit na nithe seo a leanas: |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 8 – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil sárú ar an gcead ina chontúirt láithreach do shláinte an duine nó ina mbagraíonn sé éifeacht dhíobhálach nach beag ar an gcomhshaol a bheith aige láithreach, agus go dtí go mbeidh an chomhlíontacht curtha ar bun arís i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, pointí (b) | I gcás ina bhfuil sárú ar an gcead ina chontúirt láithreach do shláinte an duine***, do thomhaltas uisce óil*** nó ina mbagraíonn sé éifeacht dhíobhálach nach beag ar an gcomhshaol a bheith aige láithreach, agus go dtí go mbeidh an chomhlíontacht curtha ar bun arís i gcomhréir leis an gcéad |

agus (c), cuirfear oibriú na suiteála, an ghléasra dócháin, an ghléasra loiscthe dramhaíola, an ghléasra comhloiscthe dramhaíola nó na coda ábhartha de nó di ar fionraí gan aon mhoill.

fhomhír, pointí (b) agus (c), cuirfear oibriú na suiteála, an ghléasra dócháin, an ghléasra loiscthe dramhaíola, an ghléasra comhloiscthe dramhaíola nó na coda ábhartha de nó di ar fionraí gan aon mhoill.

**Leasú 79**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 8 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcás sárú ar chomhlíonadh a dhéanann difear d'acmhainní uisce óil, lena n-áirítear acmhainní trasteorann, nó a dhéanann difear do bhonneagar fuíolluisce i gcás sceitheadh indíreach, cuirfidh an t-údarás inniúil na hoibreoirí uisce óil agus fuíolluisce, agus na húdaráis ábhartha uile a áirithíonn comhlíonadh na reachtaíochta comhshaoil a ndéantar difear di, lena n-áirítear údaráis trasteorann, ar an eolas faoin sárú agus faoi na bearta a rinneadh chun an damáiste do shláinte an duine agus don chomhshaol a chosc nó a leigheas.*** |

**Leasú 80**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 8 – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina leanann an sárú ar an gcead de bheith ina chúis le contúirt do shláinte an duine nó de bheith ina chúis le héifeacht dhíobhálach nach beag ar an gcomhshaol, agus i gcás nár cuireadh chun feidhme an ghníomhaíocht ba ghá a sainaithníodh sa tuarascáil chigireachta dá dtagraítear in Airteagal 23(6) chun comhlíontacht a chur ar bun arís, féadfaidh an t-údarás inniúil | I gcás ina leanann an sárú ar an gcead de bheith ina chúis le contúirt do shláinte an duine nó de bheith ina chúis le héifeacht dhíobhálach nach beag ar an gcomhshaol, agus i gcás nár cuireadh chun feidhme an ghníomhaíocht ba ghá a sainaithníodh sa tuarascáil chigireachta dá dtagraítear in Airteagal 23(6) chun comhlíontacht a chur ar bun arís, ***déanfaidh*** an t-údarás inniúil |

| | |
|---|---|
| oibriú na suiteála, an ghléasra dócháin, an ghléasra loiscthe dramhaíola, an ghléasra comhloiscthe dramhaíola nó na coda ábhartha de nó di a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear comhlíonadh choinníollacha an cheada ar bun arís. | oibriú na suiteála, an ghléasra dócháin, an ghléasra loiscthe dramhaíola, an ghléasra comhloiscthe dramhaíola nó na coda ábhartha de nó di a chur ar fionraí go dtí go gcuirfear comhlíonadh choinníollacha an cheada ar bun arís. |

**Leasú 81**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 8 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Déanfar an fhionraíocht dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 3 den Airteagal seo a fhorfheidhmiú ar bhealach éifeachtach agus ní chuirfear ar athló í ná ní scoirfear di ar aon mhodh, lena n-áirítear má chuireann an t-oibreoir in aghaidh an chinnidh maidir le fionraí trí aon mhodh riaracháin nó breithiúnach, ach amháin má tá cinneadh breithiúnach cinntitheach ann lena gcinntear gur féidir an oibríocht a atosú.*** |

**Leasú 82**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 8 – mír 3 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. I gcás aon sárú ar choinníollacha an cheada lena ndéantar difear do shláinte an duine nó don chomhshaol i mBallstát eile, áiritheoidh an Ballstát arb ina chríoch a tharla an sárú ar choinníollacha an cheada go gcuirfear údarás inniúil an Bhallstáit eile ar an eolas láithreach trí na bealaí cumarsáide aitheanta dá dtagraítear in Airteagal 26(5).*** |

**Leasú 83**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 9 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) In Airteagal 9, scriostar mír (2). | (7) In Airteagal 9, ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| | **Maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in *Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, ní fhéadfaidh na Ballstáit a roghnú gan ceanglais a fhorchur a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh i leith aonad dócháin nó aonad eile a astaíonn dé-ocsaíd charbóin ar an láithreán, ach amháin i gcás ina bhfuil na suiteálacha sin cumhdaithe ag an oibleagáid chun iniúchadh fuinnimh a dhéanamh nó córas bainistithe fuinnimh a chur chun feidhme de bhun Airteagal 11 de Threoir 2012/27/AE (EED) agus má chuirtear moltaí na tuarascála iniúchóireachta chun feidhme agus/nó má chuirtear an córas bainistithe fuinnimh deimhnithe chun feidhme. De bhun an iniúchta dá dtagraítear in Airteagal 14a, cuirfidh an fíoraitheoir comhshaoil an t-údarás inniúil ar an eolas i gcás nach gcuirfear an moladh dá dtagraítear san Airteagal seo chun feidhme.*** |

**Leasú 84**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 11 – mír 1 – pointe c

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) In Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):*** |
| (c) ní chruthófar aon truailliú suntasach; | "(c) níl aon truailliú suntasach ann, ***lena n-áirítear truailliú boltanach;"*** |

*(32010L0075)*

**Leasú 85**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7 b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 11 – mír 1 – pointe f

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11, pointe (f):*** |
| (f) déanfar fuinneamh a úsáid go héifeachtúil; | "(f) go n-úsáidtear fuinneamh go héifeachtúil ***agus go gcuirtear úsáid agus táirgeadh fuinnimh in-athnuaite chun cinn;”*** |

*(32010L0075)*

**Leasú 86**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 11 – mír 1 – pointe f a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (fa) úsáidtear acmhainní ábhair agus uisce go héifeachtúil, lena n-áirítear trí athúsáid a bhaint astu; | (fa) úsáidtear acmhainní ábhair agus uisce go héifeachtúil, lena n-áirítear trí athúsáid a bhaint astu ***agus iad a athchúrsáil***; |

**Leasú 87**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 11 – mír 1 – pointe f b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(fb) cuirtear feidhmíocht fhoriomlán chomhshaoil an tslabhra soláthair ar feadh a shaolré san áireamh de réir mar is iomchuí;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 88**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 11 – mír 1 – pointe g

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) In Airteagal 11(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):*** |
| (g) déanfar na bearta is gá chun tionóiscí a chosc agus chun a n-iarmhairtí a theorannú; | "(g) déanfar na bearta is gá chun ***sláinte an duine a chosaint,*** tionóiscí a chosc**,** agus chun a n-iarmhairtí a theorannú; |

*(32010L0075)*

**Leasú 89**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 12 – mír 1 – pointe b

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8b) In Airteagal 12(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe b:*** |
| (b) na hamhábhair agus na hábhair thánaisteacha, substaintí eile agus an fuinneamh a úsáidtear sa tsuiteáil nó a ghineann an tsuiteáil; | "(b) na hamhábhair agus na hábhair thánaisteacha, substaintí eile agus an fuinneamh ***agus t-uisce*** a úsáidtear sa tsuiteáil nó a ghineann an tsuiteáil; |

*(32010L0075)*

**Leasú 90**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 c (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 12 – mír 1 – pointe c

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8c) In Airteagal 12(1), cuirtear an*** |

| | |
|---|---|
| | ***méid seo a leanas in ionad phointe (c):*** |
| (c) foinsí na n-astaíochtaí ón tsuiteáil; | "(c) foinsí na n-astaíochtaí ón tsuiteáil***, lena n-áirítear astaíochtaí boltanacha***; |

*(32010L0075)*

**Leasú 91**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 8 d (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 12 – mír 1 – pointe f

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8d) In Airteagal 12(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):*** |
| (f) cineál agus cainníochtaí na n-astaíochtaí intuartha ón tsuiteáil isteach i ngach meán chomh maith le sainaithint éifeachtaí suntasacha na n-astaíochtaí ar an gcomhshaol; | "(f) cineál agus cainníochtaí na n-astaíochtaí intuartha***, lena n-áirítear astaíochtaí boltanacha mar thiúchain, agus i gcás inar féidir, i gcás uisce ar a laghad, in ualaí,*** ón tsuiteáil isteach i ngach meán chomh maith le sainaithint éifeachtaí suntasacha na n-astaíochtaí ar an gcomhshaol; |

*(32010L0075)*

**Leasú 92**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 13 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta, eagróidh an Coimisiún malartú faisnéise idir na Ballstáit, na tionscail lena mbaineann, na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus | 1. Chun doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta, eagróidh an Coimisiún malartú faisnéise idir na Ballstáit, na tionscail lena mbaineann, na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint ***shláinte an duine agus cosaint*** an chomhshaoil chun cinn, an |

| | |
|---|---|
| an Coimisiún.’ | Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán***, an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil*** agus an Coimisiún.’ |

**Leasú 93**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe -a a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 13 – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***aa. cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***1a. Déanfaidh an Coimisiún, faoin dáta deiridh chun an Treoir seo a thrasuí, Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/119/AE a leasú agus soláthróidh sé na hacmhainní is gá don mheitheal theicniúil Sevilla agus don Fhóram dá dtagraítear in Airteagal 13 den Treoir seo, agus déanfaidh sé a struchtúr, a n-inniúlachtaí agus a maoiniú a oiriúnú i gcomhréir le leathnú raon feidhme na Treorach seo.*** |

**Leasú 94**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ‘Gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, ní chomhroinnfear faisnéis a mheastar gur faisnéis rúnda ghnó í nó gur faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de ach leis an gCoimisiún agus leis na daoine aonair seo a leanas a bhfuil comhaontú rúndachta sínithe acu: státseirbhísigh agus fostaithe poiblí eile a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit nó ar ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais, agus ionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an | ***De mhaolú ar Airteagal 3a, agus*** gan dochar do dhlí iomaíochta an Aontais, ní dhéanfar faisnéis a mheastar a bheith ina faisnéis rúnda gnó nó ina faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a roinnt ach leis an gCoimisiún. ***Déanfar an fhaisnéis sin a anaithnidiú, gan tagairt d’oibreoir nó do shuiteáil ar leith, sula roinnfear í*** leis na daoine seo a leanas tar éis comhaontú rúndachta agus neamhnochta a shíniú: státseirbhísigh agus fostaithe poiblí eile a dhéanann ionadaíocht ar Bhallstáit nó ar |

| | |
|---|---|
| chomhshaoil chun cinn. Maidir leis an malartú faisnéise a mheastar gur faisnéis rúnda ghnó í nó gur faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de, beidh sé teoranta don mhéid is gá chun doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta agus ní úsáidfear faisnéis rúnda ghnó den sórt sin nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de den sórt sin chun críoch eile.’. | ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais, agus ionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn ***agus ionadaithe na gcumann a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha ábhartha tionsclaíocha***. Maidir leis an malartú faisnéise a mheastar gur faisnéis rúnda ghnó í nó gur faisnéis í atá íogair ó thaobh na tráchtála de, beidh sé teoranta don mhéid is gá ***go teicniúil*** chun doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta agus ní úsáidfear faisnéis rúnda ghnó den sórt sin nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de den sórt sin chun críoch eile.’. ***Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena soláthrófar an tsamhail don chomhaontú rúndachta agus neamhnochta lena gcumasófar malartú faisnéise i gcomhréir leis an mír seo.*** |

**Leasú 95**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre de mhír 3:*** |
| Déanfaidh an Coimisiún fóram a chur ar bun agus a thionól go rialta, ar a mbeidh ionadaithe na mBallstát, na dtionscal lena mbaineann agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn. | Déanfaidh an Coimisiún fóram ***cothromaithe*** a chur ar bun agus a thionól go rialta, ar a mbeidh ionadaithe na mBallstát, na dtionscal lena mbaineann agus na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint ***shláinte an uine nó cosaint*** an chomhshaoil chun cinn. |

*(32010L0075)*

**Leasú 96**
**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 2 – pointe d

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) I mír (3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):*** |
| (d) treoir maidir le tarraingt suas dhoiciméid tagartha BAT agus maidir lena ndearbhú cáilíochta, lena n-áirítear oiriúnacht a n-ábhair agus a bhformáide. | "(d) treoir maidir le doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, ***lena n-áirítear maidir le héifeachtaí trasmheáin, agus uaillmhian mhéadaithe reachtach maidir le dícharbónú agus neamhspleáchas fuinnimh á cur san áireamh***, agus maidir lena n-dearbhú cáilíochta lena n-áirítear oiriúnacht a n-inneachar agus a bhformáid ***chomh maith le léiriú ar an ionstraim iomchuí, amhail tagarmharcanna nó leibhéil feidhmíochta comhshaoil, agus moltaí na meithle teicniúla á gcur san áireamh***." |

*(32010L0075)*

**Leasú 97**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b c (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 13 – mír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bc) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*** |
| 5. Glacfar na bearta aonair i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 75(2). | "5. ***Ní rachaidh an malartú faisnéise chun doiciméad BREF a ullmhú, a athbhreithniú agus, más gá, a thabhairt cothrom le dáta, thar thréimhse ceithre bliana. Déanfar tuairim an fhóraim dá dtagraítear i mír 3 maidir leis an inneachar atá beartaithe i BREF a thíolacadh laistigh de 6 mhí ón gcruinniú deiridh den ghrúpa saineolaithe atá freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar BREF.*** |

| | |
|---|---|
| | Déanfar cinntí maidir le conclúidí BAT a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialála dá dtagraítear in Airteagal 75(2). ***Déanfar doiciméid tagartha BAT a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, a nuashonrú gach 8 mbliana ar a laghad.”*** |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 98**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe b d (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 13 – mír 6

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bd) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:*** |
| 6. Tar éis ghlacadh an chinnidh i gcomhréir le mír 5, déanfaidh an Coimisiún, gan mhoill, doiciméad tagartha BAT a chur ar fáil go poiblí agus áiritheoidh sé go gcuirfear conclúidí BAT ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. | "6. Tar éis ghlacadh an chinnidh i gcomhréir le mír 5, déanfaidh an Coimisiún, ***laistigh de mhí amháin***, doiciméad tagartha BAT ***agus conclúidí BAT*** a chur ar fáil go poiblí ***ar leathanach gréasáin atá éasca le haimsiú***. ***Foilseofar conclúid BAT*** i dteangacha oifigiúla uile an Aontais ***agus cuirfear ar fáil ar líne í ar an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha.*** ” |

**Leasú 99**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 10 – pointe a – pointe vi a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:*** |
| | ***Nuair a scaoileann suiteáil thionsclaíoch fuíolluisce go díreach nó go hindíreach*** |

***isteach in uisce dromchla, rachfar i gcomhairle le hoibreoirí uisce óil agus fuíolluisce, sula ndeonófar an cead, maidir leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag astaíochtaí ar a mbonneagar agus maidir le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Cuirfidh na húdaráis an fhaisnéis sin san áireamh go cuí agus coinníollacha an cheada á sainiú acu. Ní chuirfidh nós imeachta den sórt sin moill mhíchuí ar dheonú an cheada.***

**Leasú 100**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe ii**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) teorainnluachanna astaíochta maidir le substaintí truailliúcháin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006*, agus maidir le substaintí truailliúcháin eile, ar dócha go mbeidh méideanna nach beag díobh á n-astú ón tsuiteáil lena mbaineann, ag féachaint dá gcineál agus dá n-acmhainneacht truailliú a aistriú ó mheán amháin go meán eile; | (a) teorainnluachanna astaíochta do shubstaintí truaillitheacha a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006*, agus do shubstaintí truaillitheacha eile, ***go háirithe astaíochtaí boltacha agus substaintí arb údar mór imní iad in Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, atá ainmnithe mar shubstaintí tosaíochta faoi Threoracha 2000/60/CE nó 2008/105/CE, ar na liostaí faire arna mbunú faoi chuimsiú Threoracha 2006/118/CE nó 2008/105/CE, nó substaintí eile atá faoi réir teorainnluachanna nó srianta eile faoi Threoir 2008/50/CE, go dtí go nglacfar an gníomh tarmligthe lena leathnaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Tairseach na nAstaíochtaí Tionsclaíocha***, ar dócha go n-astófar ón tsuiteáil lena mbaineann iad i gcainníochtaí suntasacha ag féachaint dá gcineál agus dá n-acmhainneacht truailliú a aistriú ó mheán amháin go meán eile, ***lena gcuirfear san áireamh luaineachtaí séasúracha comhshaoil;*** |
| Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó | * Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó |

| | |
|---|---|
| Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú agus lena leasaítear Treoracha 91/689/CEE agus 96/61/CE ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).'; | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán a bhunú agus lena leasaítear Treoracha 91/689/CEE agus 96/61/CE ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, lch. 1).'; |

**Leasú 101**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe iii**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 2 – pointe ba

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (aa) teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil; | (aa) teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil***, amhail dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 15(3a);*** |

**Leasú 102**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe iv**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ceanglais iomchuí lena n-áirithítear cosaint na hithreach, an screamhuisce agus an uisce dromchla agus bearta a bhaineann le faireachán agus bainistíocht a dhéanamh ar dhramhaíl a ghintear leis an tsuiteáil;'; | (b) ceanglais iomchuí lena n-áirithítear cosaint na hithreach, an screamhuisce agus an uisce dromchla agus bearta a bhaineann le faireachán agus bainistíocht a dhéanamh ar dhramhaíl a ghintear leis an tsuiteáil***, le haird ar leith á tabhairt ar tháirgeadh uisce óil***;'; |

**Leasú 103**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe v**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 2 – pointe ba

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ba) ceanglais iomchuí maidir le córas bainistíochta comhshaoil mar a leagtar síos | (ba) ceanglais iomchuí ***lena leagtar síos na saintréithe ginearálta*** do chóras bainistithe comhshaoil ***i gcomhréir le*** |

| | |
|---|---|
| in Airteagal 14a;'; | hAirteagal 14a; |

**Leasú 104**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 10 – pointe a – pointe vi a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 2 – pointe c – pointe ii a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(via) i bpointe (c), cuirtear an fophointe (ii a nua) seo a leanas isteach:*** |
| | ***(ii a) ceanglais maidir le rialú cáilíochta saotharlann a dhéanann an faireachán, bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta amhail ISO 17025.*** |

**Leasú 105**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a – pointe vii a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14 – mír 1 – fomhír 2 – pointe e

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(vii a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):*** |
| (e) ceanglais iomchuí maidir le cothabháil agus faireachas rialta ar bhearta a dhéanfar chun astaíochtaí isteach san ithir agus sa screamhuisce a chosc de bhun phointe (b) agus ceanglais iomchuí a bhaineann le faireachán tréimhsiúil ar ithir agus screamhuisce i ndáil le substaintí guaiseacha ábhartha ar dócha go n-aimseofar iad ar an láithreán, agus ag féachaint don fhéidearthacht go mbeadh an ithir agus an screamhuisce ar láithreán na suiteála éillithe; | "(e) ceanglais iomchuí maidir le cothabháil agus faireachas rialta ar bhearta a dhéanfar chun astaíochtaí isteach san ithir***, san uisce dromchla*** agus sa screamhuisce a chosc de bhun phointe (b) agus ceanglais iomchuí a bhaineann le faireachán tréimhsiúil ar ithir***, ar uisce dromchla agus ar*** screamhuisce i ndáil le substaintí guaiseacha ábhartha ar dócha go n-aimseofar iad ar an láithreán, agus ag féachaint don fhéidearthacht go mbeadh an ithir***, an uisce dromchla*** agus an screamhuisce ar láithreán na suiteála éillithe; |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/FR/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 106**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10 – pointe a a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***2a. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe ar an mbeart dá dtagraítear i mír 1 fomhír 2, pointe (bb) a dheonú ar feadh suas le dhá mhí dhéag. Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag maolú den sórt sin ach amháin tar éis an cead a dheonú, ar choinníoll go ndearnadh iarrachtaí leordhóthanacha cheana chun EMS a thabhairt chun críche laistigh den tréimhse ama sin.*** |

**Leasú 107**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14a – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le gach suiteáil a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir córas bainistíochta comhshaoil (‘EMS’) a ullmhú agus a chur chun feidhme. Comhlíonfaidh EMS na forálacha a áirítear i gconclúidí ábhartha BAT lena gcinntear gnéithe atá le cumhdach in EMS. | Maidir le gach suiteáil a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, lena n-áirítear, de bhun Airteagal 4(2), maidir le suiteálacha a chumhdaítear go comhpháirteach leis an gcead, ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir córas bainistithe comhshaoil (‘EMS’) a ullmhú agus a chur chun feidhme. ***Áiritheoidh na Ballstáit gur de chineál ginearálta amháin iad na ceanglais atá le lua sna coinníollacha ceada a bhaineann le saintréithe EMS.*** |
| | Comhlíonfaidh EMS na forálacha a áirítear i gconclúidí ábhartha BAT lena gcinntear gnéithe atá le cumhdach in EMS i bhfoirm téacs caighdeánaithe arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach in BREFanna bunaithe ar thuairim ón bhfóram dá dtagraítear in Airteagal 13. |

**Leasú 108**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14a – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Athbhreithneofar EMS go tréimhsiúil chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith oiriúnach, leordhóthanach agus éifeachtach. | Déanfaidh fíoraitheoir comhshaoil, mar a shainmhínítear in Airteagal 2(20) de Rialachán 1221/2009, iniúchadh ar EMS gach 3 bliana ar a laghad, a fhíoróidh comhréireacht EMS, agus a chur chun feidhme, leis an airteagal seo. ***Áireofar sa cheadúnas nó sa chreidiúnú dá dtagraítear in Airteagal 2(20) de Rialachán 1221/2009 na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.*** |

**Leasú 109**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14a – mír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar in EMS an méid seo a leanas ar a laghad: | 2. Áireofar in EMS an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad: |

**Leasú 110**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14a – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cuspóirí agus táscairí feidhmíochta i ndáil le gnéithe comhshaoil nach beag, lena gcuirfear san áireamh tagarmharcanna a leagtar amach i gconclúidí ábhartha BAT agus feidhmíocht chomhshaoil an tslabhra soláthair ar feadh a shaolré; | (b) cuspóirí agus táscairí feidhmíochta táscacha i ndáil le gnéithe comhshaoil nach beag, lena gcuirfear san áireamh tagarmharcanna a leagtar amach i gconclúidí ábhartha BAT; |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14a – mír 2 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) fardal ceimiceán na substaintí guaiseacha atá le fáil sa tsuiteáil atá ina substaintí guaiseacha, ina gcomhábhair substaintí eile nó ina gcuid de mheascáin, measúnú riosca ar thionchar na substaintí sin ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus anailís ar na bealaí a bhféadfaí roghanna malartacha níos sábháilte a chur ina n-ionad; | (d) fardal ceimiceán na substaintí guaiseacha ábhartha atá le fáil sa tsuiteáil atá ina substaintí guaiseacha, ina gcomhábhair substaintí eile nó ina gcuid de mheascáin, measúnú riosca ar thionchar na substaintí sin ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus anailís ar na bealaí a bhféadfaí roghanna malartacha níos sábháilte a chur ina n-ionad; |

**Leasú 112**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14a – mír 2 – fomhíreanna 2, 3 agus 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh leibhéal mionsonraithe EMS comhsheasmhach le cineál, le scála agus le castacht na suiteála, agus le raon na dtionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith aige.*** |
| | ***I gcásanna ina n-áirítear EMS i gconclúid BAT ach nach gcumhdaítear le EMS na heilimintí a leagtar amach in Airteagal 14(2), pointí (a) go (e), ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir EMS a ullmhú agus a chur chun feidhme faoi 12 mhí tar éis dháta deiridh thrasuí na Treorach seo.*** |
| | ***I gcás ina ndearnadh eilimintí de EMS, nó de na táscairí feidhmíochta gaolmhara, cuspóirí agus bearta a fhorbairt cheana féin i reachtaíocht ábhartha eile de chuid an Aontais agus ina gcomhlíonann siad an mhír seo, beidh tagairt in EMS do na doiciméid ábhartha leordhóthanach.*** |

**Leasú 113**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfear EMS suiteála ar fáil ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin.'. | 3. Cuirfear EMS suiteála ar fáil ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin ***i gcomhréir le hAirteagal 4a den Rialachán seo.*** |

**Leasú 114**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le scaoilte indíreacha substaintí truailliúcháin isteach san uisce, féadfar éifeacht gléasra cóireála fuíolluisce lasmuigh den tsuiteáil a chur san áireamh agus teorainnluachanna astaíochta na suiteála lena mbaineann á gcinneadh, ar choinníoll go n-áirithíonn an t-oibreoir go gcomhlíontar na ceanglais uile seo a leanas: | Maidir le scaoilte indíreacha substaintí truailliúcháin isteach san uisce, déanfar, ar an gcéad dul síos, an éifeacht ar ghléasra cóireála fuíolluisce uirbigh nó thionsclaíoch, de réir mar is infheidhme, lasmuigh den tsuiteáil a chur san áireamh agus teorainnluachanna astaíochta na suiteála lena mbaineann á gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 14 den Treoir [An Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (athmhúnlú)]. Mar dhara céim, féadfar éifeacht gléasra cóireála fuíolluisce uirbigh nó thionsclaíoch lasmuigh den tsuiteáil a chur san áireamh agus teorainnluachanna astaíochta na suiteála lena mbaineann á gcinneadh. Déanfar na céimeanna, dá dtagraítear sa mhír seo, ar choinníoll go ráthaítear leibhéal coibhéiseach cosanta don chomhshaol ina iomláine, nach mbeidh leibhéil truaillithe níos airde sa chomhshaol mar thoradh ar na céimeanna sin agus ar choinníoll go n-áiritheoidh an t-oibreoir go gcomhlíonfar na ceanglais uile seo a leanas: |

**Leasú 115**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ní chuireann na substaintí truailliúcháin a scaoiltear isteach ar oibriú an ghléasra cóireála fuíolluisce; | (a) ní chuireann na substaintí truailliúcháin a scaoiltear isteach ar oibriú an ghléasra cóireála fuíolluisce ***ná ar an gcumas acmhainní a aisghabháil ón sruth cóireála fuíolluisce***; |

**Leasú 116**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Socróidh an t-údarás inniúil na teorainnluachanna astaíochta is déine is féidir atá i gcomhréir leis na hastuithe is ísle is féidir a bhaint amach trí BAT a chur i bhfeidhm sa tsuiteáil, agus lena n-áiritheofar, faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin, nach mó astaíochtaí ná na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(5). Bunófar na teorainnluachanna astaíochta ar mheasúnú a chuirfidh an t-oibreoir i gcrích ina ndéanfar anailís ar a indéanta atá sé an ceann is déine de raon BAT-AEL a bhaint amach agus lena léireofar an fheidhmíocht is fearr is féidir leis an tsuiteáil a bhaint amach trí BAT a chur i bhfeidhm mar a thugtar tuairisc orthu i gconclúidí BAT. Socrófar na teorainnluachanna astaíochta trí cheachtar díobh seo a leanas: | Faoi réir conclúidí BAT nua nó leasaithe a fhoilsiú, tar éis thrasuí na Treorach seo i gcomhréir le hAirteagal 21(3), nó nuair a dheonófar nó a nuashonrófar an cead de bhun Airteagal 21(5), nó [dáta an chéad lá den mhí tar éis 10 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], cibé acu is túisce agus i gcás oibreoirí a bhfuil iarratas déanta acu ar chead a chur i bhfeidhm tar éis dháta thrasuí na Treorach seo agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/119/AE ón gCoimisiún ('Treoir BREF') á chur san áireamh, socróidh an t-údarás inniúil na teorainnluachanna astaíochtaí is déine is féidir a bhaint amach don tsuiteáil shonrach atá comhsheasmhach leis na hastaíochtaí is ísle is féidir a bhaint amach trí BAT a chur i bhfeidhm sa tsuiteáil. Cuirfear san áireamh sna teorainnluachanna sin éifeachtaí trasmheán agus áiritheofar leo, faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin, nach sáróidh astaíochtaí na leibhéil astaíochtaí a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT dá |

dtagraítear in Airteagal 13(5). Bunófar na teorainnluachanna astaíochta ar mheasúnú arna dhéanamh ag oibreoir raon BAT-AEL ina iomláine, lena ndéanfar anailís ar a indéanta atá sé an ceann is déine de raon BAT-AEL a bhaint amach agus lena léireofar an fheidhmíocht fhoriomlán is fearr is féidir leis an tsuiteáil shonrach a bhaint amach faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin, agus luaineachtaí caighdeánacha oibriúcháin á gcur san áireamh i gcásanna meán gearrthéarmach, trí BAT a chur i bhfeidhm mar a thugtar tuairisc air i gconclúidí BAT. Socrófar na teorainnluachanna astaíochta trí cheachtar díobh seo a leanas:

**Leasú 117**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Má ghlactar rialacha ceangailteacha ginearálta maidir le hAirteagal 15(3), leagfaidh na Ballstáit síos rialacha ceangailteacha ginearálta maidir leis na teorainnluachanna astaíochtaí is déine is féidir a bhaint amach trí BAT a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí suiteálacha laistigh de na gníomhaíochtaí earnálacha céanna a bhfuil saintréithe comhchosúla acu, agus do na catagóirí sin amháin, agus bunaithe ar mheasúnú arna dhéanamh ag na Ballstáit lena ndéantar anailís ar a indéanta atá sé an ceann is déine den raon is féidir a bhaint amach a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 118**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 3 a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3a. Socróidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil lena n-áiritheofar nach mó na teorainnluachanna feidhmíochta sin faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin ná na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(5). | 3a. Faoi réir conclúidí BAT nua nó leasaithe a fhoilsiú faoin Treoir seo, agus tar éis í a thrasuí, agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2012/119/AE ón gCoimisiún ('Treoir BREF') á chur san áireamh, socróidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil lena n-áiritheofar, faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin, nach sáróidh na teorainnluachanna feidhmíochta sin na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(5) i bhfianaise na n-éifeachtaí trasmheán i suiteálacha, lena n-áirítear le hastaíochtaí ilchineálacha agus le hastaíochtaí tionsclaíocha. |

**Leasú 119**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) saintréithe teicniúla na suiteála lena mbaineann. | (b) saintréithe teicniúla na suiteála lena mbaineann, lena n-áirítear i gcás plean comhaontaithe um dhúnadh maidir leis an tsuiteáil, laistigh de 4 bliana de chonclúid BAT a fhoilsiú. |

**Leasú 120**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis na maoluithe dá dtagraítear sa mhír seo, urramófar na prionsabail a leagtar amach in Iarscríbhinn II. In aon chás, áiritheoidh an t-údarás inniúil nach mbeidh | Maoluithe a dheonófar tar éis thrasuí na Treorach seo agus dá dtagraítear sa mhír seo, deonófar iad ar feadh cúig bliana ar a mhéad agus i gcomhréir leis na prionsabail |

| | |
|---|---|
| aon truailliú suntasach ann agus go mbainfear amach ardleibhéal cosanta don chomhshaol ina iomláine. Ní dheonófar maoluithe i gcás ina bhféadfaidís comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 18 a chur i mbaol. | a leagtar amach in Iarscríbhinn II. Beidh sé mar aidhm ag an údarás inniúil truailliú a chosc agus i gcás ar bith a áirithiú nach ndéanfar aon truailliú suntasach agus go mbainfear amach ardleibhéal cosanta don chomhshaol ina iomláine. Ní dheonófar maoluithe i gcás ina bhféadfaidís comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 18 a chur i mbaol. |

**Leasú 121**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 – fomhír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an t-údarás inniúil athmheasúnú ar cé acu atá bonn cirt leis an maolú a deonaíodh i gcomhréir leis an mír seo nó nach bhfuil gach 4 bliana nó mar chuid de gach athmhachnamh ar choinníollacha an cheada de bhun Airteagal 21, i gcás ina ndéanfar an t-athmhachnamh sin níos luaithe ná 4 bliana tar éis dheonú an mhaolaithe. | Déanfaidh an t-údarás inniúil athmheasúnú i dtaobh an bhfuil bonn cirt leis an maolú a deonaíodh i gcomhréir leis an mír seo gach 5 bliana nó mar chuid de gach athmhachnamh ar choinníollacha an cheada de bhun Airteagal 21, i gcás ina ndéanfar an t-athmhachnamh sin níos luaithe ná 5 bliana tar éis dheonú an mhaolaithe. |

**Leasú 122**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 a (nua) – fomhíreanna 1 agus 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. De mhaolú ar mhír 3a, agus gan dochar d’Airteagal 18, féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcásanna sonracha, teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a shocrú, nach mbeidh chomh dian leis an gceann uachtarach éigeantach den raon. Ní fhéadfaidh feidhm a bheith ag an maolú sin ach amháin i gcás ina léirítear i measúnú go mbeadh costais díréireach ard ann dá*** |

***mbainfí amach teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil leis na teicnící is fearr atá ar fáil mar a thuairiscítear i gconclúidí BAT i gcomparáid leis na tairbhí comhshaoil agus na héifeachtaí trasmheán mar gheall ar an méid seo a leanas:***

***(a) suíomh geografach nó dálaí aeráide áitiúla na suiteála lena mbaineann; nó***

***(b) saintréithe teicniúla na suiteála lena mbaineann, lena n-áirítear i gcás plean um dhúnadh comhaontaithe maidir leis an tsuiteáil, laistigh de 4 bliana ó chonclúidí BAT a fhoilsiú.***

***Beidh an maolú ó theorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le huisce, dá dtagraítear sa chéad fhomhír, coinníollach ar mheasúnú stóinsithe ar riosca uisce atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo don tsuiteáil.***

**Leasú 123**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 a (nua) – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an t-údarás inniúil na cúiseanna atá le cur i bhfeidhm na chéad fhomhíre, lena n-áirítear toradh an mheasúnaithe agus an t-údar atá leis na coinníollacha arna bhforchur, a dhoiciméadú in iarscríbhinn a bheidh ag gabháil le coinníollacha an cheada.*** |

**Leasú 124**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 a (nua) – fomhír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In aon chás, áiritheoidh an t-údarás inniúil nach ndéanfar aon tionchar suntasach ar an gcomhshaol agus go mbainfear amach ardleibhéal cosanta don chomhshaol ina iomláine. Ní dheonófar maoluithe i gcás ina bhféadfaidís comhlíonadh na gcaighdeán cáilíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 18 a chur i mbaol.*** |

**Leasú 125**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 a (nua) – fomhír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an t-údarás inniúil athmheasúnú i dtaobh an bhfuil údar leis an maolú a deonaíodh i gcomhréir leis an mír seo gach 5 bliana nó mar chuid de gach athmhachnamh ar choinníollacha an cheada de bhun Airteagal 21, i gcás ina ndéanfar an t-athmhachnamh sin níos luaithe ná 5 bliana tar éis dheonú an mhaolaithe.*** |

**Leasú 126**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 a (nua) – fomhír 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun modheolaíocht chaighdeánaithe a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar na heilimintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in*** |

| | |
|---|---|
| | ***Airteagal 75(2).*** |

**Leasú 127**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Gan dochar d'Airteagal 18, de mhaolú ar mhíreanna 3 agus 3a, féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcásanna ina dtugann suiteáil aghaidh ar bhriseadh leanúnach i soláthar amhábhar nó breoslaí nó briseadh i ngnéithe teicníce laghdaithe de bharr force majeure, teorainnluachanna astaíochta agus leibhéil feidhmíochta comhshaoil nach bhfuil chomh dian sin a bhunú, ar feadh 3 mhí ar a mhéad, a fhéadfar síneadh 3 mhí a chur leis an tréimhse sin i gcás ina bhfuil na himthosca urghnácha dá dtagraítear sa mhír seo fós ag leanúint ar aghaidh, faoi réir measúnú simplithe lena dtugtar údar leis na cúiseanna agus leis an tréimhse le haghaidh an choigeartaithe shealadaigh sin. A luaithe a thabharfar na coinníollacha soláthair nó laghdaithe ar ais, áiritheoidh an Ballstát go scoirfidh an maolú sin d'éifeacht a bheith aige.*** |
| | ***Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhaolú arna dheonú faoi na himthosca urghnácha dá dtagraítear sa chéad fhomhír.*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil údar le húsáid an chlásail mhaolaithe ag féachaint go cuí do na critéir a leagtar síos san fhomhír seo. Má dhéanann an Coimisiún agóidí, déanfaidh na Ballstáit athbhreithniú gan mhoill ar an maolú dá bhforáiltear dá réir sin. A luaithe a thabharfar na coinníollacha soláthair ar ais, scoirfidh an maolú d'fheidhm a bheith aige.*** |

**Leasú 128**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (h), ní bheidh an ceartúchán a dhéantar ar thomhais chun na meán-teorainnluachanna astaíochta bailíochtaithe a chinneadh níos mó ná neamhchinnteacht tomhais an mhodha tomhais. | 1. Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (h), ní bheidh an ceartúchán a dhéantar ar thomhais chun na meán-teorainnluachanna astaíochta bailíochtaithe a chinneadh níos mó ná neamhchinnteacht tomhais arna cinneadh de réir an mhodha i dTuarascáil Tagartha EIPPCB maidir le Faireachán. |
| | ***Déanfar Tuarascáil Tagartha EIPPCB maidir le Faireachán a nuashonrú faoin [OP cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].*** |

**Leasú 129**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15a – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagfar síos an modh tomhais chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta a leagtar amach sa chead maidir le hastaíochtaí san aer agus san uisce. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2). | Faoin [OP cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagfar síos an modh chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta a leagtar amach sa chead maidir le hastaíochtaí san aer agus san uisce. Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2). |

**Leasú 130**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15a – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an modh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfar aghaidh, ar a laghad, ar chinneadh na meán-teorainnluachanna astaíochta bailíochtaithe agus leagfar amach ann conas a chuirfear neamhchinnteacht tomhais agus minicíocht shárú na teorainnluachanna astaíochta san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíontacht. | Leis an modh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfar aghaidh, ar a laghad, ar chinneadh na meán-teorainnluachanna astaíochta bailíochtaithe agus leagfar amach ann conas a chuirfear neamhchinnteacht tomhais, mar a chinntear i dTuarascáil Tagartha EIPPCB maidir le Faireachán, agus minicíocht shárú na teorainnluachanna astaíochta san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíontacht. |

**Leasú 131**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 16 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. Déanfaidh an t-údarás inniúil minicíocht an fhaireacháin thréimhsiúil dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(e) a chinneadh i gcead le haghaidh gach suiteála aonair nó i rialacha ceangailteacha ginearálta. | ‘2. Déanfaidh an t-údarás inniúil minicíocht an fhaireacháin thréimhsiúil dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(e) a chinneadh i gcead le haghaidh gach suiteála aonair nó i rialacha ceangailteacha ginearálta. |
| Gan dochar don chéad fhomhír, déanfar faireachán tréimhsiúil uair amháin, ar a laghad, gach 5 bliana i gcás screamhuisce agus gach 10 mbliana i gcás ithreach, mura rud é go bhfuil an faireachán sin bunaithe ar mheastóireacht chórasach ar an riosca éillithe. | Gan dochar don chéad fhomhír, déanfar faireachán tréimhsiúil mar a leagtar amach i gConclúidí BAT, i gcás inarb infheidhme, agus uair amháin, ar a laghad, gach 3 bliana i gcás screamhuisce agus gach 7 mbliana i gcás ithreach, mura rud é go bhfuil an faireachán sin bunaithe ar mheastóireacht chórasach ar an riosca éillithe.’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 132**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 16 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***in Airteagal 16, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***2a. Beidh rialú cáilíochta na saotharlann a dhéanann an faireachán bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta, amhail ISO 17025.*** |

**Leasú 133**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 17 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 17, mír 1:*** |
| 1. Agus rialacha ceangailteacha ginearálta á nglacadh acu, áiritheoidh na Ballstáit cur chuige comhtháite agus ardleibhéal cosanta comhshaoil atá coibhéiseach leis an leibhéal sin is féidir a bhaint amach le coinníollacha ceada aonair. | '1. Agus rialacha ceangailteacha ginearálta á nglacadh acu, áiritheoidh na Ballstáit cur chuige comhtháite i gcomhréir le hAirteagal 15(3), fomhír 2 a (nua), agus ardleibhéal cosanta comhshaoil atá coibhéiseach leis an leibhéal sin is féidir a bhaint amach le coinníollacha ceada aonair. |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 134**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 18 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina gceanglaítear le caighdeán cáilíochta comhshaoil coinníollacha atá níos déine ná na cinn sin is féidir a bhaint amach trí úsáid a bhaint as na teicnící is fearr atá ar fáil, áireofar bearta breise sa chead, d'fhonn an méid sonrach a chuireann an tsuiteáil leis an truailliú a tharlaíonn sa limistéar ábhartha a laghdú. | I gcás ina gceanglaítear le caighdeán cáilíochta comhshaoil coinníollacha atá níos déine ná na cinn sin is féidir a bhaint amach trí úsáid a bhaint as na teicnící is fearr atá ar fáil, áireofar bearta breise sa chead ***amhail uasualaí forlíontacha a shocrú do na substaintí truailliúcháin ábhartha***, d'fhonn an méid sonrach a chuireann an tsuiteáil leis an truailliú a tharlaíonn sa limistéar ábhartha a laghdú ***gan dochar do bhearta eile a fhéadfar a ghlacadh chun caighdeáin cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh***. |

**Leasú 135**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 18 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inar áiríodh coinníollacha níos déine sa chead i gcomhréir leis an gcéad mhír, ceanglófar ar an oibreoir faireachán rialta a dhéanamh ar thiúchán na dtruailleán ábhartha sa timpeallacht ghlactha a eascraíonn as oibríochtaí na suiteálacha lena mbaineann, agus déanfar torthaí an fhaireacháin sin a tharchur chuig an údarás inniúil. I gcás ina leagtar amach modhanna faireacháin agus tomhais maidir leis na truailleáin lena mbaineann i reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, bainfear úsáid as na modhanna sin chun críoch an fhaireacháin dá dtagraítear sa mhír seo. | I gcás inar áiríodh coinníollacha níos déine sa chead i gcomhréir leis an gcéad mhír, ceanglófar ar an oibreoir faireachán rialta a dhéanamh ar thiúchán ***agus ualaí*** na dtruailleán ábhartha sa timpeallacht ghlactha a eascraíonn as oibríochtaí na suiteálacha lena mbaineann, agus déanfar torthaí an fhaireacháin sin a tharchur chuig an údarás inniúil ***agus chuig na hoibreoirí gléasraí cóireála uisce óil iartheachtaigh agus/nó fuíolluisce, de réir mar is ábhartha, laistigh den tréimhse is giorra is féidir tar éis an fhaisnéis a ghiniúint, agus tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin tar éis an fhaisnéis a ghiniúint***. I gcás ina leagtar amach modhanna faireacháin agus tomhais maidir leis na truailleáin lena mbaineann, ***lena n-áirítear éifeachtaí manglaim, mar a thugtar orthu,*** i reachtaíocht ábhartha eile an Aontais, bainfear úsáid as na modhanna sin chun críoch an fhaireacháin dá dtagraítear sa mhír seo. |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 19

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:*** |
| Airteagal 19 | 'Airteagal 19 |
| Forbairtí ar na teicnící is fearr atá ar fáil | Forbairtí ar na teicnící is fearr atá ar fáil |
| Áiritheoidh na Ballstáit go leanann an t-údarás inniúil forbairtí ar na teicnící is fearr atá ar fáil nó go ndéantar é a chur ar an eolas fúthu agus faoi fhoilsiú aon chonclúidí BAT nua nó nuashonraithe agus cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil don phobal lena mbaineann. | Áiritheoidh na Ballstáit go leanann an t-údarás inniúil forbairtí ar na teicnící is fearr atá ar fáil nó go ndéantar é a chur ar an eolas fúthu agus faoi fhoilsiú aon chonclúidí BAT nua nó nuashonraithe ***nó rialacha oibriúcháin nua nó nuashonraithe*** agus cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil don phobal lena mbaineann.' |

*(32010L0075)*

**Leasú 137**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 20 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go gcuireann an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas maidir le haon athrú a bheartaítear ar chineál nó feidhmiú na suiteála, nó leathnú ar an tsuiteáil, a bhfhéadfadh iarmhairtí ar an gcomhshaol a bheith aige. I gcás inarb iomchuí, nuashonróidh an t-údarás inniúil an cead. | '1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go gcuireann an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas maidir le haon athrú a bheartaítear ar chineál nó feidhmiú na suiteála, nó leathnú ar an tsuiteáil, a bhfhéadfadh iarmhairtí ar an gcomhshaol a bheith aige***, sé mhí ar a laghad sula gcuirfear aon athrú nó leathnú den sórt sin chun feidhme***. I gcás inarb iomchuí, ***déanfaidh*** an t-údarás inniúil an |

| | |
|---|---|
| | cead, lena n-áirítear na próisis ábhartha don leathnú, a nuashonrú.' |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 138**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 c (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 21 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 21, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go ndéanann an t-údarás inniúil na coinníollacha ceada ar fad a athmheas go tréimhsiúil agus i gcomhréir le míreanna 2 go 5 agus, i gcás inar gá chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú, go nuashonraíonn sé na coinníollacha sin. | '1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go ndéanann an t-údarás inniúil na coinníollacha ceada ar fad a athmheas go tréimhsiúil agus i gcomhréir le míreanna 2 go 5 agus, i gcás inar gá chun comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú, go nuashonraíonn sé na coinníollacha sin. ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla an cead a athmheas gach 8 mbliana ar a laghad.'*** |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 139**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 d (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 21 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 21, mír 3, fomhír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe a:*** |
| (a) go ndéanfar na coinníollacha ceada ar fad don tsuiteáil lena mbaineann a athmheas agus, i gcás inar gá, go nuashonrófar iad chun a áirithiú go bhfuil an Treoir seo á comhlíonadh, go háirithe | '(a) go ndéanfar na coinníollacha ceada ar fad don tsuiteáil lena mbaineann a athmheas agus, i gcás inar gá, go nuashonrófar iad chun a áirithiú go bhfuil an Treoir seo á comhlíonadh, go háirithe |

| | |
|---|---|
| Airteagal 15(3) agus (4), i gcás inarb iomchuí; | Airteagal 15(3), (3a) agus (4), i gcás inarb infheidhme;’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 140**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 22 – mír 2 – fomhíreanna 1 agus 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 22, mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre agus an dara fomhír:*** |
| 2. I gás ina mbaineann úsáid, táirgeadh nó scaoileadh substaintí guaiseacha leis an ngníomhaíocht agus ag féachaint don fhéidearthacht go mbeadh an ithir agus screamhuisce ar láithreán na suiteála éillithe, déanfaidh an t-oibreoir tuarascáil bhonnlíne a ullmhú agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil sula dtosóidh sé ar shuiteáil a oibriú nó sula ndéanfar cead le haghaidh suiteála a nuashonrú den chéad uair tar éis an 7 Eanáir 2013. | ‘2. I gás ina mbaineann úsáid, táirgeadh nó scaoileadh substaintí guaiseacha ***ábhartha*** leis an ngníomhaíocht agus ag féachaint don fhéidearthacht go mbeadh an ithir, ***uisce dromchla*** agus screamhuisce ar láithreán na suiteála éillithe, déanfaidh an t-oibreoir tuarascáil bhonnlíne a ullmhú agus a chur faoi bhráid an údaráis inniúil sula dtosóidh sé ar shuiteáil a oibriú nó sula ndéanfar cead le haghaidh suiteála a nuashonrú den chéad uair tar éis an 7 Eanáir 2013. |
| Beidh ar áireamh sa tuarascáil bhonnlíne an fhaisnéis ***ar fad*** is gá chun staid an éillithe ithreach agus screamhuisce a chinneadh ionas go ndéanfar comparáid chainníochtaithe leis an staid ar scor cinntitheach de ghníomhaíochtaí dá bhforáiltear faoi mhír 3. | Beidh ar áireamh sa tuarascáil bhonnlíne an fhaisnéis is gá chun staid an éillithe ithreach, ***uisce dromchla*** agus screamhuisce a chinneadh ionas go ndéanfar comparáid chainníochtaithe leis an staid ar scor cinntitheach de ghníomhaíochtaí dá bhforáiltear faoi mhír 3.’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 141**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 22 – mír 3 – fomhír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16 b) In Airteagal 22, mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 1:*** |
| Ar scor cinntitheach de ghníomhaíochtaí dó, déanfaidh an t-oibreoir measúnú ar staid an éillithe ithreach agus screamhuisce de bharr substaintí guaiseacha ábhartha a úsáideadh nó a táirgeadh sa tsuiteáil nó a scaoileadh aisti. I gcás ina mbeidh truailliú suntasach déanta ag an tsuiteáil ar an ithir nó an screamhuisce trí shubstaintí guaiseacha ábhartha i gcomparáid leis an staid a bunaíodh sa tuarascáil bhonnlíne dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an t-oibreoir na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú sin chun an láithreán a thabhairt ar ais ar an staid sin. Chun na críche sin, féadfar indéantacht theicniúil na mbeart sin a chur san áireamh. | ‘Ar scor cinntitheach de ghníomhaíochtaí dó, déanfaidh an t-oibreoir measúnú ar staid an éillithe ithreach agus screamhuisce de bharr substaintí guaiseacha ábhartha a úsáideadh nó a táirgeadh sa tsuiteáil nó a scaoileadh aisti. I gcás ina mbeidh truailliú suntasach déanta ag an tsuiteáil ar an ithir, ar an uisce dromchla nó ar an screamhuisce trí bhíthin substaintí guaiseacha ábhartha i gcomparáid leis an staid a bunaíodh sa tuarascáil bhonnlíne dá dtagraítear i mír 2, déanfaidh an t-oibreoir na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an truailliú sin chun an láithreán a thabhairt ar ais ar an staid sin. Chun na críche sin, féadfar indéantacht theicniúil na mbeart sin a chur san áireamh.’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 142**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 c (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 23, mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 2:*** |
| Beidh an tréimhse idir dhá chuairt ar láithreán bunaithe ar bhreithmheas córasach ar rioscaí comhshaoil na suiteálacha lena mbaineann agus ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 1 bhliain i gcás na suiteálacha lena ngabhann na rioscaí is airde, agus ní bheidh sí níos faide ná 3 bliana i gcás na suiteálacha lena mbaineann na rioscaí is ísle. | ‘Beidh an tréimhse idir dhá chuairt ar láithreán bunaithe ar bhreithmheas córasach ar rioscaí comhshaoil na suiteálacha lena mbaineann agus ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná 1 bhliain i gcás na suiteálacha lena ngabhann na rioscaí is airde, agus ní bheidh sí níos faide ná 3 bliana i gcás na suiteálacha lena mbaineann na rioscaí is ísle. Cuirfear an pobal ar an eolas faoin mbreithmheas ar rioscaí comhshaoil na suiteálacha.’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 143**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16 d (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 23(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 5:*** |
| Féadfaidh an Coimisiún treoir a ghlacadh maidir leis na critéir chun breithmheas a dhéanamh ar rioscaí comhshaoil. | 'Faoi cheann dhá bhliain ar a dhéanaí tar éis thrasuí na Treorach seo, glacfaidh an Coimisiún treoir maidir leis na critéir chun breithmheas a dhéanamh ar rioscaí comhshaoil agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé an treoir sin a nuashonrú go rialta.' |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 144**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – pointe a – pointe -i (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 24 – mír 1 – pointe b

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-i) In Airteagal 24(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe b:*** |
| (b) um chead a dheonú i leith aon athrú substaintiúil; | '(b) um chead a dheonú nó a athmheas i leith aon athrú substaintiúil;' |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 145**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – pointe b – pointe i**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 24 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Nuair a bheidh cinneadh déanta maidir le cead a dheonú, a athmheas nó a thabhairt cothrom le dáta, cuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal, lena n-áirítear, go córasach, tríd an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin, i ndáil le pointí (a), (b) agus (f):; | 2. Nuair a bheidh cinneadh déanta maidir le cead a dheonú, a athmheas nó a nuashonrú, cuirfidh an t-údarás inniúil an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal, lena n-áirítear, go córasach, tríd an idirlíon, ar a shuíomh gréasáin, ar leathanach gréasáin a bhfuil sé éasca teacht air, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin, i ndáil le pointí (a), (b) agus (f): |

**Leasú 146**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – pointe b – pointe i a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 24 – mír 2 – pointe a a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) In Airteagal 24(2), cuirtear pointe a a (nua) isteach:*** |
| | ***(aa) an achoimre ar an gcead dá dtagraítear in Airteagal 5(4);*** |

**Leasú 147**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – pointe b – pointe ii a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 24 – mír 2 – pointe e

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iia) In Airteagal 24(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):*** |
| (e) an bealach ar cinneadh coinníollacha an cheada dá dtagraítear in Airteagal 14, lena n-áirítear na teorainnluachanna astaíochta, i ndáil leis na teicnící is fearr atá ar fáil agus leis na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil; | '(e) an bealach ar cinneadh coinníollacha an cheada dá dtagraítear in Airteagal 14, lena n-áirítear na teorainnluachanna astaíochta agus na leibhéil feidhmíochta comhshaoil, i ndáil leis na teicnící is fearr atá ar fáil agus leis na leibhéil astaíochta agus na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil;' |

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)

**Leasú 148**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – pointe c**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 24 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas ar fáil don phobal freisin, lena n-áirítear, go córasach, tríd an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin: | 3. Cuirfidh an t-údarás inniúil an méid seo a leanas ar fáil don phobal freisin, lena n-áirítear, go córasach, tríd an idirlíon, ***ar a shuíomh gréasáin, ar leathanach gréasáin a bhfuil sé éasca teacht air,*** saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin: |

**Leasú 149**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 – pointe c**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 24 – mír 3 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) torthaí an fhaireacháin ar astaíochtaí mar a cheanglaítear faoi choinníollacha an cheada agus atá i seilbh an údaráis inniúil; | (b) torthaí an fhaireacháin ar astaíochtaí mar a cheanglaítear faoi choinníollacha an cheada agus atá i seilbh an údaráis inniúil ***i mbunachar sonraí lenar féidir tacair sonraí atá bunaithe ar chuardach a íoslódáil***; |

**Leasú 150**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 25 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 25, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda tosaigh:*** |
| Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis an | 'Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhréir leis |

| | |
|---|---|
| gcóras dlí náisiúnta ábhartha, go mbeidh rochtain ag daoine den phobal lena mbaineann ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh dlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht nós imeachta cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha faoi réir na Caibidle seo nuair a chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas: | an gcóras dlí náisiúnta ábhartha, go mbeidh rochtain ag daoine lena mbaineann den phobal ar nós imeachta um athbhreithniú os comhair cúirt dlí nó comhlacht neamhspleách neamhchlaonta eile arna bhunú le dlí chun agóid a dhéanamh i gcoinne dlíthiúlacht shubstainteach nó dlíthiúlacht nós imeachta cinntí, gníomhartha nó neamhghníomhartha faoi réir Airteagal 14, Airteagal 17(1) go (3), Airteagal 22 agus Airteagal 24 nuair a chomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 151**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 25 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní fhéadfaidh seasamh sa nós imeachta athbhreithnithe a bheith ag braith ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo. | Ní bheidh seasamh sa nós imeachta athbhreithnithe coinníollach ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo. |

**Leasú 152**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 18 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 25 – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 25, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*** |
| 3. Déanfaidh na Ballstáit an rud is leas leordhóthanach ann, agus sárú ar cheart, a chinneadh i gcomhréir leis an gcuspóir rochtain fhairsing ar an gceartas a thabhairt | "3. Déanfaidh na Ballstáit an rud is leas leordhóthanach ann, agus sárú ar cheart, a chinneadh i gcomhréir leis an gcuspóir rochtain fhairsing ar an gceartas a thabhairt |

| | |
|---|---|
| don phobal lena mbaineann. | don phobal lena mbaineann. |
| Chuige sin, measfar gur leordhóthanach chun críche mhír 1(a) an leas atá ag aon eagraíocht neamhrialtasach a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a comhlíonann aon cheanglais faoin dlí náisiúnta. | Chuige sin, measfar gur leordhóthanach chun críoch mhír 1(a) an leas atá ag aon eagraíocht neamhrialtasach a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglais faoin dlí náisiúnta agus leas aon údaráis phoiblí fhonáisiúnta a bhféadfaí dochar a dhéanamh dá chríoch nó dá phobal mar gheall ar easpa comhlíonta na Treorach seo. |
| Measfar freisin go bhfuil cearta ar féidir iad a shárú chun críche mhír 1(b) ag na heagraíochtaí sin. | Measfar freisin go bhfuil cearta ar féidir iad a shárú chun críoch mhír 1(b) ag na heagraíochtaí agus na húdaráis sin.’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 153**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 26 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás ina bhfuil Ballstát ar an eolas go bhféadfaí éifeachtaí diúltacha nach beag a bheith ar chomhshaol Ballstáit eile mar gheall ar shuiteáil a bheith á hoibriú, nó i gcás ina n-iarrann Ballstát a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó amhlaidh, déanfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a cuireadh isteach t-iarratas ar chead de bhun Airteagal 4 nó Airteagal 20(2), aon fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig an mBallstát eile an tráth céanna a chuireann sé ar fáil don phobal í, ar faisnéis í is gá a thabhairt nó a chur ar fáil de bhun Iarscríbhinn IV. Ar bhonn na faisnéise sin, déanfar comhairliúcháin idir an dá Bhallstát, agus an tráth céanna, áiritheofar go soláthrófar na barúlacha ón mBallstát a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó sula dtiocfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ar cuireadh an t-iarratas ar chead isteach ar a chríoch ar chinneadh. I gcás nach | 1. I gcás ina bhfuil Ballstát ar an eolas go bhféadfaí éifeachtaí diúltacha nach beag a bheith ar chomhshaol Ballstáit eile mar gheall ar shuiteáil a bheith á hoibriú, nó i gcás ina n-iarrann Ballstát a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó amhlaidh, déanfaidh an Ballstát ar ar a chríoch a cuireadh isteach iarratas ar chead de bhun Airteagal 4 nó Airteagal 20(2), nó ar ar a chríoch a rinneadh an cead a athmheas de bhun Airteagal 21, aon fhaisnéis a chur ar aghaidh chuig an mBallstát eile an tráth céanna a chuireann sé ar fáil don phobal í, ar faisnéis í is gá a thabhairt nó a chur ar fáil de bhun Iarscríbhinn IV, agus tar éis trí mhí ar a dhéanaí. Ar bhonn na faisnéise sin, déanfar comhairliúcháin idir an dá Bhallstát, agus an tráth céanna, áiritheofar go soláthrófar na barúlacha ón mBallstát a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó sula dtiocfaidh údarás inniúil an Bhallstáit |

| | |
|---|---|
| ndéanfaidh an Ballstát a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó aon bharúil a sholáthar laistigh den tréimhse chun dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann, rachaidh an t-údarás inniúil ar aghaidh leis an nós imeachta um cheadú. | ar cuireadh an t-iarratas ar chead isteach ar a chríoch ar chinneadh. I gcás nach ndéanfaidh an Ballstát a bhféadfaí difear nach beag a dhéanamh dó aon bharúil a sholáthar laistigh den tréimhse chun dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann, rachaidh an t-údarás inniúil ar aghaidh leis an nós imeachta um cheadú. |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 154**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 26 – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 26, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***4a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh na húdaráis inniúla bealaí cumarsáide trasteorann réigiúnacha iomchuí.*** |

**Leasú 155**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20**
Treoir 2010/75/AE
Caibidil IIa – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| AN NUÁLAÍOCHT A CHUR CHUN CINN’ | AN NUÁLAÍOCHT A CHUMASÚ AGUS A CHUR CHUN CINN |

**Leasú 156**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás inarb iomchuí, spreagfaidh na Ballstáit forbairt agus cur i bhfeidhm teicnící atá ag teacht chun cinn, go háirithe i gcás ina mbeidh na teicnící sin sainaitheanta i gconclúidí BAT, i ndoiciméid tagartha BAT nó i dtorthaí an lárionaid nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha dá dtagraítear in Airteagal 27a. | Gan úsáid aon teicníce ná aon teicneolaíochta sonraí a fhorordú, spreagfaidh na Ballstáit, i gcás inarb iomchuí, forbairt agus cur i bhfeidhm teicnící atá ag teacht chun cinn, go háirithe i gcás ina mbeidh na teicnící sin sainaitheanta i gconclúidí BAT, i ndoiciméid tagartha BAT nó i dtorthaí an lárionaid nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha dá dtagraítear in Airteagal 27a. |

**Leasú 157**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Baileoidh an lárionad faisnéis faoi theicnící nuálacha agus déanfaidh sé anailís uirthi, ar teicnící iad lena n-áirítear teicnící atá ag teacht chun cinn atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, agus cuirfidh sé i dtréith a leibhéal forbartha agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil. Cuirfidh an Coimisiún torthaí an lárionaid san áireamh agus an clár oibre um malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointe (b) á ullmhú aige, agus le linn dó doiciméid tagartha BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. | 2. Baileoidh an lárionad faisnéis faoi theicnící nuálacha agus déanfaidh sé anailís uirthi, lena n-áirítear teicnící atá ag teacht chun cinn atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, agus cuirfidh sé i dtréith a leibhéal forbartha agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil. Cuirfidh an Coimisiún torthaí an lárionaid san áireamh agus an clár oibre um malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointe (b) á ullmhú aige, agus le linn dó doiciméid tagartha BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, tar éis don mheitheal theicniúil measúnú a dhéanamh in Sevilla. |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27a – mír 3 – pointe e a (nua)

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(ea) ionadaithe na bhfeirmeoirí lena mbaineann;*** |

**Leasú 159**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27a – mír 3 – pointe g

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (g) eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn; | (g) eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint sláinte an duine nó an chomhshaoil chun cinn; |

**Leasú 160**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27b – mír 1

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Gan dochar d’Airteagal 18, féadfaidh an t-údarás inniúil maoluithe sealadacha a dheonú ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2) agus (3) agus ar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 11, pointí (a) agus (b), chun teicnící atá ag teacht chun cinn a thástáil ar feadh tréimhse iomlán nach faide ná 24 mhí. | Gan dochar d’Airteagal 18 agus d’Airteagal 2(2), féadfaidh an t-údarás inniúil maoluithe sealadacha a dheonú ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2) agus (3) agus ar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 11, pointí (a) agus (b), chun teicnící atá ag teacht chun cinn a thástáil ar feadh tréimhse iomlán nach faide ná 36 mhí, ar choinníoll, tar éis na tréimhse sonraithe, go stoptar an teicníc nó go mbaineann an ghníomhaíocht na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil amach ar a laghad. |

**Leasú 161**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagal 21(3), féadfaidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna astaíochta a shocrú lena n-áiritheofar, laistigh de 6 bliana ó fhoilsiú cinnidh maidir le conclúidí BAT i gcomhréir le hAirteagal 13(5) a bhaineann le príomhghníomhaíocht suiteála, nach mbeidh astaíochtaí, faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin, níos mó ná leibhéil astaíochta a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT. | De mhaolú ar Airteagal 21(3), ar iarraidh ón oibreoir, féadfaidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna astaíochta a shocrú lena n-áiritheofar, laistigh de 6 bliana ó fhoilsiú cinnidh maidir le conclúidí BAT i gcomhréir le hAirteagal 13(5) a bhaineann le príomhghníomhaíocht suiteála, nach mbeidh astaíochtaí, faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin, níos mó ná leibhéil astaíochta a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT. ***Tabharfaidh na Ballstáit nó na húdaráis inniúla fógra do INCITE maidir leis na teicnící atá ag teacht chun cinn ar deonaíodh cead ina leith.*** |

**Leasú 162**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le gach suiteáil a dhéanann aon ghníomhaíocht a liostaítear i bpointí 1, 2, 3, 4, 6.1 a, agus 6.1 b d’Iarscríbhinn I, ceanglóidh na Ballstáit go n-áireoidh an t-oibreoir, faoin 30 Meitheamh 2030, plean claochlaithe lena haghaidh ina chóras bainistíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a. Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe faoi conas a chlaochlófar an tsuiteáil ar feadh na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4. | I gcás inar deonaíodh maolú i gcomhréir le hAirteagal 15 (4), ceanglóidh na Ballstáit go n-áireoidh an t-oibreoir, faoin 30 Meitheamh 2027, plean claochlaithe táscach ina chóras bainistithe comhshaoil do gach suiteáil a dhéanann aon ghníomhaíocht a liostaítear i bpointí 1, 2, 3, 4, 6.1 a, agus 6.1 b d’Iarscríbhinn I. |
| | ***Déanfaidh oibreoirí na 200 suiteáil a dhéanann an truailliú is mó san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 76 mír 2, plean claochlaithe táscach a áireamh ina gcóras bainistithe comhshaoil le haghaidh gach*** |

***ceann de na suiteálacha sin, ach amháin má tá plean um dhúnadh le haghaidh 2035 ag an tsuiteáil.***

Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe an claochlú a dhéanamh le linn na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4. ***Áireofar sa phlean claochlaithe conair chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus treochlár maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag na suiteálacha a bheith níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de, go háirithe maidir le fuinneamh agus uisce, mar shampla trí bhíthin córais athúsáide uisce, trí na bearta a chuirfidh an t-oibreoir chun feidhme a leagan síos.***

***Ceanglóidh na Ballstáit go gcuirfidh an t-oibreoir, faoin 30 Meitheamh 2029, plean claochlaithe táscach san áireamh ina chóras bainistithe comhshaoil do gach suiteáil a dhéanann aon ghníomhaíocht a liostaítear i bpointí 1, 2, 3, 4, 6.1 a, agus 6.1 b d'Iarscríbhinn I, plean claochlaithe comhdhlúite ar leibhéal corparáideach le haghaidh dhá shuiteáil nó níos mó dá dtagraítear in Airteagal 4(2), nó plean claochlaithe comhdhlúite do na gnóthais uile i ngrúpa lena gcumhdaítear na heilimintí dá dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír, agus lena n-áirítear tagairt do gach suiteáil.***

**Leasú 163**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an eagraíocht iniúchóireachta atá ar conradh ag an | Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an eagraíocht iniúchóireachta atá ar conradh ag an |

| | |
|---|---|
| oibreoir mar chuid dá chóras bainistíochta comhshaoil, faoin 31 Nollaig 2031, measúnú ar chomhréireacht na bpleananna claochlaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1 leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4. | oibreoir mar chuid dá chóras bainistithe comhshaoil, tráth nach déanaí ná bliain tar éis na sprioc-amanna a leagtar amach sa chéad fhomhír, measúnú ar chomhréireacht na bpleananna claochlaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4, chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagair atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. |

**Leasú 164**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina bhfuil eiliminti de na pleananna claochlaithe forbartha cheana féin in áit eile agus go bhfuil siad i gcomhréir leis an bhforáil seo, féadfar tagairt a dhéanamh sa phlean claochlaithe do na doiciméid ábhartha.*** |

**Leasú 165**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú rialta ar na pleananna claochlaithe a luaitear i mír 1 agus, más gá, go ndéanfar iad a leasú.*** |

**Leasú 166**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**

Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit, mar chuid den athbhreithniú ar choinníollacha an cheada de bhun Airteagal 21(3) tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le conclúidí BAT tar éis an 1 Eanáir 2030, go n-áireoidh an t-oibreoir plean claochlaithe ina chóras bainistíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a le haghaidh gach suiteála a dhéanann aon ghníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I nach dtagraítear di i mír 1. Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe faoi conas a chlaochlófar an tsuiteáil ar feadh na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4. | Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-oibreoir atá i mbun aon ghníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I nach dtagraítear di i mír 1 plean claochlaithe a áireamh ina chóras bainistithe comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a mar a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo faoin 1 Eanáir 2030. Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe faoi conas a chlaochlófar an tsuiteáil ar feadh na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4. |

**Leasú 167**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 2 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an eagraíocht iniúchóireachta atá ar conradh ag an oibreoir mar chuid dá chóras bainistíochta comhshaoil measúnú ar chomhréireacht na bpleananna claochlaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 4. | Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfaidh an eagraíocht iniúchóireachta atá ar conradh ag an oibreoir mar chuid dá chóras bainistithe comhshaoil measúnú ar chomhréireacht na bpleananna claochlaithe táscacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2 leis na ceanglais a leagtar amach sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i mír 4. |

**Leasú 168**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Faoin 30 Meitheamh 2028, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena leagtar síos an fhormáid le haghaidh na bpleananna claochlaithe. ***Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 75(2).'.*** | 4. Déanfaidh an Coimisiún, faoin 30 Meitheamh 2026, gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 76, chun an Treoir seo a fhorlíonadh tríd an bhformáid do na pleananna claochlaithe agus liosta de na 200 suiteáil a dhéanann an truailliú is mó a bhunú.<br><br>Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú faoi 2035 ar inneachar agus ar fhormáid an phlean chlaochlaithe, agus i gcás inar gá, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, eilimintí, amhail garspriocanna earnáilsonracha, chomh maith le tuairisc ar an bhformáid dá dtuairisciú, i gcás inar gá, a chur leis na pleananna claochlaithe agus athbhreithniú a dhéanamh, faoi 2040, ar liosta de na 200 suiteáil a dhéanann an truailliú is mó agus truailleáin uisce, tar éis truailleáin aeir, á gcur san áireamh freisin. |

**Leasú 169**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Ceanglóidh na Ballstáit, i gcás inarb ábhartha, ar oibreoirí suiteálacha measúnú a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le huirlisí digiteacha a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil a suiteálacha a fheabhsú.*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 30 – mír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | In Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5: |
| 5. Féadfaidh an t-údarás inniúil maolú a dheonú ar feadh uastréimhse 6 mhí ón oibleagáid na teorainnluachanna astaíochta dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3 a chomhlíonadh maidir le dé-ocsaíd sulfair i ndáil le gléasra dócháin a úsáideann breosla ísealsulfair de ghnáth chun na críche sin, i gcásanna nach féidir leis an oibreoir na teorainnluachanna sin a chomhlíonadh de dheasca briseadh i soláthar breosla ísealsulfair de dheasca mórghanntanais. | ‘5. Féadfaidh an t-údarás inniúil maolú a dheonú ar feadh uastréimhse 6 mhí ón oibleagáid na teorainnluachanna astaíochta dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3 a chomhlíonadh maidir le dé-ocsaíd sulfair i ndáil le gléasra dócháin a úsáideann breosla ísealsulfair de ghnáth chun na críche sin, i gcásanna nach féidir leis an oibreoir na teorainnluachanna sin a chomhlíonadh de dheasca briseadh i soláthar breosla ísealsulfair de dheasca mórghanntanais. |
| Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon mhaolú a dheonaítear faoin gcéad fhomhír. | Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon mhaolú arna dheonú faoin gcéad fhomhír agus cuirfidh siad cruthúnas ar fáil don Choimisiún maidir leis an nganntanas agus údar mionsonraithe maidir leis an bhfáth a bhfuil gá leis an maolú.’ |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 30 – mír 6 – fomhír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 30(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*** |
| Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon mhaolú a dheonaítear faoin gcéad fhomhír. | ‘Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas láithreach faoi aon mhaolú arna dheonú faoin gcéad fhomhír agus cuirfidh siad cruthúnas ar fáil don Choimisiún maidir leis an mbriseadh sa soláthar agus údar mionsonraithe maidir leis an bhfáth a bhfuil gá leis an maolú.’ |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22 c (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 30 – mír 9 – fomhír 1 – pointe c

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 30(9), cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhomhír 1:*** |
| (c) gléasraí dócháin ina ndóitear gáis seachas gás nádúrtha; | ‘(c) gléasraí dócháin ina ndóitear gáis seachas gás ***iontaise nó bithghineach;’*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 42 – mír 1 – fomhír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***nach*** cúis é an loscadh le hastaíochtaí níos ***airde*** ná dóchán na mbreoslaí is lú is cúis le truailliú atá ar fáil ar an margadh a d’fhéadfaí a dhó sa tsuiteáil; | (a) ***gur*** cúis é an loscadh le hastaíochtaí níos ***ísle*** ná dóchán na mbreoslaí is lú is cúis le truailliú atá ar fáil ar an margadh a d’fhéadfaí a dhó sa tsuiteáil; |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 42 – mír 2 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 42, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***2a. Déanfaidh gléasraí dá dtagraítear*** |

***i mír 2, pointe (b), sonraí a thuairisciú do na húdaráis inniúla maidir le dramhaíl iomlán loiscthe, lena n-áirítear cainníochtaí agus saintréithe na dramhaíola guaisí dá dtagraítear in Airteagal 45(2), pointe (b), astaíochtaí isteach san aer agus san uisce, pH, teocht agus sreabhadh an sceithe fuíolluisce.***

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 50 – mír 2 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 50, cuirtear isteach mír 2a (nua):*** |
| | ***2a. Déanfar faireachán freisin ar astaíochtaí san aer ó ghléasraí loiscthe agus comhloiscthe dramhaíola le linn dálaí nach gnáthdhálaí oibriúcháin (OTNOC) iad, go háirithe astaíochtaí PCDD/F agus PCBanna de chineál dé-ocsaine le linn oibríochtaí tosaithe agus múchta. Cuirfidh na gléasraí loiscthe agus comhloiscthe cosc ar astaíochtaí PCDD/F agus PCBanna de chineál dé-ocsaine le linn amanna oibriúcháin uile, lena n-áirítear OTNOC, inter alia trína áirithiú go bhfuil an córas glanta gáis múcháin ag feidhmiú go hiomlán roimh fotha dramhaíola.*** |

*Réasúnú*

*Tugadh faoi deara, lena n-áirítear in BREF maidir le loscadh dramhaíola, go bhfuil oibríochtaí tosaithe agus OTNOC eile nasctha le hastaíochtaí arda dé-ocsainí atá comhionann i gcásanna áirithe le hastaíochtaí ó roinnt míonna de ghnáthoibríocht.*

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 c (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 55 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 55, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. Maidir le gléasraí loiscthe dramhaíola agus gléasraí comhloiscthe dramhaíola ag a bhfuil toilleadh ainmniúil dhá thona nó níos mó in aghaidh na huaire, beidh san áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 72 faisnéis maidir le feidhmiú an ghléasra agus faireachán air, agus tabharfar tuairisc inti ar chur i gcrích an phróisis loiscthe nó comhloiscthe agus ar leibhéal na n-astaíochtaí isteach san aer agus san uisce i gcomparáid leis na teorainnluachanna astaíochta. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil don phobal. | 2. Maidir le gléasraí loiscthe dramhaíola agus gléasraí comhloiscthe dramhaíola ag a bhfuil toilleadh ainmniúil dhá thona nó níos mó in aghaidh na huaire, beidh san áireamh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 72 faisnéis maidir le feidhmiú an ghléasra agus faireachán air, agus tabharfar tuairisc inti ar chur i gcrích an phróisis loiscthe nó comhloiscthe agus ar leibhéal na n-astaíochtaí isteach san aer agus san uisce i gcomparáid leis na teorainnluachanna astaíochta. ***Ba cheart go n-áireofaí leis sin sonraí astaíochtaí arna dtabhairt in oll-luachanna agus i mbuntuarascálacha anailíse saotharlainne.*** Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil don phobal. |

*Réasúnú*

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A02010L0075-20110106&qid=1670312326229)*

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 d (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 58 – mír 1

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 58, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:*** |
| Maidir le substaintí nó meascáin a ndéantar ráitis ghuaise H340, H350, H350i, H360D nó H360F a shannadh dóibh nó ar gá na ráitis ghuaise sin a bheith orthu, de bharr go bhfuil comhdhúile orgánacha | Maidir le substaintí nó meascáin a ndéantar ráitis ghuaise H340, H350, H350i, H360D nó H360F a shannadh dóibh nó ar gá na ráitis ghuaise sin a bheith orthu, mar gheall ar a gcion de chomhdhúile so-ghalaithe |

| | |
|---|---|
| soghalaithe iontu a aicmítear mar charcanaiginí nó só-ghineacha nó mar thocsaineach don atáirgeadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, déanfar iad a ionadú, a mhéid is féidir agus a luaithe is féidir, le substaintí nó meascáin ar lú an díobháil a dhéanann siad. | orgánacha, carcanaigineacha, só-ghineacha nó tocsaineacha maidir le hatáirgeadh de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, nó a aicmítear mar shubstaintí nó meascáin atá marthanach, in-bhithbhailithe agus tocsaineach nó ina suaiteoirí inchríneacha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, déanfar iad a ionadú, a mhéid is féidir agus a luaithe is féidir, le substaintí nó meascáin ar lú an díobháil a dhéanann siad. |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 e (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 63 – mír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 63, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:*** |
| 2. I gcás ina ndéantar athrú substaintiúil ar shuiteáil atá ann cheana, nó i gcás ina dtagann sí faoi raon feidhme na Treorach seo den chead uair tar éis athrú substaintiúil, caithfear leis an gcuid sin den tsuiteáil a ndéantar an t-athrú substaintiúil uirthi mar shuiteáil nua nó mar shuiteáil atá ann cheana, ar choinníoll nach dtéann astaíochtaí iomlána na suiteála ar fad thar leibhéil na n-astaíochtaí a bheadh ann dá gcaithfí mar shuiteáil nua leis an gcuid a athraíodh go substaintiúil. | ‘2. I gcás ina ndéantar athrú suntasach ar shuiteáil atá ann cheana, nó i gcás ina dtagann sí faoi raon feidhme na Treorach seo den chéad uair tar éis athrú substaintiúil a dhéanamh, déileálfar leis an gcuid sin den ghléasra a ndéantar an t-athrú substaintiúil uirthi mar shuiteáil nua.’ |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 f (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 64 – mír 2 – pointe d a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 64, mír 2, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*** |
| | ***(da) na bacainní ar athchúrsáil agus athúsáid tuaslagóirí orgánacha agus bealaí chun deireadh a chur leis na bacainní sin.*** |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23 g (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70 – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(23g) In Airteagal 70, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*** |
| 3. Déanfar an faireachán i gcomhréir le caighdeáin CEN nó, mura mbeidh fáil ar chaighdeáin CEN, i gcomhréir le caighdeáin ISO, le caighdeáin náisiúnta nó le caighdeáin idirnáisiúnta eile lena n-áiritheofar an soláthar sonraí ar cháilíocht choibhéiseach eolaíoch. | '3. Déanfar an faireachán i gcomhréir le caighdeáin CEN nó, mura mbeidh fáil ar chaighdeáin CEN, i gcomhréir le caighdeáin ISO, le caighdeáin náisiúnta nó le caighdeáin idirnáisiúnta eile lena n-áiritheofar an soláthar sonraí ar cháilíocht choibhéiseach eolaíoch. ***Tá feidhm aige sin freisin maidir le córas dearbhaithe cáilíochta na saotharlainne a dhéanann an faireachán. '*** |

**Leasú 181**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70a – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin [an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 3] féadfar táirgí de thionscnamh gníomhaíochtaí*** |

***tógála a chumhdaítear le Caibidil VIa a chur ar mhargadh AE ar choinníoll go gcomhlíonann an tsuiteáil ina ndéantar an ghníomhaíocht tógála coinníollacha aonfhoirmeacha na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear san Airteagal seo, nó má thugann na hallmhaireoirí ráthaíochtaí tionscnaimh ó thríú tíortha a mheastar a bheith inchomparáide ó thaobh éifeachtachta de. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an t-allmhairiú comhlíonadh na dtáirgí allmhairithe a fhíorú. Déanfaidh an Coimisiún faoin [an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] gníomh tarmligthe a chur ar aghaidh chun modheolaíocht atá comhsheasmhach leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála a bhunú lena leagfar síos an nós imeachta maidir le táirgí a chur ar mhargadh an Aontais agus an nós imeachta fíorúcháin d'údarás inniúil, chun cothrom iomaíochta a áirithiú.***

**Leasú 182**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Má tá dhá shuiteáil nó níos mó suite gar dá chéile agus más ionann a n-oibreoir nó má tá na suiteálacha faoi rialú oibreoirí a bhfuil caidreamh eacnamaíoch nó dlíthiúil eatarthu, measfar gur aonad aonair iad na suiteálacha lena mbaineann chun an tairseach acmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 70a a ríomh. | ***Glacfaidh na Ballstáit bearta lena áirithiú*** sa chás go bhfuil dhá shuiteáil nó níos mó***, i mbun gníomhaíochtaí tógála,*** suite gar dá chéile agus más ionann a n-oibreoir, nó má tá na suiteálacha faoi rialú oibreoirí a bhfuil caidreamh eacnamaíoch nó dlíthiúil eatarthu, measfar gur aonad aonair iad na suiteálacha sin chun críche an tairseach acmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 70a a ríomh. ***Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfear an riail sin chun dul timpeall ar na hoibleagáidí a leagtar amach sa treoir seo. Faoin ... [an chéad lá de 24 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], foilseoidh an*** |

***Coimisiún treoirlínte, tar éis dó dul i gcomhairle leis na Ballstáit, maidir leis na critéir chun suiteálacha éagsúla a mheas mar aonad aonair faoi mhír 1.***

**Leasú 183**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceadanna | Ceadanna ***agus clárúcháin*** |

**Leasú 184**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach ndéanfar aon suiteáil a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo a oibriú gan chead agus go gcomhlíonfar ***lena*** hoibriú na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i. | Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach ndéanfar aon suiteáil a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo a oibriú gan chead ***nó gan a bheith cláraithe*** agus go gcomhlíonfar le hoibriú ***na suiteálacha uile dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia*** na rialacha oibriúcháin ***i gcoinníollacha aonfhoirmeacha*** dá dtagraítear in Airteagal 70i. |
| | ***Úsáidfidh na Ballstáit aon nós imeachta den chineál céanna atá ann cheana maidir leis an gclárú chun nach gcruthófar ualach riaracháin. In aon chás, cuirfidh na Ballstáit nós imeachta ceadaithe i bhfeidhm maidir le diantógáil éanlaith chlóis agus muc:*** |
| | ***(a) ina bhfuil níos mó ná 40 000 áit d'éanlaith chlóis,*** |
| | ***(b) lena ngabhann níos mó ná 2 000 áit do mhuca táirgthe (os cionn 30 kg), nó*** |
| | ***(c) ina bhfuil níos mó ná 750 áit do*** |

| | |
|---|---|
| | ***chránacha.*** |

**Leasú 185**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar in iarratais ar cheadanna tuairisc ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad: | 2. Áireofar ***i gclárú*** na gceadanna ***nó*** sna hiarratais ar cheadanna tuairisc ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad: |

**Leasú 186**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cineál an ainmhí | (b) cineál an ainmhí ***agus an dlús beostoic;*** |

**Leasú 187**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) cineál agus cainníochtaí na n-astaíochtaí intuartha ón tsuiteáil isteach i ngach meán**.** | (e) cineál agus cainníochtaí na n-astaíochtaí intuartha ón tsuiteáil isteach i ngach meán ***faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin;*** |

**Leasú 188**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – pointe ea (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) neas-líon na laethanta a chaith ainmhithe lasmuigh den stábla.*** |

**Leasú 189**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas, gan mhoill, faoi aon athrú substaintiúil a bheartaítear a dhéanamh ar na suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, ar athrú é a bhféadfadh iarmhairtí ar an gcomhshaol a bheith leis. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an t-údarás inniúil an cead a athmheas agus a thabhairt cothrom le dáta. | 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas, gan mhoill, faoi aon athrú substaintiúil a bheartaítear a dhéanamh ar na suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, ar athrú é a bhféadfadh iarmhairtí ar an gcomhshaol a bheith leis. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an t-údarás inniúil an cead a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ***nó iarrfaidh sé ar an oibreoir iarratas a dhéanamh ar chead nó clárú nua a dhéanamh***. |

**Leasú 190**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, laistigh de dhá bhliain ó chur chun feidhme iomlán na rialacha oibriúcháin, ina ndéanfar measúnú ar thionchar an chórais ar inmharthanacht eacnamaíoch suiteálacha talmhaíochta a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, ar na costais a shanntar do na córais cheadaithe agus chlárúcháin agus ar na laghduithe ar astaíochtaí a baineadh amach leis na bearta arna gcur chun*** |

***feidhme, agus na costais agus na sochair uile a bhaineann le comhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha amach á gcur san áireamh, chun forálacha cur chun feidhme áirithe ón treoir a oiriúnú dá réir.***

**Leasú 191**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-oibreoir faireachán ar astaíochtaí agus ar leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leo i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i. | Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-oibreoir faireachán ar astaíochtaí agus ar leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leo faoi choinníollacha aonfhoirmeacha i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin ***a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 70i. |

**Leasú 192**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70d – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Gheofar sonraí faireacháin trí mhodhanna tomhais nó, i gcás nach bhfuil sé indéanta, trí mhodhanna ríofa amhail fachtóirí astaíochta a úsáid. Tabharfar tuairisc sna rialacha oibriúcháin ar na modhanna tomhais agus ar na modhanna ríofa araon, más infheidhme.*** |
| Coimeádfaidh an t-oibreoir taifead ar thorthaí uile an fhaireacháin, agus déanfaidh sé iad a phróiseáil, ar feadh tréimhse 6 bliana ar a laghad, ar bhealach lenar féidir fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach sna rialacha oibriúcháin ***dá dtagraítear in Airteagal 70i***. | Coimeádfaidh an t-oibreoir taifead ar thorthaí uile an fhaireacháin, agus déanfaidh sé iad a phróiseáil, ar feadh tréimhse 6 bliana ar a laghad, ar bhealach |

lenar féidir fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach sna rialacha oibriúcháin.

***Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá de 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], foilseoidh an Coimisiún treoirlínte, maidir leis na critéir le haghaidh modhanna tomhais agus ríofa, agus sainiúlachtaí agus ilchineálacht na gcleachtas tógála ar fud an Aontais á gcur san áireamh.***

**Leasú 193**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70d – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás neamhchomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach sna rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i, ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear comhlíontacht ar bun arís, laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir. | 2. I gcás neamhchomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil ***faoi choinníollacha aonfhoirmeacha*** a leagtar amach sna rialacha oibriúcháin ***a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 70i, ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear comhlíontacht ar bun arís, laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir. |

**Leasú 194**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70d – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le haon dramhaíl, seachtháirge ainmhí nó iarmhar eile arna | 3. Maidir le haon ***bhainistiú aoiligh, lena n-áirítear*** dramhaíl, seachtháirge |

ghiniúint ag an tsuiteáil a leathadh ar thalamh, áiritheoidh an t-oibreoir go ndéanfar é i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, mar a shonraítear sna rialacha oibriúcháin ***dá dtagraítear in Airteagal 70i***, go ndéanfar é i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais agus nach mbeidh sé ina chúis le truailliú nach beag an chomhshaoil.

ainmhí nó iarmhar eile arna ghiniúint ag an tsuiteáil a leathadh ar thalamh, áiritheoidh an t-oibreoir go ndéanfar é i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, mar a shonraítear sna rialacha oibriúcháin, agus i reachtaíocht ábhartha eile an Aontais agus nach mbeidh sé ina chúis le truailliú nach beag an chomhshaoil.

**Leasú 195**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70e – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán oiriúnach i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar faireachán oiriúnach ***faoi choinníollacha aonfhoirmeacha*** i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin ***a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 70i**.** |

**Leasú 196**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70e – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh an t-oibreoir na sonraí agus an fhaisnéis a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo ar fáil don údarás inniúil gan mhoill, arna iarraidh sin aige. Féadfaidh an t-údarás inniúil iarraidh den sórt sin a dhéanamh chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha oibriúcháin ***dá dtagraítear in Airteagal 70i***. Déanfaidh an t-údarás inniúil iarraidh den sórt sin má iarrann duine den phobal rochtain ar na sonraí nó ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo. | 3. Cuirfidh an t-oibreoir na sonraí agus an fhaisnéis a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo ar fáil don údarás inniúil gan mhoill, arna iarraidh sin aige. Féadfaidh an t-údarás inniúil iarraidh den sórt sin a dhéanamh chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha oibriúcháin. Déanfaidh an t-údarás inniúil iarraidh den sórt sin má iarrann duine den phobal rochtain ar na sonraí nó ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo. |

**Leasú 197**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70f – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mó na luachanna maidir le hastaíochtaí agus maidir le leibhéil feidhmíochta comhshaoil a ndéanfar faireachán orthu i gcomhréir leis na rialacha oibríochta dá dtagraítear in Airteagal 70i ná na teorainnluachanna astaíochta agus na teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach ann. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mó na luachanna maidir le hastaíochtaí agus maidir le leibhéil feidhmíochta comhshaoil a ndéanfar faireachán orthu i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin ***i gcoinníollacha aonfhoirmeacha a leagtar síos sa ghníomh tarmligthe*** dá dtagraítear in Airteagal 70i ná na teorainnluachanna astaíochta agus na teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach ann. |

**Leasú 198**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70g – mír 1 – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) sa nós imeachta maidir le clárú, i gcás nach nglactar rialacha ceangailteacha ginearálta, agus nach gceadaíonn na Ballstáit ach an tsuiteáil a chlárú.*** |

**Leasú 199**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70g – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an cead; | (a) an cead ***nó an clárú***; |

**Leasú 200**
**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70h – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní ***fhéadfaidh*** seasamh sa nós imeachta athbhreithnithe a bheith ag braith ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo. | Ní ***bheidh*** seasamh sa nós imeachta athbhreithnithe ag brath ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo. |

**Leasú 201**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Leagfaidh an Coimisiún rialacha oibriúcháin síos ina mbeidh ceanglais atá comhsheasmhach le húsáid na dteicnící is fearr atá ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn Ia, lena n-áireofar an méid seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) teorainnluachanna astaíochta;*** | |
| ***(b) ceanglais maidir le faireachán;*** | |
| ***(c) cleachtais leata ar thalamh;*** | |
| ***(d) cleachtais maidir le truailliú a chosc agus a mhaolú;*** | |
| ***(e) teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil;*** | |
| ***(f) bearta eile atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn III.*** | |

**Leasú 202**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Eagróidh an Coimisiún malartú faisnéise idir na Ballstáit, na hearnálacha lena mbaineann, na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn, agus an Coimisiún sula mbunóidh sé rialacha oibriúcháin maidir le coinníollacha aonfhoirmeacha i gcomhréir le mír 2.*** |
| | ***Rachaidh an malartú faisnéise i ngleic, go háirithe, leis na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(a) leibhéil feidhmíochta astaíochtaí agus comhshaoil suiteálacha agus teicnící i dtéarmaí astaíochtaí, tomhaltais agus cineál na n-amhábhar, tomhaltas uisce, úsáid fuinnimh agus giniúint dramhaíola, agus bearta eile atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn III;*** |
| | ***(b) na teicnící a úsáidtear, an faireachán bainteach, na héifeachtaí trasmheáin, an inmharthanacht eacnamaíoch agus theicniúil agus na forbairtí i ndáil leis sin;*** |
| | ***(c) na teicnící is fearr atá ar fáil arna sainaithint tar éis na saincheisteanna a luaitear i bpointí (a) agus (b) a mheas.*** |

**Leasú 203**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 76 chun ***an Treoir seo a fhorlíonadh trí*** na rialacha oibriúcháin ***dá dtagraítear i mír 1 a leagan síos.’***. | 2. Glacfaidh an Coimisiún faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 76 chun ***rialacha oibriúcháin a bhunú maidir le coinníollacha aonfhoirmeacha i gcás gach aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn Ia a eascraíonn as malartú*** |

***faisnéise dá dtagraítear san Airteagal seo.***

***Beidh na rialacha oibriúcháin sin i gcoinníollacha aonfhoirmeacha comhsheasmhach le húsáid na dteicnící is fearr atá ar fáil do na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn Ia agus cuirfear san áireamh leo nádúr, cineál, méid agus dlús na suiteálacha sin, méid tréadaí de chineálacha aonair ainmhithe i bhfeirmeacha measctha agus sainiúlachtaí na gcóras tógála eallaigh atá bunaithe ar fhéarach, i gcás nach dtógtar ainmhithe i suiteálacha laistigh ach go séasúrach.***

Leis na rialacha oibriúcháin ***déanfar teicnící atá ag teacht chun cinn i bhfeirmeoireacht ainmhithe a ionchorprú agus sonrófar na coinníollacha faoina bhféadfaidh an t-údarás inniúil cead a dheonú do shuiteáil talmhaíochta trí úsáid a bhaint as na teicnící sin***.

**Leasú 204**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na coinníollacha ceada uile le haghaidh na suiteálacha lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 42 mhí ó theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe lena mbunaítear na rialacha sin. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na coinníollacha ceada uile le haghaidh na suiteálacha lena mbaineann ***agus na suiteálacha atá á gclárú*** i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 42 mhí ó theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe lena mbunaítear na rialacha sin. |

**Leasú 205**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 72 – mír 5 (nua)

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(25a) In Airteagal 72, cuirtear an mhír seo a leanas leis:*** |
| | ***5. Gach bliain, soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún, trí mheán leictreonach, na heilimintí seo a leanas, a fhoilseofar ar an Tairseach i bhformáid a bheidh inrochtana go héasca agus a bheidh soláimhsithe don úsáideoir:*** |
| | ***(a) an achoimre ar chead i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 5(4) den Treoir seo;*** |
| | ***(b) an nasc díreach chuig EMS de bhun Airteagal 14a den Treoir seo;*** |
| | ***(c) an nasc díreach chuig an gcead de bhun Airteagal 5(4) den Treoir seo agus, i gcás inarb infheidhme, an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gcead chun an dara fomhír d'Airteagal 15 den Treoir seo a chur i bhfeidhm;*** |
| | ***(d) an nasc díreach chuig na pleananna um chlaochlú de bhun Airteagal 27d den Treoir seo;*** |
| | ***(e) sonraí eolaíocha atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 79a.*** |
| | ***(f) liosta de shuiteálacha neamhchomhlíontacha de bhun Airteagal 79 den Treoir seo tar éis an chinnidh chríochnaithigh maidir le neamhchomhlíonadh údarás inniúil breithiúnach nó riaracháin an Bhallstáit lena mbaineann i gcomhréir leis an dlí náisiúnta;*** |
| | ***(g) an nasc díreach chuig suíomh gréasáin na bhfógraí poiblí le haghaidh gach suiteála de chuid na n-údarás inniúil.*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis arna tuairisciú ag na Ballstáit a ionchorprú sa Tairseach laistigh de dhá mhí ón bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a fháil.*** |

| | |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis seo a leanas a ionchorprú sa Tairseach laistigh de dhá mhí tar éis a foilsithe:*** <br> ***(a) Conclúid BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(6) den Treoir seo.*** |

**Leasú 206**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 73 – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 30 Meitheamh 2028 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina n-athbhreithneofar cur chun feidhme na Treorach seo. Cuirfear dinimic na nuálaíochta agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2003/87/CE san áireamh sa tuarascáil. | Faoin 30 Meitheamh 2028 agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina n-athbhreithneofar cur chun feidhme na Treorach seo. Cuirfear san áireamh sa tuarascáil dinimic na nuálaíochta***, teicnící atá ag teacht chun cinn, an gá atá le tuilleadh beart coiscthe ar thruailliú agus an gá atá le haistriú tionsclaíoch cóir agus cuimsitheach*** agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear in Airteagal 8 de Threoir 2003/87/CE. |

**Leasú 207**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 73 – mír 1 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áireofar sa tuarascáil sin measúnú ar an ngá le gníomhaíocht ón Aontas trí íoscheanglais ar fud an Aontais maidir le teorainnluachanna astaíochta a leagan síos nó a thabhairt cothrom le dáta agus ar an ngá le rialacha maidir le faireachán agus comhlíontacht le haghaidh gníomhaíochtaí faoi raon feidhme chonclúidí BAT arna nglacadh le linn na tréimhse 5 bliana roimhe sin, ar bhonn na gcritéar seo a | Áireofar sa tuarascáil sin measúnú ar an ngá le gníomhaíocht ón Aontas trí íoscheanglais ar fud an Aontais maidir le teorainnluachanna astaíochta a leagan síos nó a thabhairt cothrom le dáta***, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nár glacadh conclúidí BAT ina leith de bhun Airteagal 13(7) den Treoir seo*** agus ar an ngá le rialacha maidir le faireachán agus comhlíontacht le haghaidh gníomhaíochtaí |

| | |
|---|---|
| leanas: | faoi raon feidhme chonclúidí BAT arna nglacadh le linn na tréimhse 5 bliana roimhe sin, ar bhonn na gcritéar seo a leanas: |

**Leasú 208**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 26**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 73 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) cothrom iomaíochta maidir le ceanglais feidhmíochta comhshaoil an tionscail laistigh den Aontas agus i dtríú tíortha.*** |

**Leasú 209**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 74 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Chun gur féidir le forálacha na Treorach seo cuspóirí na Treorach seo a chomhlíonadh eadhon astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 76, chun Iarscríbhinn I nó Iarscríbhinn Ia a leasú trí ghníomhaíocht agraithionsclaíoch a áireamh sna hIarscríbhinní sin, ar gníomhaíocht í a chomhlíonann na critéir seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) tá tionchar aici ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol nó tá coinne leis go mbeidh, go háirithe de thoradh ar astaíochtaí truailleán agus úsáid acmhainní;*** | |

***(b) baineann éagsúlacht lena feidhmíocht chomhshaoil laistigh den Aontas;***

***(c) d'fhéadfaí feabhas a chur ar a tionchar comhshaoil trí na teicnící is fearr atá ar fáil nó teicnící nuálacha a chur i bhfeidhm;***

***(d) meastar, ar bhonn a tionchair chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta, go bhfuil cóimheas fabhrach idir na tairbhí sochaíocha agus na costais eacnamaíocha a bhaineann lena háireamh i raon feidhme na Treorach seo.***

**Leasú 210**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 74 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar mheasúnú tionchair, gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 76 chun pointe 3.6. d'Iarscríbhinn I a leasú trí liosta uileghabhálach a chur leis de na próisis eastósctha agus cóireála do bharit, beintinít, diatóimít, iathchloch, fluairít, graifít, caoilín, maignéisít, péirlít, potais, salann, sulfar agus talc, i gcás ina mbíonn tionchar suntasach ar an gcomhshaol ag na próisis eastósctha agus chóireála le haghaidh mianraí den sórt sin maidir le hastaíochtaí agus/nó tomhaltas uisce agus fuinnimh agus na tairseacha ábhartha ag baint leo.*** |

**Leasú 211**
**Togra le haghaidh treorach**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 74 – mír 2 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Tar éis [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach dáta an chéad lá den mhí 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] agus bunaithe ar mheasúnú tionchair, féadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 76 chun pointe 3.6. d'Iarscríbhinn I a leasú trí mhianraí neamhfhuinnimh a aimsítear le déanaí san Aontas a chur leis, má bhíonn tionchar suntasach ag a n-eastóscadh agus a gcóireáil ar an gcomhshaol maidir le hastaíochtaí agus/nó tomhaltas uisce agus fuinnimh.*** |

**Leasú 212**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 76 – mír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Déanfaidh an Coimisiún, bunaithe ar an tuarascáil ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil ETC/ATNI 2020/4, faoin 30 Meitheamh 2026 gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 76 chun liosta a bhunú de na 200 suiteáil is mó a dhéanann truailliú, bunaithe ar chostais imeallacha damáiste do na truailleáin aeir (PM2.5, PM10, SO2, NH3, NOX, NMVOCanna, As, Cd, CrVI, Pb, Hg, Ni, 1,3 bútaidhé-éine, beinséin, formaildéad, beinsi(a)piréin, dé-ocsainí agus fúráin) agus gáis cheaptha teasa (CO2, CH4 agus N2O) i gcomhréir leis an tuarascáil. Agus an liosta á bhunú, féadfaidh an Coimisiún truailliú ó thruailleáin faoi seach sa timpeallacht uisce a mheas, i gcás inarb infheidhme.*** |

**Leasú 213**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar sna pionóis dá dtagraítear i mír 1 fíneálacha atá comhréireach le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh nó le hioncam an duine nádúrtha a rinne an sárú. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a ríomh ar bhealach lena n-áiritheofar go mbainfear go héifeachtach na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as an sárú sin den duine atá freagrach as an sárú. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a mhéadú de réir a chéile i gcás sáruithe a dhéanfar arís agus arís eile. I gcás sárú a dhéanfaidh duine dlítheanach, beidh uasmhéid na bhfíneálacha sin cothrom le ***8*** % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an oibreora sa ***Bhallstát lena mbaineann***. | 2. Áireofar sna pionóis dá dtagraítear i mír 1 fíneálacha atá comhréireach le láimhdeachas an duine dhlítheanaigh**,** nó le hioncam an duine nádúrtha a rinne an sárú. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a ríomh ar bhealach lena n-áiritheofar go mbainfear go héifeachtach na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as an sárú sin den duine atá freagrach as an sárú. Déanfar leibhéal na bhfíneálacha a mhéadú de réir a chéile i gcás sáruithe a dhéanfar arís agus arís eile. I gcás sárú a dhéanfaidh duine dlítheanach, beidh uasmhéid na bhfíneálacha sin cothrom le ***4*** % ar a laghad de láimhdeachas bliantúil an oibreora sa ***bhliain airgeadais roimh an mbliain ina ngearrtar fíneáil san Aontas***. |

**Leasú 214**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79 – mír 3 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an daonra nó an comhshaol a ndéanann an sárú difear dó, agus aird á tabhairt ar thionchar an tsáraithe ar an gcuspóir ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach. | (c) an daonra nó an comhshaol a ndéanann an sárú difear dó, agus aird á tabhairt ar thionchar an tsáraithe ar an gcuspóir ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach***, lena n-áirítear aisiompaitheacht aon dochair de dheasca an tsáraithe agus an tréimhse ama is gá chun an dochar a aisiompú***. |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79 – mír 3 – pointe c a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) sáruithe ábhartha a rinne an t-oibreoir nó an tsuiteáil roimhe sin.*** |

**Leasú 216**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79 – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Áiritheoidh na Ballstáit go n-úsáidfear ioncam ó phionóis, mar ábhar tosaíochta, chun cúiteamh a dhéanamh i leith dochar a dhéantar do phobail áitiúla, lena n-áirítear as na hiarmhairtí sóisialta a bhaineann le deireadh a chur le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, de bharr sáruithe um cheadú. Gan dochar d'Airteagal 79a, ní úsáidfear an t-ioncam arna dtiomsú ó phionóis chun críche Airteagal 79a.*** |

**Leasú 217**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 31**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79 – mír 3 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na bpionós dá dtagraítear sa mhír seo ag na Ballstáit agus, i gcás éagothromaíochtaí follasacha idir córais pionós na mBallstát, glacfaidh sé treoirlínte, i gcás inarb iomchuí.*** |

**Leasú 218**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndearnadh dochar do shláinte an duine de dheasca sárú ar bhearta náisiúnta a glacadh de bhun na Treorach seo, go mbeidh sé de cheart ag na daoine aonair a ndéantar difear dóibh cúiteamh maidir leis an dochar sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhartha ***agus***, i gcás inarb iomchuí, ó na húdaráis inniúla ábhartha ***atá freagrach as an sárú***. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndearnadh dochar do shláinte an duine de dheasca sárú ar bhearta náisiúnta a glacadh de bhun na Treorach seo, go mbeidh sé de cheart ag na daoine aonair a ndéantar difear dóibh cúiteamh maidir leis an dochar sin a éileamh agus a fháil ó na daoine nádúrtha nó dlítheanacha ábhartha ***atá freagrach as an sárú, lena n-áirítear***, i gcás inarb iomchuí, ó na húdaráis inniúla ***i gcás gurb é cinneadh, gníomh nó neamhghníomh an údaráis ba chúis leis an damáiste nó gur cuireadh leis an damáiste mar gheall ar an méid sin***. |

**Leasú 219**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina mbeidh éileamh ar chúiteamh i gcomhréir le mír 1, ar éileamh é a mbeidh fianaise ag tacú leis ónar féidir ***nasc cúisíoch idir an dochar agus*** an sárú a thoimhdiú, ***áiritheoidh*** na Ballstáit ***gur ar*** an duine atá freagrach as an sárú ***a bheidh an dualgas a chruthú nach raibh an sárú ina chúis leis an damáiste ná nár rannchuidigh sé leis an dochar***. | 4. I gcás ina ndéantar éileamh ar chúiteamh i gcomhréir le mír 1, agus fianaise mar thaca leis sin***, lena n-áirítear sonraí eolaíocha ábhartha,*** ónar féidir a thoimhdiú ***gurbh*** é an sárú ***ba chúis leis an damáiste nó gur rannchuidigh sé leis***, ***tabharfaidh*** na Ballstáit ***an ceart dlíthiúil*** don duine atá freagrach as an sárú ***an toimhde a fhrisnéis***. |

**Leasú 220**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79a – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***4a. Sa chás gur sholáthair an t-éilitheoir fianaise atá ar fáil go réasúnta chun tacú le héileamh ar chúiteamh i gcomhréir le mír 1, agus má thug an t-éilitheoir sin bunús réasúnta go bhfuil fianaise bhreise faoi rialú an chosantóra nó tríú páirtí, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an chúirt nó an t-údarás riaracháin in ann a ordú, arna iarraidh sin don éilitheoir sin, go nochtfaidh an cosantóir nó an tríú páirtí an fhianaise sin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nós imeachta, faoi réir na rialacha de chuid an Aontais agus na rialacha náisiúnta is infheidhme maidir le rúndacht agus comhréireacht.*** |

**Leasú 221**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79a – mír 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***5a. Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn 'sonraí eolaíocha ábhartha' sonraí staidrimh, sonraí eipidéimeolaíocha agus sonraí eile lena léirítear gaolmhaireacht chúise atá láidir ó thaobh staidrimh de idir cineálacha áirithe truaillithe agus dálaí sláinte áirithe.*** |

**Leasú 222**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79 a – mír 5 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***5b. Cuirfidh na Ballstáit sonraí eolaíocha ábhartha maidir leis na naisc chúisíocha idir cineálacha áirithe*** |

***truaillithe agus dálaí sláinte áirithe faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil. Tar éis grinnscrúdú tosaigh a dhéanamh ar iontaofacht eolaíoch na bhfoinsí, déanfaidh an Ghníomhaireacht na sonraí a ionchorprú sa Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha arna bunú faoi Rialachán (AE).../... (COM(2022)0157 – C9-0145/2022 – 2022/0105(COD)).***

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe -a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 1.2 a (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a) In Iarscríbhinn I, mír 3, cuirtear pointe 1.2 a isteach:*** |
| | ***1.2a taiscéalaíocht agus táirgeadh réamhtheachtach ola agus gáis iontaise ar tír, bailiú agus próiseáil gáis iontaise*** |

*Réasúnú*

*Chun Gealltanas an Aontais maidir le Meatán a chomhlíonadh go hiomlán, ní mór suiteálacha réamhtheachtacha ola agus gáis a bheith faoi raon feidhme na Treorach seo.*

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe a a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 1.2 b (nua)

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-a a) In Iarscríbhinn I, mír 3, cuirtear pointe 1.2 b isteach:*** |
| | ***1.2b Taiscéalaíocht agus táirgeadh réamhtheachtach ola agus gáis iontaise amach ón gcósta*** |

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe b**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 2.3 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) oibriú gaibhneachtaí ina n-úsáidtear casúir ar mó a bhfuinneamh ná ***20*** ciligiúl in aghaidh an chasúir; | (b) oibriú gaibhneachtaí ina n-úsáidtear casúir ar mó a bhfuinneamh ná ***50*** ciligiúl in aghaidh an chasúir; |

*Réasúnú*

*Ní gá na gníomhaíochtaí amhail gaibhneachtaí ina n-úsáidtear casúir faoi bhun 50 ciligiúil a chur leis agus níl sé sin i gcomhréir le rialacha IED. Maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn I a leasú trí ghníomhaíochtaí agraithionsclaíocha a chur léi, dá bhforáiltear in Airteagal 74, is gá measúnú bunaithe ar thionchair chomhshaoil, eacnamaíocha agus shóisialta na gníomhaíochta atá le cur leis chun gaol fabhrach idir sochair shochaíocha agus costais eacnamaíocha a léiriú. Níl measúnú den sórt sin ar fáil do na gníomhaíochtaí amhail gaibhneachtaí ina n-úsáidtear casúir faoi bhun 50 ciligiúil. Tháinig an Coimisiún féin ar an gconclúid ina mheasúnú ar leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn I trí ghníomhaíocht 2.3 a leathnú nach bhfuil sé cinnte an mbeadh tuilleadh feabhsuithe comhshaoil mar thoradh ar rialáil bhreise ar na gníomhaíochtaí breise ag IED, in ainneoin ualach breise rialála a thabhairt isteach ar oibreoirí agus ar údaráis phoiblí. Cé gur léiríodh go dtáirgeann na gníomhaíochtaí sin astaíochtaí san aer agus san uisce, níor cruthaíodh go bhfuil na hastaíochtaí sin an-truaillitheach nó ábhartha de réir bhrí Airteagal 74. 1 SWD(2020) 181 final, Meastóireacht ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED) 2 'Fianaise chomhlántach a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair a bhaineann le raon feidhme IED a leathnú chuig earnálacha breise', Tuarascáil Chríochnaitheach, 2021*

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe b**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 2.3 – pointe b a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(ba) oibriú gaibhneachtaí ina n-úsáidtear fáisceáin gaibhneachta ar mó a bhfórsa ná 10 meigeaniútan (MN) in aghaidh an fháisceáin;'.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 227**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 2.7

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2.7. Monarú ceallraí ian litiam ***(lena n-áirítear*** cealla ***ceallraí agus*** pacaí ***ceallraí*** a chóimeáil), ag a bhfuil acmhainn táirgthe arb ionann í agus ***3.5 GWh*** in aghaidh na bliana nó ar mó í ná sin.***;*** | 2.7. Monarú ceallraí ian litiam***, seachas*** cealla a chóimeáil ***go heisiach i*** bpacáistí ***agus i modúil***, ag a bhfuil acmhainneacht táirgeachta ***17, 500 tonna de chealla ceallraí (catóid, anóid, leictrilít, deighilteoir agus capsúl)*** nó níos mó in aghaidh na bliana. |

**Leasú 228**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe d**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 3.5 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) acmhainneacht táirgeachta is mó ná 75 thona in aghaidh an lae***; or*** | (a) acmhainneacht táirgeachta is mó ná 75 thona in aghaidh an lae***, agus/nó*** |

**Leasú 229**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe e**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 3.6 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3.6. Eastóscadh agus cóireáil (oibríochtaí amhail mionú, rialú méide, toghsaireacht agus uasghrádú) na mianraí neamhfhuinnimh seo a leanas: | 3.6. Eastóscadh agus cóireáil (oibríochtaí amhail mionú, rialú méide, toghsaireacht agus uasghrádú) na mianta ***miotaltáirgeacha*** neamhfhuinnimh seo a leanas: ***báicsít, cróimiam, cóbalt, copar, ór, airgead, iarann, luaidhe, litiam, mangainéis, nicil, pallaidiam, platanam, stán, tungstan agus sinc.*** |

**Leasú 230**
**Togra le haghaidh treorach**

**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe e**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 3.6 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) mianraí tionsclaíocha, lena n-áirítear bairít, beintinít, diatóimít, iathchloch, fluairít, graifít, gipseam, caoilín, maignéisít, péirlít, potais, salann, sulfar agus talc;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 231**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe e**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 3.6 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) mianta miotaltáirgeacha, lena n-áirítear báicsít, cróimiam, cóbalt, copar, ór, iarann, luaidhe, litiam, mangainéis, nicil, pallaidiam, platanam, stán, tungstan agus sinc.';*** | ***scriosta*** |

**Leasú 232**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe e a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 4.2 – pointe a

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) In Iarscríbhinn I, pointe 4.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):*** |
| (a) gáis, amhail amóinia, clóirín nó clóiríd hidrigine, fluairín nó fluairíd hidrigine, ocsaídí carbóin, comhdhúile sulfair, ocsaídí nítrigine, hidrigin, dé-ocsaíd sulfair, clóiríd charbóinile | "(a) gáis, amhail amóinia, clóirín nó clóiríd hidrigine, fluairín nó fluairíd hidrigine, ocsaídí carbóin, comhdhúile sulfair, ocsaídí nítrigine, hidrigin, ***ach amháin leictrealú uisce chun hidrigin a tháirgeadh i gcás ina mbeidh an acmhainneacht táirgthe hidrigine faoi bhun ionchur leictreachais 50MW,*** dé-ocsaíd sulfair, clóiríd charbóinile.' |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe e b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 5.2 – pointe b

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Airteagal 1, mír 3, fomhír 3, pointe 5.2 cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe b:*** |
| Diúscairt nó aisghabháil dramhaíola i ngléasraí loiscthe dramhaíola nó i ngléasraí comhloiscthe dramhaíola: | 'Diúscairt nó aisghabháil dramhaíola i ngléasraí loiscthe dramhaíola nó i ngléasraí comhloiscthe dramhaíola ***ach amháin má tá an dramhaíl comhdhéanta go heisiach de bhithmhais mar a shainmhínítear in Airteagal 3(31)(b) den Treoir seo:*** |

*(Treoir 2010/75/CE)*

*Réasúnú*

*soiléiriú ionas go mbeidh sé soiléir cad a thagann faoi chonclúidí BAT maidir le loscadh dramhaíola agus cad a thagann faoi chonclúidí BAT do mhórghléasraí dócháin, a chloíonn le caighdeáin éagsúla.*

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe g**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – pointe 5.3 – pointe a – pointe i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cóireáil bhitheolaíoch (amhail bith-dhíghrádú anaeróbach); | (i) cóireáil bhitheolaíoch (amhail bith-dhíghrádú anaeróbach ***nó comhdhíleá***); |

**Leasú 235**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II**

Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn Ia – pointe 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Eallach,*** muca nó éanlaith chlóis a thógáil i suiteálacha lena ngabhann ***150*** aonad beostoic nó níos mó. | 1. Muca nó éanlaith chlóis a thógáil i suiteálacha lena ngabhann ***200*** aonad beostoic (LSU) nó níos mó, ***cé is moite de thógáil a dhéantar i gcomhthéacs feirmeoireachta fairsinge mar a shainmhínítear sa Treoir seo.*** <br><br> ***Eallach a thógáil i bhfeirmeacha nó suiteálacha lena ngabhann 300 aonad beostoic (LSU) nó níos mó, cé is moite de thógáil a dhéantar i gcomhthéacs feirmeoireachta fairsinge mar a shainmhínítear sa Treoir seo.*** |

**Leasú 236**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn Ia – pointe 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Aon mheascán de na hainmhithe seo a leanas a thógáil: eallach, muca, éanlaith chlóis, i suiteálacha lena ngabhann ***150*** aonad beostoic nó níos mó. | 2. Aon mheascán de na hainmhithe seo a leanas a thógáil: eallach, muca, éanlaith chlóis, i suiteálacha lena ngabhann **250** LSU nó níos mó***, cé is moite de thógáil a dhéantar i gcomhthéacs na feirmeoireachta fairsinge, mar a shainmhínítear sa Treoir seo*. *I gcás ina bhfuil tógáil ceann de na catagóirí ainmhithe thuas faoi bhun 25 LSU, ní áireofar an chatagóir sin mar chuid de LSU deiridh d’aon mheascán tógála.*** <br><br> ***Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfear cur i bhfeidhm na forála seo chun dul timpeall ar na hoibleagáidí a leagtar amach sa Treoir seo;*** |
| Tá an neaschoibhéis in aonaid beostoic bunaithe ar na rátaí comhshó ***a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún*.*** | Tá an neas-choibhéis in LSU bunaithe ***de réir comhéifeachtaí aonaid bheostoic mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir le Staidreamh Comhtháite Feirme (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1a]*** maidir leis na rátaí |

comhshó ***seo a leanas***:

| | | |
|---|---|---|
| ***An cineál ainmhí*** | ***Airí an ainmhí*** | ***Comhéi t*** |
| ***Bó-ainmhithe*** | ***Faoi bhun 1 bhliain d'aois*** | ***0.400*** |
| | ***Bliain amháin nó níos mó ach níos lú ná 2 bhliain d'aois*** | ***0.700*** |
| | ***Fireann, 2 bhliain d'aois nó níos sine*** | ***1.000*** |
| | ***Bodóga, 2 bhliain d'aois nó níos sine*** | ***0.800*** |
| | ***Ba déiríochta*** | ***1.000*** |
| | ***Ba eile, 2 bhliain d'aois nó níos sine*** | ***0.800*** |
| ***Muca*** | ***Bainbh a bhfuil beomheáchan de níos lú ná 20 kg acu*** | ***0.027*** |
| | ***Cránacha pórúcháin a bhfuil meáchan de 50 kg nó níos mó acu*** | ***0.500*** |
| | ***Muca eile*** | ***0.300*** |
| ***Éanlaith chlóis*** | ***Sicíní grísce*** | ***0.007*** |
| | ***Béaróga*** | ***0.014*** |
| | ***Éanlaith chlóis eile (turcaithe, lachain, géanna, ostraisí, éanlaith chlóis eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile)*** | |
| | ***Turcaithe*** | ***0.030*** |
| | ***Lachain*** | ***0.010*** |
| | ***Géanna*** | ***0.020*** |
| | ***Ostraisí agus éanlaith chlóis eile*** | |

| | | |
|---|---|---|
| | ***nach n-aicmítear in áit ar bith eile*** | |
| | ***Ostraisí*** | ***0.350*** |
| | ***Éanlaith chlóis eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile*** | ***0.001*** |

**** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (IO L 227, 31.7.2014, lch. 18).***

***[1a] Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lch. 1–29)***

Leasú 237
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn II – pointe 1.5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1.5. Déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar na costais a ndearna an t-oibreoir meastóireacht orthu, bunaithe ar fhaisnéis ó fhoinsí eile amhail soláthraithe teicneolaíochta, breithiúnais saineolaithe nó sonraí ó ghléasraí eile inar suiteáladh na teicnící is fearr atá ar fáil le déanaí. | 1.5. Déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar na costais a ndearna an t-oibreoir meastóireacht orthu, bunaithe ar fhaisnéis ó fhoinsí eile amhail soláthraithe teicneolaíochta, ***taighde piarmheasúnaithe,*** breithiúnais saineolaithe nó sonraí ó ghléasraí eile inar suiteáladh na teicnící is fearr atá ar fáil le déanaí. |

**Leasú 238**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn III – pointe 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a*** |

| | |
|---|---|
| | ***leanas in ionad phointe 2:*** |
| 2. substaintí nach bhfuil chomh guaiseach céanna a úsáid; | ‘2. substaintí nach bhfuil chomh guaiseach céanna a úsáid***, agus substaintí eile ar údar mór imní iad***;’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 239**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn III – pointe 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:*** |
| 5. dul chun cinn teicneolaíoch agus athruithe ar an eolas eolaíoch agus an tuiscint eolaíoch; | ‘5. dul chun cinn teicneolaíoch***, lena n-áirítear uirlisí digiteacha,*** agus athruithe ar an eolas eolaíoch agus an tuiscint eolaíoch;’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 240**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III c (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn III – pointe 9

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 9:*** |
| 9. tomhaltas agus cineál na n-amhábhar (lena n-áirítear uisce) a úsáidtear sa phróiseas agus éifeachtúlacht fuinnimh; | ‘9. tomhaltas***, athchúrsáil*** agus cineál na n-amhábhar (lena n-áirítear uisce) a úsáidtear sa phróiseas, agus éifeachtúlacht fuinnimh a***gus dícharbónú***;’ |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III d (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn III – pointe 11

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 11:*** |
| 11. an gá atá le tionóiscí a chosc agus na hiarmhairtí don chomhshaol a íoslaghdú; | 11. an gá atá le tionóiscí a chosc agus na hiarmhairtí don chomhshaol ***agus do na hoibrithe*** a íoslaghdú; |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A02010L0075-20110106&qid=1670312326229)*

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III e (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn III – pointe 12b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn III, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*** |
| | ***12b. An gá atá leis na tionchair dhiúltacha don bhithéagsúlacht a chosc agus a íoslaghdú.*** |

**Leasú 243**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III f (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn IV – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn IV, mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:*** |
| 1. Cuirfear an pobal ar an eolas (trí fhógraí poiblí ***nó trí mheáin iomchuí eile amhail meáin leictreonacha má tá siad ar fáil***) faoi na hábhair seo a leanas go luath sa nós | ‘1. Cuirfear an pobal ar an eolas (trí fhógraí poiblí ***agus trí leathanach gréasáin atá éasca le haimsiú ar shuíomh gréasáin na n-údarás poiblí a bhfuil rochtain*** |

| | |
|---|---|
| imeachta chun cinneadh a dhéanamh nó, ar a dhéanaí, a luaithe is féidir go réasúnta an fhaisnéis sin a chur ar fáil: | ***neamhshrianta ag baint leis***) faoi na hábhair seo a leanas go luath sa nós imeachta chun cinneadh a dhéanamh nó, ar a dhéanaí, a luaithe is féidir go réasúnta an fhaisnéis sin a chur ar fáil:' |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 244**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III g (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn IV – mír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:*** |
| 3. beidh an pobal lena mbaineann i dteideal barúlacha agus tuairimí a chur in iúl don údarás inniúil sula ndéanfar cinneadh. | '3. Beidh an pobal lena mbaineann i dteideal barúlacha agus tuairimí a chur in iúl don údarás inniúil ***go tráthúil*** sula ndéanfar cinneadh.' |

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 245**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III h (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn IV – mír 5

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:*** |
| ***5.*** Is iad na Ballstáit ***a chinnfidh na socruithe mionsonraithe maidir leis an bpobal a chur ar an eolas (mar shampla trí bhillí a chur suas laistigh de raon áirithe nó foilsiú i nuachtáin áitiúla) agus maidir le dul i gcomhairle leis an bpobal lena mbaineann (mar shampla trí aighneachtaí i scríbhinn nó trí fhiosrúchán poiblí)***. Soláthrófar tréimhsí | '5. Soláthrófar tréimhsí ama réasúnta le haghaidh na gcéimeanna éagsúla agus, ar an gcaoi sin, beidh dóthain ama ann chun an pobal lena mbaineann a chur ar an eolas agus chun gur féidir leis an bpobal lena mbaineann é féin a ullmhú agus a bheith rannpháirteach go héifeachtach sa phróiseas cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol faoi réir na hIarscríbhinne |

ama réasúnta le haghaidh na gcéimeanna éagsúla agus, ar an gcaoi sin, beidh dóthain ama ann chun an pobal lena mbaineann a chur ar an eolas agus chun gur féidir leis an bpobal lena mbaineann é féin a ullmhú agus a bheith rannpháirteach go héifeachtach sa phróiseas cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol faoi réir na hIarscríbhinne seo.

seo.’

*(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32010L0075)*

**Leasú 246**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III i (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn IV – mír 5 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn IV, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:*** |
| | ***5a. Cuirfear an pobal lena mbaineann atá ina gcónaí i mBallstát a bhfuil teorainn aige leis an mBallstát ina gcuirtear an ghníomhaíocht i gcrích ar an eolas ar bhealach atá chomh héifeachtach céanna don phobal lena mbaineann atá ina gcónaí sa Bhallstát céanna ina gcuirtear an ghníomhaíocht i gcrích. Áireofar leis sin aistriúchán ar an bhfaisnéis ábhartha faoi mhír 1 agus faoi mhír 2.*** |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III j (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn V – Cuid 3 – mír 8 – fomhír 3

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn V, Cuid 3, mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:*** |

| | |
|---|---|
| Cuirfidh an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas faoin toradh ar an tseiceáil ar an gcóras uathoibrithe tomhais. | Cuirfidh an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas faoin toradh ar an tseiceáil ar an gcóras uathoibrithe tomhais ***laistigh de thrí mhí***. |

*(32010L0075)*

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn V – Cuid 3 – mír 10 – fomhír 2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn V, Cuid 3, mír 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:*** |
| Aon lá ina mbeidh níos mó ná trí mheánluach in aghaidh na huaire neamhbhailí i ngeall ar mhífheidhmiú nó cothabháil an chórais uathoibrithe tomhais, déanfar é a chur ó bhail. Má dhéantar níos mó ná 10 lá thar thréimhse bliana a chur ó bhail le haghaidh cásanna den sórt sin, ceanglóidh an t-údarás inniúil ar an oibreoir bearta leormhaithe a dhéanamh chun iontaofacht an chórais uathoibrithe tomhais a fheabhsú. | Aon lá ina mbeidh níos mó ná trí mheánluach in aghaidh na huaire neamhbhailí i ngeall ar mhífheidhmiú nó cothabháil an chórais uathoibrithe tomhais, déanfar é a chur ó bhail. Má dhéantar níos mó ná 10 lá thar thréimhse bliana a chur ó bhail le haghaidh cásanna den sórt sin, ceanglóidh an t-údarás inniúil ar an oibreoir bearta leormhaithe a dhéanamh chun iontaofacht an chórais uathoibrithe tomhais a fheabhsú ***laistigh de thrí mhí***. |

*(32010L0075)*

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn VI – Cuid 6 – pointe 1.2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn VI, Cuid 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.2:*** |
| 1.2. Is i gcomhréir le caighdeáin CEN a dhéanfar sampláil agus anailís ar na | 1.2. Is i gcomhréir le caighdeáin CEN a dhéanfar sampláil agus anailís ar na |

| | |
|---|---|
| substaintí truaillitheacha uile lena n-áirítear dé-ocsainí agus fúráin mar aon leis an dearbhú cáilíochta ar chórais uathoibrithe tomhais agus ar na modhanna tagartha tomhais chun ***iad*** a chalabrú. Mura bhfuil fáil ar chaighdeáin CEN, beidh feidhm ag caighdeáin ISO, náisiúnta nó idirnáisiúnta eile lena n-áirithítear an soláthar sonraí ar cháilíocht choibhéiseach eolaíoch. Beidh na córais uathoibrithe tomhais faoi réir rialú trí bhíthin tomhais chomhthreomhara leis na modhanna tagartha uair sa bhliain ar a laghad. | substaintí truailliúcháin uile lena n-áirítear dé-ocsainí agus fúráin mar aon leis an dearbhú cáilíochta ar ***shaotharlanna agus ar*** chórais uathoibrithe tomhais agus ar na modhanna tagartha tomhais chun ***an dara ceann*** a chalabrú. Mura bhfuil fáil ar chaighdeáin CEN, beidh feidhm ag caighdeáin ISO, náisiúnta nó idirnáisiúnta eile lena n-áirithítear an soláthar sonraí ar cháilíocht choibhéiseach eolaíoch. Beidh na córais uathoibrithe tomhais faoi réir rialú trí bhíthin tomhais chomhthreomhara leis na modhanna tagartha uair sa bhliain ar a laghad. |

*(32010L0075)*

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn III a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn VI – cuid 8 – pointe 1.2

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***In Iarscríbhinn VI, Cuid 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.2:*** |
| Déanfar na meánluachanna leathuaire agus na meáin 10 nóiméad a chinneadh laistigh den am oibriúcháin éifeachtach (***seachas*** na tréimhsí tosaithe agus múchta mura bhfuil aon dramhaíl á loscadh) ó na luachanna tomhaiste tar éis luach an eatraimh muiníne a shonraítear i bpointe 1.3 de Chuid 6 a dhealú. Déanfar na meánluachanna laethúla a chinneadh ó na meánluachanna bailíochtaithe sin. | Déanfar na meánluachanna leathuaire agus na meáin 10 nóiméad a chinneadh laistigh den am oibriúcháin éifeachtach (***lena n-áirítear*** na tréimhsí tosaithe agus múchta ***le haghaidh dé-ocsainí, fúráin agus défheinilí pholaclóirínithe de chineál dé-ocsaine fiú*** mura bhfuil aon dramhaíl á loscadh) ó na luachanna tomhaiste tar éis luach an eatraimh muiníne a shonraítear i bpointe 1.3 de Chuid 6 a dhealú. Déanfar na meánluachanna laethúla a chinneadh ó na meánluachanna bailíochtaithe sin. |

*(Treoir 2010/75/CE)*

*Réasúnú*

*Baineann conclúidí WI BAT le hastaíochtaí PCDD/F agus áirítear iontu bearta maidir leis an gcaoi ar féidir iad a chosc, mar is cosúil gur féidir iad a chosc trí chóras glanta gáis múcháin*

*a bheith i bhfeidhm nuair nach bhfuil an teocht ard go leor: 'Chun astaíochtaí méadaithe PCDD/F a sheachaint, ba cheart an córas glanta gáis múcháin a bheith ag feidhmiú ina iomláine, roimh thús a chur leis cheana féin, agus ní mór seachbhealaí a dhúnadh.´ déantar deimhin de go léirítear san Iarscríbhinn é agus nach dtugtar neamhaird ar an gcóras tosaithe sin toisc gur féidir ceangal a dhéanamh le hualaí astaíochtaí PCDD/F arb ionann iad agus roinnt míonna de ghnáthoibriúchán le haon fhuarthosú amháin´.*

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is í an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha an phríomhionstraim de chuid an Aontais lena rialaítear astaíochtaí truailleán ón tionscal. Ní féidir leis na suiteálacha móra agraithionsclaíocha a thugann faoi na gníomhaíochtaí tionsclaíocha faoi raon feidhme IED oibriú ach amháin má bhíonn cead, arna dheonú ag na húdaráis náisiúnta, ina seilbh acu. Tá feidhm dhúbailte ag IED: Agus é mar aidhm aige astaíochtaí san aer, san uisce agus san ithir a laghdú agus a chosc a mhéid is féidir, rannchuidíonn sé le claochlú tionsclaíoch trí na teicnící is fearr atá ar fáil a leagan síos mar chaighdeán le baint amach le haghaidh suiteálacha.
I gcroílár IED tá 'Próiseas Sevilla' mar a thugtar air, ar fóram é le haghaidh malartú faisnéise, lena dtugtar le chéile geallsealbhóirí éagsúla. Tacaíonn an malartú leis an gCoimisiún agus doiciméid tagartha na dteicnící is fearr atá ar fáil (doiciméid tagartha BAT) á dtarraingt suas, á n-athbhreithniú agus, i gcás inar gá, á dtabhairt cothrom le dáta trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('conclúidí BAT'), atá mar bhunús leis na nósanna imeachta náisiúnta um cheadú. Dá bhrí sin, tá Próiseas Sevilla i measc na n-uirlisí beartais is éifeachtaí ón mbun aníos in AE.
Is forbairt nádúrtha ar an reachtaíocht atá ann cheana é an t-athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED), chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach. Is é is aidhm leis an athbhreithniú sin an t-aistriú dúbailte a chur chun cinn, is é sin aistriú chuig geilleagar atá níos inbhuanaithe agus níos uathrialaithí ó thaobh na digiteála de, trí phróisis thionsclaíocha nuálacha atá bunaithe ar an teicneolaíocht a chothú. Dá bhrí sin, tá an tsochaí shibhialta ag súil le cuid shuntasach den togra ón gCoimisiún ó mhí Aibreáin 2022 agus is díol sásaimh di é agus glacann na tionscail lena mbaineann den chuid is mó leis. Os a choinne sin, le codanna den togra ón gCoimisiún, ardaítear agóidí earnáilsonracha nó ábhair imní chothrománacha i measc gnólachtaí agus ionadaithe na mBallstát. Ag an am céanna, measann roinnt geallsealbhóirí go bhfuil an togra ón gCoimisiún leordhóthanach i bprionsabal, ach go bhfuil sé míthráthúil, mar gheall ar an mbrú urghnách ar thionscail an Aontais tráth géarchéime agus athraithe, mar thoradh ar uaillmhian ard an phacáiste reachtaigh 'Oiriúnach do 55', na fadhbanna atá ann i slabhraí soláthair domhanda, an ghéarchéim fuinnimh agus cogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ní mór na tuairimí sin a aithint i bpáirt ar a laghad, ós rud é go mbíonn coinbhleacht bhunúsach ann uaireanta idir bearta dícharbónaithe agus díthruaillithe, agus ina theannta sin is minic a bhíonn tomhaltas fuinnimh níos airde ag teastáil ag bearta dícharbónaithe agus díthruaillithe araon, agus ag an am céanna le reachtaíocht nua amhail EED agus RePowerEU agus go háirithe cogadh ionsaitheach Putin san Úcráin agus an ghéarchéim fuinnimh a bhí ann ina dhiaidh sin, tugtar sainordú do thionscail infheistíocht a dhéanamh in éifeachtúlacht fuinnimh mar ábhar tosaíochta.
Tá roinnt de na hábhair imní chéanna ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus ag Coiste na Réigiún ina dtuairimí.

Sa tuarascáil seo, is é an phríomh-uaillmhian atá agam mar Rapóirtéir loighic agus uaillmhian an togra ón gCoimisiún a choinneáil agus a fheabhsú fiú, agus aghaidh á tabhairt ar na hábhair imní réasúnacha a cuireadh in iúl. Cé go gcuireann formhór na ngeallsealbhóirí lena mbaineann in aghaidh airteagail nó prionsabail áirithe sa togra ón gCoimisiún agus gur mhaith leo go ndiúltódh na comhreachtóirí dóibh, is é an cur chuige uilíoch atá agam ná comhréiteach a mholadh maidir leis na codanna den togra reachtach atá faoi dhíospóid agus féachaint le teacht ar réiteach ar ábhair imní dhlisteanacha, agus uaillmhian mhéadaithe á coinneáil i bhfeidhm ag an am céanna. Is é sin, dar liom, coincheap IED agus Phróiseas Sevilla — reachtaíocht atá bunaithe ar chomhréiteach cúramach idir geallsealbhóirí éagsúla,

teicnící nua agus slándáil infheisteoirí agus athrú á dhéanamh, de réir a chéile, i dtreo na sprice maidir le truailliú nialasach.

I measc na n-ábhar imní is mó a chuir geallsealbhóirí in iúl sa tuarascáil seo, thug mé aghaidh ar an méid seo a leanas:

1. **Earnáilsonrach:**

- Leathnú ar an raon feidhme maidir le **gníomhaíochtaí talmhaíochta**

In ainneoin an tseasaimh agus na n-argóintí an-láidir i gcoinne leathnú an raoin feidhme, arna gcur in iúl ag ionadaithe an tionscail agus ag CESE agus AGRI ina dtuairimí, cuirim san áireamh sa tuarascáil na sonraí ábhartha maidir le truailliú, arb iad gníomhaíochtaí tógála ainmhithe is cúis leo. Dá bhrí sin, agus comhréiteach á lorg, molaim gan ach feirmeoireacht fhairsing, orgánach agus teaghlaigh a eisiamh faoi raon feidhme áirithe, arna shainiú ag údaráis náisiúnta, bunaithe ar imthosca sonracha náisiúnta agus réigiúnacha, agus an tairseach ghinearálta a mhéadú ó 150 go 300 LSU, i gcás nach bhfuil aon díolúine infheidhme.

- Leathnú ar an raon feidhme maidir le **gníomhaíochtaí eastósctha**

Cé go bhfuil truailliú, a bhaineann le gníomhaíochtaí mianadóireachta áirithe, doshéanta agus thar a bheith contúirteach do shláinte an duine agus don chomhshaol, cuirim san áireamh sa tuarascáil agóidí earnálacha éagsúla mianadóireachta, nach bhfuil a ngníomhaíochtaí ag táirgeadh astaíochtaí guaiseacha nó atá cumhdaithe go hiomlán cheana féin ag an reachtaíocht atá ann cheana. Dá bhrí sin, molaim raon feidhme na Treorach a leathnú chuig gníomhaíochtaí eastósctha lena mbaineann próiseáil cheimiceach bunaithe ar liosta uileghabhálach de phróisis arna ullmhú ag an gCoimisiún trí ghníomh tarmligthe. Cuirim san áireamh freisin argóintí láidre an Choimisiúin, maidir le trédhearcacht agus feasacht an phobail mar réamhchoinníollacha deiridh don mhéadú a bhfuil géarghá leis ar eastóscadh agus ar phróiseáil amhábhar criticiúil san Aontas.

- Leathnú ar an raon feidhme chuig **táirgeadh ceallraí ar mhórscála**

Cé go mbaineann roinnt próisis ghuaiseacha le táirgeadh agus athchúrsáil ceallraí, ní amhlaidh atá i gcás suiteálacha nach mbíonn baint acu ach le cóimeáil comhchodanna, agus níor cheart, dá bhrí sin, iad a chumhdach faoin raon feidhme.

2. **Cothrománach:**

- **Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún Eorpach maidir le heilimintí reachtacha riachtanacha sa bhreis ar ghnéithe teicniúla**

I mo thuarascáil, ní ghlacaim le lagú ar ról na Parlaiminte mar chomhreachtóir. Dá bhrí sin, molaim go ndiúltófar do chumhachtú an Choimisiúin i gcás roinnt ceisteanna, ar ceisteanna iad a théann níos faide ná mionchoigeartú teicniúil, agus molaim don Choimisiún liosta uileghabhálach breise a thíolacadh lena gcuimseofar mianraí a bhfuil tionchar mór acu ar an gcomhshaol agus na gníomhaíochtaí eastóscacha sin a áireamh faoi raon feidhme na Treorach.

- Ceanglas ar na húdaráis náisiúnta inniúla **teorainnluachanna astaíochta** a shocrú **i gceadanna** ag an taobh is déine (i.e. an taobh is ísle) den raon BAT-AEL ábhartha.

Léiríodh leis an gcur chun feidhme go socraíonn údaráis na n-údarás inniúil na teorainnluachanna astaíochta sa chuid is mó de na cásanna ag an taobh is lú uaillmhian. Is réasúnta agus is tráthúil, dá bhrí sin, machnamh níos críochnúla a spreagadh i dtaobh cé na teorainnluachanna astaíochta a d’fhéadfadh a bheith ann. I bhfianaise slándáil pleanála agus phrionsabal ginearálta an dlí maidir le neamh-aisghníomhaíocht, ní mór a shoiléiriú go bhfuil feidhm ag an bhforáil seo maidir le suiteálacha nua nó i gcás ina ndéantar ceadanna a nuashonrú i gcomhréir le conclúid athbhreithnithe BAT tar éis thrasuí na Treorach seo. Is é próiseas Sevilla is fearr chun déileáil le saincheisteanna a bhaineann le héifeachtaí trasmheáin agus astaíochtaí ilchineálacha. I bhfianaise ilchineálacht suiteálacha, is leis an údarás inniúil a fhanfaidh an cinneadh deiridh.

- **Teorainnluachanna** éigeantacha **feidhmíochta comhshaoil** bunaithe ar leibhéil feidhmíochta comhshaoil atá bainteach le BAT a áireamh sna ceadanna.

I gcomhréir leis na teorainnluachanna astaíochta, molaim go n-áireofaí na leibhéil feidhmíochta comhshaoil do shuiteálacha nua agus Conclúidí leasaithe BAT tar éis thrasuí na Treorach seo, agus an coincheap ginearálta á choinneáil ag an am céanna mar gheall ar an ngá atá le claochlú. Tá an riosca a bhaineann le héifeachtaí trasmheáin maidir le leibhéil feidhmíochta comhshaoil i bhfad níos airde agus atá suiteáil-sonrach, agus ba cheart, dá bhrí sin, an fhéidearthacht raonta a shocrú a choinneáil.

- **Córas éigeantach bainistithe comhshaoil (EMS) a thabhairt isteach sna ceadanna, sa chás nach bhfuil sé mar chuid de dhoiciméad BREF cheana féin**

Sa tuarascáil, cuirim san áireamh go bhfuil EMSanna ann cheana mar chuid cheangailteach de roinnt BREFanna agus molaim an nasc sin idir BREF agus EMS a choinneáil. Mar sin féin, agus na cúiseanna atá leis an togra ón gCoimisiún á n-urramú agam, molaim íoscheanglas inneachair do EMSanna in Airteagal 14a i gcás nach n-éilíonn BREFanna EMS. I gcás ina gcumhdaítear roinnt suiteálacha le cead amháin, níor cheart ach EMS amháin a éileamh.

- **Pleananna claochlaithe éigeantacha ar an leibhéal suiteála**

Anois níos mó ná riamh, tá sé ríthábhachtach gach iarracht a dhéanamh chun tacú lenár dtionscal agus é ag iarraidh a bheith níos athléimní, níos éifeachtúla agus níos iomaíche. Ba cheart gurbh é an loighic a bheadh taobh thiar den iarracht sin a bheith ag spreagadh seachas a bheith ag cur ualach iomarcach ar ghnólachtaí. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh gá le plean claochlaithe a bheith ag gabháil le gach cead tar éis 2030.

Molaim na pleananna a choinneáil táscach, an deis a bheith ann plean amháin a bheith faoi aon chead amháin agus rogha nua a bheith ann chun plean claochlaithe comhdhlúite a fhorbairt ar leibhéal na gcuideachtaí, ós rud é nach féidir próisis thionsclaíocha a dhícharbónú ach amháin trí phleananna infheistíochta ginearálta, ar leibhéal na gcuideachtaí amháin.

- **Forluí** a d’fhéadfadh a bheith ann **maidir le hoibleagáidí tuairiscithe** faoi ghníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais

In Airteagal 27d, molaim freisin nach n-áireofar i bpleananna EMS ná i bpleananna claochlaithe faisnéis agus sonraí a éilítear cheana féin faoi reachtaíocht eile de chuid an

Aontais, ach amháin i bhfoirm tagartha.

I mo leasuithe, rinne mé iarracht cothromaíocht agus loighic eagrúcháin **phróiseas Sevilla** a chaomhnú a mhéid ab fhéidir, ós rud é, de réir na ngeallsealbhóirí uile lena mbaineann, gur foirme oibre é seo chun iarracht a dhéanamh gan cur in éadan laghdú truaillithe le héifeachtúlacht agus feidhmíocht eacnamaíoch.

## 3. Ceadú mear

Molaim freisin Airteagal 27e nua maidir le suiteálacha mearaithe atá ríthábhachtach chun spriocanna straitéiseacha an Aontais a bhaint amach faoi 2050 agus ar de chineál claochlaitheach iad. Ba cheart go rachadh an ceadú do na suiteálacha sin níos tapúla.
I bhfianaise na ngéarchéimeanna fuinnimh agus sláinte a bhfuilimid thíos leo san Eoraip, ní mór dúinn ceadú a bheith againn atá réidh do ghéarchéimeanna. Tá sé mar aidhm leis an tuarascáil an méid sin a léiriú.

29.3.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl
(COM(2022)0156 – C9-0144/2022 – 2022/0104(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Tomas Tobé

## RÉASÚNÚ GEARR

Tacaíonn an Rapóirtéir le go leor gnéithe sa togra ón gCoimisiún go háirithe maidir leis an uaillmhian do Threoir níos éifeachtaí agus lárionad nua do theicnící nuálacha a thabhairt isteach. Creideann an Rapóirtéir go raibh agus go bhfuil an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ríthábhachtach chun truailliú agus astaíochtaí ón earnáil thionsclaíoch san Aontas Eorpach a laghdú agus tá sé den tuairim go bhfuil tairbhí comhshaoil, aeráide agus sláinte don Aontas Eorpach ag baint leis an Treoir; creideann sé gur cheart go gcoinneofaí an modh oibre reatha (próiseas Sevilla) atá á úsáid chun teacht ar chomhaontú maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT) chun truailliú a chosc agus a rialú.

Mar sin féin, tá an Rapóirtéir den tuairim go gcuireann an togra ón gCoimisiún ualach gan údar ar oibreoirí agus go dtugann sé neamhaird ar an riosca a bhaineann le fo-optamú, creideann sé gur cheart go n-aithneofaí coigeartuithe idir luachanna comhshaoil contrártha leis an Treoir seo chun an reachtaíocht sin a dhéanamh níos fearr don aeráid, don chomhshaol agus do dhaoine.

Ar an ábhar sin, tá an Rapóirtéir i gcoinne ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh a scriosadh agus teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a thabhairt isteach. Beidh níos mó fuinnimh ag teastáil chun an tionscal a leictriú, agus is ionann ceanglais dhiana tomhaltais a leagan síos agus bac a chur ar leictriú na n-earnálacha sin.

Ar an dara dul síos, tá imní ar an Rapóirtéir go dtugann an Coimisiún neamhaird ar ról phróiseas Sevilla agus an Lárionad nuálaíochta um chlaochlú tionsclaíoch agus um astaíochtaí tionsclaíocha (INCITE) á chur chun feidhme aige, creideann sé go gcuirfidh an t-ionad go mór leis an anailís ar theicnící nuálacha atá ag teacht chun cinn. Tá imní air, áfach, go moltar sa togra ón gCoimisiún gur féidir torthaí an ionaid a áireamh go díreach in BREFanna gan measúnú teicniúil a dhéanamh orthu sa phróiseas Sevilla.

Ar an tríú dul síos, creideann an rapóirtéir go bhfuil an fhorbairt theicniúil agus an nuálaíocht

ríthábhachtach chun go mbainfidh an tAontas Eorpach a spriocanna aeráide amach. Creideann sé gur cheart dóthain ama a thabhairt don chur chun feidhme don nuálaíocht agus don fhorbairt ar theicnící nua. Tá sé den tuairim, dá bhrí sin, gur cheart tréimhse tástála níos faide a thabhairt do theicnící nuálacha atá ag teacht chun cinn agus go bhféadfadh an t-údarás inniúil síneadh a chur leo chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú d'oibreoirí.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(9) Maidir le suiteálacha a thagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE lena ndéantar gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a chothú, is iomchuí na suiteálacha sin a cheangal ceanglais éifeachtúlachta fuinnimh a chomhlíonadh i leith aonaid dócháin nó aonaid eile a astaíonn dé-ocsaíd charbóin ar an suíomh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a sholáthar, is gá inter alia teorainnluachanna astaíochta a leagan síos i gceadanna ar leibhéal lena n-áiritheofar comhlíonadh na leibhéal astaíochta is infheidhme a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil a leagtar amach i gconclúidí BAT. De ghnáth, sloinntear leibhéil | (15) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine a sholáthar, is gá inter alia teorainnluachanna astaíochta a leagan síos i gceadanna ar leibhéal lena n-áiritheofar comhlíonadh na leibhéal astaíochta is infheidhme a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil a leagtar amach i gconclúidí BAT. De ghnáth, sloinntear leibhéil |

| | |
|---|---|
| astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar raonta, seachas mar luachanna aonair, chun na difríochtaí a léiriú laistigh de chineál áirithe suiteála a eascraíonn as éagsúlacht sna feidhmíochtaí comhshaoil a bhaintear amach agus BAT á gcur i bhfeidhm. Ní thabharfaidh BAT áirithe an fheidhmíocht chéanna i gcás suiteálacha éagsúla, d'fhéadfadh sé nach bhfuil roinnt BAT oiriúnach lena n-úsáid i suiteálacha áirithe, nó d'fhéadfadh sé go bhfuil meascán BAT níos éifeachtaí i gcás truailleáin áirithe nó meán áirithe comhshaoil ná BAT eile, mar shampla. Cuireadh baint amach ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine i gcontúirt mar gheall ar an gcleachtas mar atá teorainnluachanna astaíochta a shocrú ag an gceann is scaoilte den raon leibhéal astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, gan a mheas go bhféadfadh suiteáil áirithe leibhéil astaíochta níos ísle a bhaint amach trí na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm. Le cleachtas den sórt sin, cuirtear drochmhisneach ar shuiteálacha atá chun tosaigh i dtaobh teicnící atá níos éifeachtaí a chur chun feidhme, agus cuirtear bac ar chothrom iomaíochta a bhaint amach ar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol. Ba cheart, dá bhrí sin, a cheangal ar údaráis inniúla na teorainnluachanna astaíochta is ísle is féidir a leagan síos i gceadanna, ar teorainnluachanna iad lena léirítear ***feidhmíocht BAT*** i gcás na suiteálacha sonracha, agus raon iomlán BAT-AELanna á chur san áireamh agus á fhéachaint leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil is fearr is féidir a bhaint amach le haghaidh na suiteálacha; is é sin mura léiríonn an t-oibreoir go n-éireoidh leis an tsuiteáil lena mbaineann teorainnluachanna astaíochta níos scaoilte a chomhlíonadh má chuireann sí na teicnící is fearr atá ar fáil i bhfeidhm, ar teicnící iad a ndéantar tuairisc orthu i gconclúidí BAT. | astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar raonta, seachas mar luachanna aonair, chun na difríochtaí a léiriú laistigh de chineál áirithe suiteála a eascraíonn as éagsúlacht sna feidhmíochtaí comhshaoil a bhaintear amach agus BAT á gcur i bhfeidhm. Ní thabharfaidh BAT áirithe an fheidhmíocht chéanna i gcás suiteálacha éagsúla, d'fhéadfadh sé nach bhfuil roinnt BAT oiriúnach lena n-úsáid i suiteálacha áirithe, nó d'fhéadfadh sé go bhfuil meascán BAT níos éifeachtaí i gcás truailleáin áirithe nó meán áirithe comhshaoil ná BAT eile, mar shampla. Cuireadh baint amach ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol ina iomláine i gcontúirt mar gheall ar an gcleachtas mar atá teorainnluachanna astaíochta a shocrú ag an gceann is scaoilte den raon leibhéal astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil, gan a mheas go bhféadfadh suiteáil áirithe leibhéil astaíochta níos ísle a bhaint amach trí na teicnící is fearr atá ar fáil a chur i bhfeidhm. Le cleachtas den sórt sin, cuirtear drochmhisneach ar shuiteálacha atá chun tosaigh i dtaobh teicnící atá níos éifeachtaí a chur chun feidhme, agus cuirtear bac ar chothrom iomaíochta a bhaint amach ar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol. Ba cheart, dá bhrí sin, a cheangal ar údaráis inniúla na teorainnluachanna astaíochta is ísle is féidir a leagan síos i gceadanna, ar teorainnluachanna iad lena léirítear ***raon BAT-AELanna*** i gcás na suiteálacha sonracha, agus raon iomlán BAT-AELanna á chur san áireamh agus á fhéachaint leis an bhfeidhmíocht chomhshaoil is fearr is féidir a bhaint amach le haghaidh na suiteálacha; is é sin mura léiríonn an t-oibreoir go n-éireoidh leis an tsuiteáil lena mbaineann teorainnluachanna astaíochta níos scaoilte a chomhlíonadh má chuireann sí na teicnící is fearr atá ar fáil i bhfeidhm, ar teicnící iad a ndéantar tuairisc orthu i gconclúidí BAT. |

**Leasú 3**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart rannchuidiú Threoir 2010/75/AE le héifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh agus leis an ngeilleagar ciorclach san Aontas a dhéanamh níos éifeachtaí, agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur san áireamh mar threoirphrionsabal de bheartas fuinnimh an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart a leagan síos sna ceadanna, i gcás inar féidir, ***teorainnluachanna*** feidhmíochta comhshaoil ***sainordaitheacha*** maidir le leibhéil tomhaltais agus le leibhéil éifeachtúlachta acmhainní, lena n-áirítear maidir le ***húsáid*** uisce, fuinnimh agus ábhar ***athchúrsáilte***, bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEPLanna) a leagtar amach i gcinntí maidir le conclúidí BAT. | (16) Ba cheart rannchuidiú Threoir 2010/75/AE le héifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh agus leis an ngeilleagar ciorclach san Aontas a dhéanamh níos éifeachtaí, agus bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á chur san áireamh mar threoirphrionsabal de bheartas fuinnimh an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart go leagfaí síos sna ceadanna, i gcás inar féidir, ***leibhéil*** luachanna feidhmíochta comhshaoil ***sainordaitheacha*** maidir le leibhéil tomhaltais agus le leibhéil éifeachtúlachta acmhainní, lena n-áirítear maidir le ***tomhaltas*** uisce, fuinnimh agus ***amhábhair***, ***agus ar athúsáid amhábhar***, bunaithe ar na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AEPLanna) a leagtar amach i gcinntí maidir le conclúidí BAT, ***agus éifeachtaí trasmheáin, coinníollacha náisiúnta agus suíomh geografach na suiteálacha á gcur san áireamh***. |

**Leasú 4**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) I bhfianaise na dtriomach agus na dtuilte a tharlaíonn arís agus arís eile san Eoraip a mbíonn tionchar díreach acu ar infhaighteacht uisce do thionscal na hEorpa, arb é an tomhaltóir uisce is mó san Eoraip é, ní mór do gheallsealbhóirí tionsclaíocha breithniú cáiréiseach a dhéanamh ar na rioscaí cainníochtúla agus cáilíochtúla uisce ar a ngníomhaíochtaí agus ar na rioscaí a eascraíonn as a ngníomhaíochtaí. Dá bhrí*** |

***sin, ní mór tionscal na hEorpa a shlógadh chun sochaí atá cliste ó thaobh bainisitiú uisce de a bhaint amach agus chun straitéis uisce chomhleanúnach a chur ar fáil, lena n-aithneofar agus lena dtuigfear luach an uisce chun slándáil, sábhàilteacht agus inbhuanaitheacht uisce a áirithiú. Ní mór gach foinse uisce atá ar fáil a bhainistiú sa chaoi go seachnófar ganntanas agus truailliú uisce. Tá lúba uisce agus acmhainní dúnta den chuid is mó chun geilleagar ciorclach agus éifeachtúlacht acmhainní a chothú, córas uisce atá athléimneach in aghaidh triomaigh, tuilte agus an athraithe aeráide a airithiú ag an am céanna. Ní mór don tionsclaíocht a áirithiú go gcumasóidh a bainistiú pleanáilte agus digitithe tuar agus solúbthacht chun feidhmiú faoi strus chomh maith le héiginnteachtaí, agus go mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha go léir rannpháirteach i rialachas uisce.***

**Leasú 5**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Leis an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE, fuarthas amach, fiú dá gcothódh sé claochlú thionscal na hEorpa, nach bhfuil sí dinimiciúil go leor agus nach dtacaíonn sí go leordhóthanach le próisis agus teicneolaíochtaí nuálacha a úsáid. Is iomchuí, dá bhrí sin, tástáil agus úsáid teicnící atá ag teacht chun cinn a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil fheabhsaithe acu a éascú, comhar a éascú le taighdeoirí agus le tionscail i dtionscadail taighde arna gcistiú go poiblí faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna hionstraimí cistiúcháin ábhartha Eorpacha agus náisiúnta, chomh maith le lárionad tiomnaithe a bhunú chun tacú leis an nuálaíocht trí fhaisnéis faoi theicnící nuálacha a bhailiú agus anailís a dhéanamh | (24) Leis an meastóireacht a rinneadh ar Threoir 2010/75/AE, fuarthas amach, fiú dá gcothódh sé claochlú thionscal na hEorpa, nach bhfuil sí dinimiciúil go leor agus nach dtacaíonn sí go leordhóthanach le próisis agus teicneolaíochtaí nuálacha a úsáid. Is iomchuí, dá bhrí sin, tástáil agus úsáid teicnící atá ag teacht chun cinn a bhfuil feidhmíocht chomhshaoil fheabhsaithe acu a éascú, comhar a éascú le taighdeoirí agus le tionscail i dtionscadail taighde arna gcistiú go poiblí faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna hionstraimí cistiúcháin ábhartha Eorpacha agus náisiúnta, chomh maith le lárionad tiomnaithe a bhunú chun tacú leis an nuálaíocht trí fhaisnéis faoi theicnící nuálacha ***agus*** teicnící atá ag teacht chun |

| | |
|---|---|
| uirthi, ***lena n-áirítear teicnící*** atá ag teacht chun cinn, atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin agus a leibhéal forbartha ó thaighde go húsáid (leibhéal na hullmhachta teicneolaí nó 'LUT') agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil a chur i dtréith. ***Déanfaidh sin eolas*** freisin don mhalartú faisnéise maidir le doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. Na teicnící nuálacha atá le bailiú agus le hanailísiú ag an ionad, ba cheart iad a bheith ar a laghad ag an leibhéal teicneolaíochta a léirítear sa timpeallacht ábhartha (timpeallacht atá ábhartha ó thaobh na tionsclaíochta de i gcás eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin) nó léiriú fréamhshamhail córais i dtimpeallacht oibríochta (LUT 6-7). | cinn a bhailiú agus anailís a dhéanamh uirthi, atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin agus a leibhéal forbartha ó thaighde go húsáid (leibhéal na hullmhachta teicneolaí nó 'LUT') agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil a chur i dtréith. ***Ba cheart é sin a úsáid mar bhonn*** don mhalartú faisnéise maidir le doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. Na teicnící nuálacha atá le bailiú agus le hanailísiú ag an ionad, ba cheart iad a bheith ar a laghad ag an leibhéal teicneolaíochta a léirítear sa timpeallacht ábhartha (timpeallacht atá ábhartha ó thaobh na tionsclaíochta de i gcás eochairtheicneolaíochtaí cumasúcháin) nó léiriú fréamhshamhail córais i dtimpeallacht oibríochta (LUT 6-7). |

**Leasú 6**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun cuspóirí an Aontais maidir le geilleagar glan ciorclach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, is gá geilleagar an Aontais a chlaochlú ó bhonn. I gcomhréir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, ba cheart, dá bhrí sin, ***a cheangal*** ar oibreoirí suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE pleananna claochlaithe a áireamh ina gcórais bainistíochta comhshaoil. Ina theannta sin, comhlánófar leis na pleananna claochlaithe sin na ceanglais maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach faoi Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[75] trí bhealach a sholáthar chun na ceanglais sin a chur chun feidhme go coincréiteach ar leibhéal na suiteála. Is é an chéad tosaíocht na gníomhaíochtaí dianfhuinnimh a liostaítear in Iarscríbhinn I a chlaochlú. Dá bhrí sin, ba cheart | (25) Chun cuspóirí an Aontais maidir le geilleagar glan ciorclach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, is gá geilleagar an Aontais a chlaochlú ó bhonn. I gcomhréir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, ba cheart, dá bhrí sin, d'oibreoirí suiteálacha a chumhdaítear le Treoir 2010/75/AE pleananna claochlaithe a áireamh ina gcórais bainistíochta comhshaoil. Ina theannta sin, comhlánófar leis na pleananna claochlaithe sin na ceanglais maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach faoi Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[75] trí bhealach a sholáthar chun na ceanglais sin a chur chun feidhme go coincréiteach ar leibhéal na suiteála. Is é an chéad tosaíocht na gníomhaíochtaí dianfhuinnimh a liostaítear in Iarscríbhinn I a chlaochlú. Dá bhrí sin, ba cheart d'oibreoirí suiteálacha |

| | |
|---|---|
| d'oibreoirí suiteálacha dianfhuinnimh pleananna claochlaithe a chur ar fáil faoin 30 Meitheamh 2030. Ba cheart a cheangal ar oibreoirí suiteálacha a dhéanann gníomhaíochtaí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I pleananna claochlaithe a chur ar fáil mar chuid d'athmheas agus tabhairt cothrom le dáta an cheada tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le conclúidí BAT a fhoilseofar tar éis an 1 Eanáir 2030. ***Cé*** gur cheart na pleananna claochlaithe leanúint de bheith ina ndoiciméid tháscacha a ullmhaítear faoi fhreagracht na n-oibreoirí, ***ba cheart don eagraíocht iniúchóireachta ar conradh ag na hoibreoirí mar chuid dá gcórais bainistíochta comhshaoil a sheiceáil go bhfuil iontu an t-íosmhéid faisnéise a bheidh le socrú ag an gCoimisiún Eorpach i ngníomh cur chun feidhme, agus*** ba cheart do na hoibreoirí ***na*** pleananna claochlaithe a chur ar fáil don phobal. | dianfhuinnimh pleananna claochlaithe a chur ar fáil ***ar leibhéal na cuideachta*** faoin 30 Meitheamh 2030. Ba cheart a cheangal ar oibreoirí suiteálacha a dhéanann gníomhaíochtaí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I pleananna claochlaithe a chur ar fáil mar chuid d'athmheas agus tabhairt cothrom le dáta an cheada tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le conclúidí BAT a fhoilseofar tar éis an 1 Eanáir 2030. ***Ba cheart don oibreoir measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo spriocanna idirmheánacha gach trí bliana agus ba cheart dó a phlean claochlaithe a thabhairt cothrom le dáta gach deich mbliana ar a laghad.*** Ba cheart na pleananna claochlaithe ***ar leibhéal na cuideachta*** leanúint de bheith ina ndoiciméid tháscacha a ullmhaítear faoi fhreagracht na n-oibreoirí**.** Ba cheart do na hoibreoirí na pleananna claochlaithe ***sin*** a chur ar fáil don phobal, ***agus rúndacht rún trádála agus gnó á cur san áireamh***. |
| [75]Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuairiscí gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle; IO L 182, 29.6.2013, lgh. 19-76. | [75]Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuairiscí gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle; IO L 182, 29.6.2013, lgh. 19-76. |

**Leasú 7**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 9 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(7) In Airteagal 9, scriostar mír (2).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 8**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh an t-údarás inniúil na cúiseanna atá le cur i bhfeidhm an dara fomhír, lena n-áirítear toradh an mheasúnaithe a dhéanfaidh an t-oibreoir ar chomhlíontacht leis na ceanglais is gá, a leagan amach in iarscríbhinn a bheidh ag gabháil le coinníollacha an cheada. | Déanfaidh an t-údarás inniúil na cúiseanna atá le cur i bhfeidhm an dara fomhír, lena n-áirítear ***achoimre ar*** thoradh an mheasúnaithe a dhéanfaidh an t-oibreoir ar chomhlíontacht leis na ceanglais is gá, a leagan amach in iarscríbhinn a bheidh ag gabháil le coinníollacha an cheada. |

**Leasú 9**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Socróidh an t-údarás inniúil na teorainnluachanna astaíochta ***is déine is féidir*** atá i gcomhréir leis na hastuithe is ísle is féidir a bhaint amach trí BAT a chur i bhfeidhm sa tsuiteáil, agus lena n-áiritheofar, faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin, nach mó astaíochtaí ná na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar a leagtar síos ***sna*** cinntí maidir le conclúidí BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(5). Bunófar na teorainnluachanna astaíochta ar mheasúnú a chuirfidh an t-oibreoir i gcrích ina ndéanfar anailís ar a indéanta atá sé an ***ceann is déine de*** raon BAT-AEL a bhaint amach agus lena léireofar ***an fheidhmíocht is fearr*** is féidir leis an tsuiteáil a bhaint amach trí BAT a chur i bhfeidhm mar a thugtar tuairisc orthu i gconclúidí BAT. Socrófar na teorainnluachanna astaíochta trí cheachtar díobh seo a leanas: | ***Tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le doiciméid tagartha BAT a dhíorthaítear de bhun na Treorach seo***, socróidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna astaíochta atá comhsheasmhach leis na hastaíochtaí is ísle ar féidir iad a bhaint amach trí BAT a chur i bhfeidhm sa tsuiteáil ***agus éifeachtaí trasmheáin á gcur san áireamh***, agus lena n-áiritheofar, faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin, nach mó astaíochtaí ná na leibhéil astaíochta a bhaineann leis na teicnící is fearr atá ar fáil (BAT-AELanna) mar a leagtar síos sna cinntí ***sin*** maidir le conclúidí BAT dtagraítear in Airteagal 13(5). Bunófar na teorainnluachanna astaíochta ar mheasúnú a chuirfidh an t-oibreoir i gcrích ina ndéanfar anailís ar a indéanta atá sé an raon BAT-AEL ***ina iomláine*** a bhaint amach agus lena léireofar ***an astaíocht is ísle*** is féidir leis an tsuiteáil a bhaint amach ***faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin***, trí BAT a chur i bhfeidhm mar a thugtar tuairisc orthu i gconclúidí BAT. Socrófar na teorainnluachanna |

astaíochta trí cheachtar díobh seo a leanas:

**Leasú 10**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 3a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3a. Socróidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil lena n-áiritheofar nach mó na teorainnluachanna feidhmíochta sin faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin ná na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(5). | 3a. Socróidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna ***táscacha*** feidhmíochta comhshaoil lena n-áiritheofar nach mó na ***leibhéil*** luachanna feidhmíochta sin faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin ná na leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann le BAT mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(5). |

**Leasú 11**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) timthriall nua infheistíochta a bhaineann le haistriú inbhuanaitheachta ghrúpa an oibreora.*** |

**Leasú 12**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12**
Treoir 2012/75/AE
Airteagal 15 – mír 4 – fomhír 6 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh an t-údarás inniúil, i gcásanna ina dtarlaíonn cliseadh gan choinne i soláthar amhábhar nó breoslaí i suiteáil, teorainnluachanna astaíochta nach bhfuil chomh dian sin a bhunú, ar feadh trí mhí ar a mhéad, agus féadfaidh sé síneadh trí*** |

***mhí breise a chur leis an maolú sin i gcásanna eisceachtúla. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi aon mhaolú a dheonaítear de bhun na míre seo. Ní bheidh feidhm ag an maolú a thuilleadh a luaithe a bheidh na coinníollacha soláthair leordhóthanach.***

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20**
Treoir 2012/75/AE
Caibidil IIa – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| AN NUÁLAÍOCHT ***A CHUR CHUN CINN*** ’ | AN NUÁLAÍOCHT ***A CHUMASÚ*** ’ |

**Leasú 14**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27 a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Baileoidh an lárionad faisnéis faoi theicnící nuálacha agus déanfaidh sé anailís uirthi, ar teicnící iad lena n-áirítear teicnící atá ag teacht chun cinn atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, agus cuirfidh sé i dtréith a leibhéal forbartha agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil. Cuirfidh an Coimisiún torthaí an lárionaid san áireamh agus an clár oibre um malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointe (b) á ullmhú aige, agus le linn dó doiciméid tagartha BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. | 2. Baileoidh an lárionad faisnéis faoi theicnící nuálacha agus déanfaidh sé anailís uirthi, ar teicnící iad lena n-áirítear teicnící atá ag teacht chun cinn atá ábhartha maidir le gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo, agus cuirfidh sé i dtréith a leibhéal forbartha agus a bhfeidhmíocht chomhshaoil. Cuirfidh an Coimisiún torthaí an lárionaid san áireamh agus an clár oibre um malartú faisnéise dá dtagraítear in Airteagal 13(3), pointe (b) á ullmhú aige, agus le linn dó doiciméid tagartha BAT dá dtagraítear in Airteagal 13(1) a tharraingt suas, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, ***tar éis don mheitheal theicniúil measúnú a dhéanamh in Sevilla***. |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27b – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Teicnící atá ag teacht chun cinn a thástáil | Tástáil ar theicnící ***nuálacha*** atá ag teacht chun cinn |

**Leasú 16**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27b – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar d'Airteagal 18, féadfaidh an t-údarás inniúil maoluithe sealadacha a dheonú ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2) agus (3) agus ar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 11, pointí (a) agus (b), chun teicnící atá ag teacht chun cinn a thástáil ar feadh tréimhse iomlán nach faide ná 24 mhí. | Gan dochar d'Airteagal 18, féadfaidh an t-údarás inniúil maoluithe sealadacha a dheonú ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 15(2) agus (3) agus ar na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 11, pointí (a) agus (b), chun teicnící nuálacha ***atá ag teacht chun cinn*** a thástáil ar feadh tréimhse iomlán nach faide ná ***48*** mhí. |

**Leasú 17**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagal 21(3), féadfaidh an t-údarás inniúil teorainnluachanna astaíochta ***a shocrú*** lena n-áiritheofar, laistigh de ***6 bliana ó fhoilsiú cinnidh maidir le conclúidí BAT i gcomhréir le hAirteagal 13(5) a bhaineann le príomhghníomhaíocht suiteála***, nach mbeidh astaíochtaí, faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin, níos mó ná leibhéil astaíochta a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn mar a | De mhaolú ar ***Airteagal 15(3), Airteagal(3a)*** agus Airteagal 21(3), féadfaidh an t-údarás inniúil, ***arna iarraidh sin don oibreoir,*** teorainnluachanna astaíochta sainordaitheacha a shocrú lena n-áiritheofar, laistigh ***den tréimhse a ndearna an t-údarás inniúil agus an t-oibreoir measúnú ina leith***, nach mbeidh astaíochtaí, faoi ghnáthchoinníollacha oibriúcháin, níos mó ná leibhéil astaíochta a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun |

| | |
|---|---|
| leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT. | cinn mar a leagtar síos sna cinntí maidir le conclúidí BAT. |

**Leasú 18**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le ***gach suiteáil a dhéanann aon ghníomhaíocht*** a liostaítear i bpointí 1, 2, 3, 4, 6.1 a, agus 6.1 b d'Iarscríbhinn I, ***ceanglóidh*** na Ballstáit go n-áireoidh an t-oibreoir, faoin 30 Meitheamh 2030, plean claochlaithe lena haghaidh ina chóras bainistíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a. Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe faoi conas a chlaochlófar an ***tsuiteáil*** ar feadh na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4. | ***Iarrfaidh*** na Ballstáit go ndéanfaidh an t-oibreoir, faoin 30 Meitheamh 2030, plean claochlaithe ***táscach*** a áireamh ina chóras bainistíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14ú le haghaidh ***gníomhaíochtaí grúpáilte na cuideachta*** a liostaítear i bpointí 1, 2, 3, 4, 6.1 a, agus 6.1 b d'Iarscríbhinn I. Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe faoi conas a chlaochlófar an ***chuideachta*** ar feadh na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4. ***Áireofar sa phlean claochlaithe faisnéis shonrach faoin gcaoi a bhfuil sé beartaithe ag an gcuideachta a bheith níos tíosaí ar fhuinneamh, ar uisce agus ar acmhainní trí na bearta a leagan síos a chuirfear chun feidhme chun tomhaltas foriomlán a cuid oibríochtaí a laghdú agus éifeachtúlacht a cuid oibríochtaí a fheabhsú.*** |

**Leasú 19**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 2 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceanglóidh na Ballstáit, mar chuid den athbhreithniú ar choinníollacha an cheada de bhun Airteagal 21(3) tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le conclúidí BAT tar éis an 1 | Ceanglóidh na Ballstáit, mar chuid den athbhreithniú ar choinníollacha an cheada de bhun Airteagal 21(3) tar éis fhoilsiú na gcinntí maidir le conclúidí BAT tar éis an 1 |

| | |
|---|---|
| Eanáir 2030, go n-áireoidh an t-oibreoir plean claochlaithe ina chóras bainistíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a le ***haghaidh gach suiteála a dhéanann*** aon ghníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I nach dtagraítear di i mír 1. Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe faoi conas a chlaochlófar an ***tsuiteáil*** ar feadh na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4. | Eanáir 2030, go n-áireoidh an t-oibreoir plean claochlaithe ina chóras bainistíochta comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 14a ***ar leibhéal na cuideachta, ar*** aon ghníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn I nach dtagraítear di i mír 1. Beidh faisnéis sa phlean claochlaithe faoi conas a chlaochlófar an ***chuideachta le bheith níos tíosaí ar fhuinneamh, ar uisce agus ar acmhainní, trí na bearta a chuirfear chun feidhme a leagan síos*** ar feadh na tréimhse 2030-2050 chun rannchuidiú le teacht chun cinn geilleagar atá inbhuanaithe, glan, ciorclach agus aeráidneodrach faoi 2050, agus úsáid á baint as an bhformáid dá dtagraítear i mír 4. |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh Treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27d – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Déanfaidh an ***t-oibreoir*** a phlean claochlaithe mar aon le torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur ar fáil don phobal, mar chuid d'fhoilsiú a chórais bainistíochta comhshaoil. | 3. Déanfaidh an ***chuideachta*** a phlean claochlaithe, ***na nuashonruithe air*** mar aon le torthaí an mheasúnaithe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur ar fáil don phobal, mar chuid d'fhoilsiú a chórais bainistíochta comhshaoil. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl |
| **Tagairtí** | COM(2022)0156 – C9-0144/2022 – 2022/0104(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>2.5.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>2.5.2022 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 20.10.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Tomas Tobé<br>7.6.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 29.11.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 28.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 50<br>–: 16<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Matteo Adinolfi, Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Paolo Borchia, Marc Botenga, Markus Buchheit, Martin Buschmann, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Ciarán Cuffe, Josianne Cutajar, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Bart Groothuis, Christophe Grudler, Robert Hajšel, Romana Jerković, Seán Kelly, Izabela-Helena Kloc, Łukasz Kohut, Andrius Kubilius, Marisa Matias, Dan Nica, Angelika Niebler, Niklas Nienaß, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Markus Pieper, Maria Spyraki, Beata Szydło, Riho Terras, Patrizia Toia, Marie Toussaint, Isabella Tovaglieri, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alex Agius Saliba, Rasmus Andresen, Tiziana Beghin, Franc Bogovič, Jakop G. Dalunde, Pietro Fiocchi, Klemen Grošelj, Martin Hojsík, Marina Kaljurand, Dace Melbārde, Rob Rooken, Bronis Ropė, Ernő Schaller-Baross, Jordi Solé, Susana Solís Pérez |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pär Holmgren, Sven Simon |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 50 | + |
|---|---|
| ECR | Pietro Fiocchi, Izabela-Helena Kloc, Beata Szydło |
| ID | Matteo Adinolfi, Paolo Borchia, Isabella Tovaglieri |
| NI | Ernő Schaller-Baross |
| PPE | François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Tom Berendsen, Vasile Blaga, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Dace Melbārde, Angelika Niebler, Markus Pieper, Sven Simon, Maria Spyraki, Riho Terras, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| Renew | Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Bart Groothuis, Klemen Grošelj, Christophe Grudler, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Susana Solís Pérez |
| S&D | Alex Agius Saliba, Beatrice Covassi, Josianne Cutajar, Niels Fuglsang, Lina Gálvez Muñoz, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Romana Jerković, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Dan Nica, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |

| 16 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Rob Rooken |
| ID | Markus Buchheit |
| NI | Tiziana Beghin, Martin Buschmann |
| The Left | Marc Botenga, Marisa Matias |
| Verts/ALE | Rasmus Andresen, Ignazio Corrao, Ciarán Cuffe, Jakop G. Dalunde, Pär Holmgren, Niklas Nienaß, Bronis Ropė, Jordi Solé, Marie Toussaint |

| 1 | 0 |
|---|---|
| Renew | Martin Hojsík |

Key to symbols:
+ : in favour
- : against
0 : abstention

28.4.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (COM(2022)0156 – C9-0144/2022 – 2022/0104(COD) (COD))

Rapóirtéir don tuairim: Benoît Lutgen

## RÉASÚNÚ GEARR

D'fhoghlaim mé faoin togra ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha, agus is cúis mhór imní dom é. Leagtar amach sa togra seo na ceanglais nach mór do na Ballstáit a fhorchur agus cead á thabhairt acu chun suiteálacha tionsclaíocha a thógáil nó síneadh a chur leo. Mar rapóirtéir don tuairim don Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, tá amhras tromchúiseach orm maidir leis an gcaibidil talmhaíochta mar a mhol an Coimisiún.

- Ar an gcéad dul síos, tá an-fhearg an domhain orm gur áiríodh earnáil na talmhaíochta i raon feidhme treorach atá dírithe ar astaíochtaí tionsclaíocha. Cruthaítear dearcadh diúltach maidir le feirmeacha teaghlaigh trí fheirmeoirí a chur sa chatagóir chéanna le tionsclaithe. Meabhraím duit go ráthaítear leis an tsamhail talmhaíochta Eorpach atá bunaithe ar fheirmeacha teaghlaigh go dtáirgfear bia ar ardchaighdeán ar bhealach slán, inbhuanaithe agus straitéiseach. Ós rud é go mbaineann ríthábhacht gheostraitéiseach leis an tslándáil bia anois, ba cheart don Aontas Eorpach luach a chur ar a earnáil talmhaíochta, go háirithe feirmeacha teaghlaigh. Dá bhrí sin, tá sé místuama droch-mhisneach a chur ar fheirmeoirí trí cumasc a dhéanamh orthu ar an mbealach amhrasach sin. Ní threiseofar straitéis gheopholaitiúil ár mór-roinne trí reachtaíocht bhreise Eorpach a fhorchur ar fheirmeoirí beaga. A mhalairt ar fad, ní chomhlíontar na ceanglais bhreise sin le neartú na cómhalartachta ó thaobh caighdeán de, rud ar cheart ról lárnach a bheith aige in aon mhalartú trádála lenár gcomhpháirtithe.

- Mar sin féin, táim den tuairim, ar ndóigh, nach mór talmhaíocht na hEorpa a éagsúlú agus a dhéanamh níos inbhuanaithe. Mar shampla, ní féidir a shéanadh nach mór d'earnáil na talmhaíochta a cuid astaíochtaí a laghdú freisin. Mar sin féin, ní hé an t-athbhreithniú sin an bealach is fearr le cur leis an sprioc inbhuanaitheachta sin ná le héagsúlú ár dtalmhaíochta fiú. Ina ionad sin, tá an téacs atá molta ag an gCoimisiún fritorthúil agus spreagtar leis bogadh i dtreo comhchruinniú níos mó in earnáil na talmhaíochta. Go deimhin, dírítear sa chaibidil talmhaíochta ar gach táirgeoir beostoic, lena n-áirítear oibreoirí beaga agus meánmhéide. San fhoirm atá beartaithe, chuirfeadh raon feidhme an athbhreithnithe seo ualach mór riaracháin agus eacnamaíoch ar fheirmeoirí a phóraíonn sicíní, muca agus eallach. Tá an bonn á bhaint

de bhrabúsacht na bhfiontar sin i gcónaí le comhaontuithe saorthrádála agus le carnadh rialachán gan stopadh, agus rinneadh na hathruithe sin a spáráil ar na gnóthais thionsclaíocha is mó. Mar thoradh air sin, leis an togra seo tugtar buntáiste iomaíoch doshéanta do na gnólachtaí is mó, i mbeidh níos lú deacrachta acu an t-ualach breise riaracháin agus eacnamaíoch a iompar.

- Dá bhrí sin, molaim feirmeacha eallaigh a bhaint de raon feidhme na treorach seo. Baineann ualach trom aonair ar phóraitheoirí eallaigh leis na ceanglais sin, san fhoirm atá molta ag an gCoimisiún, ach ní bheidh laghdú éifeachtach ar astaíochtaí mar thoradh orthu. Ní ‘saoráidí dúnta’ iad na feirmeacha eallaigh sin, ar áiteanna iad atá oiriúnach do theicnící íonúcháin a úsáid, amhail iad siúd a úsáidtear chun muca agus éanlaith chlóis a thógáil, gan trácht ar an tionscal. Mar chuid den chomhbheartas talmhaíochta (CBT) agus de phleananna straitéiseacha náisiúnta (NSPanna), táim suite de gur cheart don Choimisiún a áirithiú go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa lena n-áirítear astaíochtaí meatáin (CH4). Mar sin féin, ba cheart dó é sin a dhéanamh trí theicneolaíochtaí a úsáid, ar léiríodh a n-éifeachtúlacht agus a gcostéifeachtacht. D’fhéadfaí é sin a chur chun feidhme trí bhíthin éiciscéimeanna sonracha agus tionscnaimh talmhaíochta ísealcharbóin faoi chuimsiú CBT. Go deimhin, chuir Parlaimint na hEorpa tionscnaimh den sórt sin ar aghaidh an 21 Deireadh Fómhair 2021 ina rún maidir le straitéis AE chun astaíochtaí meatáin a laghdú (2021/2006(INI). Cé go bhfuil gealltanais tugtha ag gach ceann de na Ballstáit ina bpleananna straitéiseacha náisiúnta faoi seach a n-astaíochtaí a laghdú agus truailliú talmhaíochta a mhaolú, tá sé inmholta freisin an *status quo* a choinneáil d’earnáil na muiceola agus na héanlaithe clóis. Ba cheart é sin a dhéanamh, ní hamháin d’fhonn beartais phoiblí a shimpliú (cur chun feidhme agus cigireacht), ach chun a n-éifeachtacht a áirithiú freisin.

- Ina theannta sin, thug mé faoi deara go dtugtar aghaidh ar na spriocanna laghdaithe amóinia (NH3) mar chuid de Threoir (AE) 2016/2284 maidir le hastaíochtaí teaghlaigh a laghdú (an Treoir maidir le Gealltanais Laghdaithe Astaíochtaí Náisiúnta/‘NEC’). Bhain a lán Ballstát tairbhe as an treoir sin chun a n-astaíochtaí a laghdú go suntasach ar an mbealach sin. Ina theannta sin, tá go leor Ballstát tar éis dul níos faide ná mar a bhíothas ag súil leis sa togra ón gCoimisiún. Thairis sin, tiocfaidh an Treoir ‘NEC’ i bhfeidhm ó 2023, agus beifear in ann astaíochtaí a laghdú níos tapúla ná mar a d’fhéadfaí a bhaint amach leis an athbhreithniú atá beartaithe ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Dá bhrí sin, tá na rioscaí a bhaineann leis an athbhreithniú seo atá beartaithe ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha soiléir. Tá an baol ann go gcruthófar leis an athbhreithniú oibleagáidí riaracháin agus ualaí breise a chuirfidh brabúsacht na ngnólachtaí feirmeoirí is leochailí i mbaol, rud a fhágfaidh go mbeidh eallach níos comhchruinnithe ar fheirmeacha áirithe. Go deimhin, bheadh laghdú ollmhór ar eallach i gceist leis sin ar an iomlán, rud a dhéanfadh dochar dár n-iomaitheoirí nach bhfuil a gcórais táirgthe chomh heiticiúil céanna (dífhoraoisiú allmhairithe, mar shampla).

Ar na cúiseanna sin go léir, táim suite de nach mór athobair fhairsing a dhéanamh ar an togra ón gCoimsiún chun na fíordhúshláin atá os comhair na ngnóthas talmhaíochta a chur san áireamh.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an

gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is é atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip[55] straitéis na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh geilleagar aici atá aeráidneodrach, glan agus ciorclach faoi 2050, tríd an mbainistíocht acmhainní a bharrfheabhsú, an truailliú a íoslaghdú, agus an tráth céanna, aitheantas a thabhairt don ghá atá le beartais an-chlaochlaitheacha. Tá an tAontas tiomanta freisin do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe[56] agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[57]. Le Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht[58] i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus le Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú[59] a glacadh i mí Bealtaine 2021, tugtar aghaidh go sonrach ar ghnéithe truaillithe den Chomhaontú Glas don Eoraip. An tráth céanna, leagtar béim bhreise sa Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip[60] ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí claochlaitheacha. I measc na mbeartas eile atá ábhartha maidir leis an tionscnamh seo tá an pacáiste 'Oiriúnach do 55'[61] , an Straitéis um Meatán[62] agus Gealltanas Ghlaschú um Meatán[63] , an Straitéis maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[64] , an Straitéis Bhithéagsúlachta[65] , an Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc[66] ***agus*** an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe[67] . Ina theannta sin, mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin in 2022, moltar le REPowerEU[68] comhghníomhaíocht Eorpach chun tacú le soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh in- | (1) Is é atá sa Chomhaontú Glas don Eoraip[55] straitéis na hEorpa chun a áirithiú go mbeidh geilleagar aici atá aeráidneodrach, glan agus ciorclach faoi 2050, tríd an mbainistíocht acmhainní a bharrfheabhsú, an truailliú a íoslaghdú, agus an tráth céanna, aitheantas a thabhairt don ghá atá le beartais an-chlaochlaitheacha. Tá an tAontas tiomanta freisin do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe[56] agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[57]. Le Straitéis Ceimiceán an Aontais um an Inbhuanaitheacht[58] i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus le Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú[59] a glacadh i mí Bealtaine 2021, tugtar aghaidh go sonrach ar ghnéithe truaillithe den Chomhaontú Glas don Eoraip. An tráth céanna, leagtar béim bhreise sa Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip[60] ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí claochlaitheacha. I measc na mbeartas eile atá ábhartha maidir leis an tionscnamh seo tá an pacáiste 'Oiriúnach do 55'[61] , an Straitéis um Meatán[62] agus Gealltanas Ghlaschú um Meatán[63] , an Straitéis maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[64] , an Straitéis Bhithéagsúlachta[65] , an Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc[66] ***, Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach[66a],*** an Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe[67]. ***Tá ábharthacht ag baint freisin leis an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal A long-term Vision for the EU's Rural Areas – Towards stronger, connected, resilient*** |

athnuaite agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.

55 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal The European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip]; COM(2019) 640 final

56 https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E

57 https://sdgs.un.org/goals

58 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM(2020) 667 final.

59 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil' [Plean Gníomhaíochta an Aontais dar teideal Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách: Plean Gníomhaíochta AE: 'I dtreo truailliú nialasach le haghaidh

***and prosperous rural areas by 2040 [Fís fhadtéarmach le haghaidh cheantair thuaithe an Aontais Eorpaigh - i dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040][67a].*** Ina theannta sin, mar chuid de fhreagairt an Aontais ar an gcogadh idir an Rúis agus an Úcráin in 2022, moltar le REPowerEU[68] comhghníomhaíocht Eorpach chun tacú le soláthairtí fuinnimh a éagsúlú, chun dlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite agus chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.

55 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal The European Green Deal [An Comhaontú Glas don Eoraip]; COM(2019) 640 final

56 https://www.un.org/ga/search/view_doc.asp?symbol=A/RES/70/1&Lang=E

57 https://sdgs.un.org/goals

58 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM(2020) 667 final.

59 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil' [Plean Gníomhaíochta an Aontais dar teideal Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách: Plean Gníomhaíochta AE: 'I dtreo truailliú nialasach le haghaidh

an aeir, an uisce agus na cré'] COM(2021) 400 final.

[60] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A New Industrial Strategy for Europe [Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip] COM(2020) 102 final.

[61] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Fit for 55': delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality ['Oiriúnach do 55': sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta] COM/2021/550 final.

[62] Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on an EU strategy to reduce methane emissions [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú] COM(2020) 663 final.

[63] https://www.globalmethanepledge.org/

[64] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Forging a climate-resilient Europe - the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change [Eoraip atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú - straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final.

[65] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an

an aeir, an uisce agus na cré'] COM(2021) 400 final.

[60] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A New Industrial Strategy for Europe [Straitéis Nua Tionsclaíochta don Eoraip] COM(2020) 102 final.

[61] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Fit for 55': delivering the EU's 2030 Climate Target on the way to climate neutrality ['Oiriúnach do 55': sprioc aeráide 2030 an Aontais a bhaint amach ar an gconair i dtreo na haeráidneodrachta] COM/2021/550 final.

[62] Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions on an EU strategy to reduce methane emissions [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais chun astaíochtaí meatáin a laghdú] COM(2020) 663 final.

[63] https://www.globalmethanepledge.org/

[64] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Forging a climate-resilient Europe - the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change [Eoraip atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chruthú - straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] COM(2021) 82 final.

[65] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an

| | |
|---|---|
| gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] COM(2020) 380 final. | gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] COM(2020) 380 final. |
| [66] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] COM(2020) 381 final. | [66] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] COM(2020) 381 final. |
| | ***[66a] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Feabhra 2021 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach (2020/2077(INI))*** |
| [67] COM(2022) 142 | [67] COM(2022) 142 |
| | ***[67a] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – A long-term Vision for the EU's rural areas – Towards stronger, connected, resilient and prosperous rural areas by 2040 [Fís fhadtéarmach do Cheantair Thuaithe an Aontais – I dtreo ceantair thuaithe níos láidre, nasctha, athléimneacha agus rathúla faoi 2040] (COM(2021)0345).*** |
| [68] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal REPowerEU: Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláinte agus níos inbhuanaithe; COM(2022) 108 final. | [68] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal REPowerEU: Comhghníomhaíocht Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláinte agus níos inbhuanaithe; COM(2022) 108 final. |

**Leasú 2**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, fógraíodh athbhreithniú ar bhearta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó mhórshuiteálacha tionsclaíocha, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme earnála na reachtaíochta agus conas í a chur i gcomhréir iomlán le beartais aeráide, beartais fuinnimh agus beartais an gheilleagair chiorclaigh. Ina theannta sin, iarrtar freisin sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú, sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach agus sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc astaíochtaí truailleán a laghdú ag an bhfoinse, lena n-áirítear foinsí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoi láthair[69]. ***Is gá, mar sin,*** truailliú ó ***ghníomhaíochtaí agraithionsclaíocha áirithe a áireamh i raon feidhme na Treorach sin chun aghaidh a thabhairt orthu.*** | (2) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, fógraíodh athbhreithniú ar bhearta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó mhórshuiteálacha tionsclaíocha, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar raon feidhme earnála na reachtaíochta agus conas í a chur i gcomhréir iomlán le beartais aeráide, beartais fuinnimh agus beartais an gheilleagair chiorclaigh. Ina theannta sin, iarrtar freisin sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú, sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach agus sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc astaíochtaí truailleán a laghdú ag an bhfoinse, lena n-áirítear foinsí nach dtagann faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle faoi láthair[69]. ***D'fhéadfaí aghaidh a thabhairt ar fhadhb an truaillithe ó thógáil ainmhithe ar mhórscála tríd an gcreat reatha a choinneáil.*** |
| [69] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú); IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17-119. | [69] Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú); IO L 334, 17.12.2010, lgh. 17-119. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Tá tionscal eastóscach an Aontais ríthábhachtach chun aidhmeanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise Eorpaí maidir le Tionsclaíocht a | (3) Tá tionscal eastóscach an Aontais ríthábhachtach chun aidhmeanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise Eorpaí maidir le Tionsclaíocht a |

| | |
|---|---|
| bhaint amach, lena n-áirítear í a thabhairt cothrom le dáta. Tá tábhacht straitéiseach ag baint le hamhábhair maidir leis an aistriú digiteach agus an aistriú glas, maidir leis an gclaochlú fuinnimh, an claochlú ábhar agus claochlú an gheilleagair chiorclaigh agus chun athléimneacht eacnamaíoch an Aontais a neartú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainneacht intíre inbhuanaithe. Chuige sin, teastaíonn bearta éifeachtacha, saincheaptha agus comhchuibhithe chun a áirithiú go leagtar síos agus go n-úsáidtear na teicnící is fearr atá ar fáil, agus ar an mbealach sin próisis a chur i bhfeidhm arb iad na cinn is éifeachtúla iad agus a bhfuil an tionchar is ísle is féidir acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Sásraí rialachais Threoir 2010/75/AE a bhfuil dlúthbhaint acu le forbairt ceanglas comhshaoil atá comhaontaithe agus saincheaptha, is sásraí iad a bheidh ag tacú le fás inbhuanaithe na ngníomhaíochtaí sin san Aontas. Trí chaighdeáin a chomhaontaítear go comhpháirteach a fhorbairt agus a bheith ar fáil, beidh cothrom na hiomaíochta san Aontais agus áiritheofar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol an tráth céanna. ***Is iomchuí, dá bhrí sin, na gníomhaíochtaí sin a áireamh i raon feidhme Threoir 2010/75/AE.*** | bhaint amach, lena n-áirítear í a thabhairt cothrom le dáta. Tá tábhacht straitéiseach ag baint le hamhábhair maidir leis an aistriú digiteach agus an aistriú glas, maidir leis an gclaochlú fuinnimh, an claochlú ábhar agus claochlú an gheilleagair chiorclaigh agus chun athléimneacht eacnamaíoch an Aontais a neartú. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainneacht intíre inbhuanaithe ***de réir sainiúlachtaí náisiúnta***. Chuige sin, teastaíonn bearta éifeachtacha, saincheaptha agus comhchuibhithe chun a áirithiú go leagtar síos agus go n-úsáidtear na teicnící is fearr atá ar fáil, agus ar an mbealach sin próisis a chur i bhfeidhm arb iad na cinn is éifeachtúla iad agus a bhfuil an tionchar is ísle is féidir acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Sásraí rialachais Threoir 2010/75/AE a bhfuil dlúthbhaint acu le forbairt ceanglas comhshaoil atá comhaontaithe agus saincheaptha, is sásraí iad a bheidh ag tacú le fás inbhuanaithe na ngníomhaíochtaí sin san Aontas. Trí chaighdeáin a chomhaontaítear go comhpháirteach a fhorbairt agus a bheith ar fáil, beidh cothrom na hiomaíochta san Aontais agus áiritheofar ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol an tráth céanna. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá tógáil muc, éanlaithe clóis ***agus eallaigh*** ina cúis ***mhór*** le hastaíochtaí truailleán isteach san aer agus san uisce. ***Chun astaíochtaí truailleán den sórt sin a laghdú, lena n-áirítear amóinia, meatán, níotráití agus astaíochtaí gás ceaptha teasa agus, ar an mbealach sin, cáilíocht*** | (4) Is féidir le tógáil muc ***agus*** éanlaithe clóis ***ar mórscála*** a bheith ina cúis le hastaíochtaí truailleán ***atá díobhálach don chomhshaol dul*** isteach ***san ithir,*** san aer agus san uisce. ***Ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar an riosca sin trí chreataí dlíthiúla agus dea-*** |

***an aeir, an uisce agus na hithreach a fheabhsú, is gá an tairseach a ísliú ar os a cionn a áirítear suiteálacha*** muc agus éanlaithe clóis ***i raon feidhme Threoir*** 2010/75/AE ***agus feirmeoireacht eallaigh a áireamh sa raon feidhme sin freisin***. Le ceanglais ***ábhartha*** BAT, ***cuirtear san áireamh cineál, méid, dlús agus castacht na suiteálacha sin, lena n-áirítear sainiúlachtaí na gcóras tógála eallaigh atá bunaithe ar fhéarach, i gcás nach dtógtar ainmhithe ach go séasúrach i suiteálacha faoi dhíon, agus raon na dtionchar ar an gcomhshaol a d'fhéadfadh a bheith acu. Tá gá leis an aistriú i dtreo cleachtais talmhaíochta a éireoidh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol de réir a chéile, agus is é is aidhm do na ceanglais chomhréireachta in BAT feirmeoirí a spreagadh an t-aistriú sin a chur chun feidhme.***

***chleachtais atá ann cheana, lena n-áirítear le tacaíocht ó phleananna straitéiseacha náisiúnta CBT. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar dhul i mbun idirphlé le hionadaithe feirmeoirí trí CBT agus trí na ceanglais a leagtar amach i*** dTreoir 2010/75/AE ***nó trí*** cheanglais ***ábhartha*** BAT ***chun comhréireacht na srianta atá beartaithe a áirithiú. Sa bhreis ar na spriocanna a leagtar síos faoi CBT, leagtar síos i dTreoir (AE) 2016/2284 ('NEC')[1a] spriocanna chun astaíochtaí a laghdú, lena n-áirítear amóinia ón talmhaíocht. Dá bhrí sin, ionas nach gcruthófar ualach riaracháin agus forluí neamhriachtanach sa chreat reachtach atá ann faoi láthair, ba cheart go bhfanfadh na tairseacha reatha do*** mhuca agus d'éanlaith chlóis ***gan athrú***.

______________________

***[1a] Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1)***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Ba cheart tábhacht leordhóthanach a thabhairt do chosaint na timpeallachta máguaird, ach ba cheart a áirithiú nach gcruthófar aon ualach breise riaracháin ná airgeadais d'earnáil an bheostoic; a mhalairt ar fad, tá spreagadh leanúnach de dhíth ar ghníomhaíochtaí na n-oibreoirí sin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá*** |

| | |
|---|---|
| | ***rompu faoi láthair.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) D'fhonn ***rochtain phoiblí*** ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a neartú a thuilleadh, is gá a shoiléiriú go bhfuil na ***ceadanna le haghaidh suiteálacha*** arna ndeonú de bhun Threoir 2010/75/AE le cur ar fáil don phobal ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin. Ba cheart achoimre aonfhoirmeach ceadanna a chur ar fáil don phobal faoi na coinníollacha céanna. | (6) D'fhonn rochtain ***don phobal lena mbaineann*** ar fhaisnéis faoin gcomhshaol a neartú a thuilleadh, is gá a shoiléiriú go bhfuil ***faisnéis neamhtheicniúil ó na ceadanna le haghaidh suiteálacha*** arna ndeonú de bhun Threoir 2010/75/AE ***le*** cur ar fáil don phobal ***lena mbaineann, arna iarraidh sin,*** ar an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin. Ba cheart achoimre aonfhoirmeach ceadanna a chur ar fáil don phobal ***lena mbaineann*** faoi na coinníollacha céanna. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Sonróidh an Coimisiún ar bhealach soiléir agus inrochtana cén faisnéis neamhtheicniúil a fhéadfar a chur ar fáil don phobal lena mbaineann arna iarraidh sin chun leas an phobail a fheabhsú gan difear a dhéanamh do ghníomhaíocht eacnamaíoch an táirgeora. Sonróidh an Coimisiún cé atá freagrach as ullmhú na faisnéise neamhtheicniúla agus as an achoimre aonfhoirmeach. I gcás ina gceanglaítear ar mheasúnóir comhshaoil an fhaisnéis sin a shintéisiú, ba cheart don Choimisiún a shuíomh conas a chumhdófar a chostais.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil ina iomláine a áirithiú, tá gá le sineirgí agus comhordú le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol, ag gach céim dá cur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart dul i gcomhairle go cuí leis na húdaráis inniúla ábhartha uile a áirithíonn comhlíonadh reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol sula ndeonófar cead faoi Threoir 2010/75/AE. | (12) Chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil ina iomláine a áirithiú, tá gá le sineirgí agus comhordú le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol, ag gach céim dá cur chun feidhme. Dá bhrí sin, ba cheart dul i gcomhairle go cuí leis na húdaráis inniúla ábhartha uile a áirithíonn comhlíonadh reachtaíocht ábhartha eile an Aontais maidir leis an gcomhshaol sula ndeonófar cead faoi Threoir 2010/75/AE***, ach gan deacrachtaí a chruthú i bpróiseas ceadanna a dheonú ná é a dhéanamh níos casta***. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) D'fhonn feidhmíocht chomhshaoil agus sábháilteacht na suiteála a fheabhsú go leanúnach, lena n-áirítear trí ghiniúint dramhaíola a chosc, úsáid acmhainní agus athúsáid uisce a bharrfheabhsú, agus rioscaí a bhaineann le húsáid substaintí guaiseacha a chosc nó a laghdú, ba cheart don oibreoir córas bainistíochta comhshaoil (EMS) a bhunú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le conclúidí ábhartha BAT, agus ba cheart dó é a chur ar fáil don phobal. Ba cheart go gcumhdófaí le EMS freisin bainistíocht na rioscaí a bhaineann le substaintí guaiseacha a úsáid agus anailís ar an bhféidearthacht roghanna malartacha níos sábháilte a chur in ionad na substaintí guaiseacha. | (13) D'fhonn feidhmíocht chomhshaoil agus sábháilteacht na suiteála a fheabhsú go leanúnach, lena n-áirítear trí ghiniúint dramhaíola a chosc, úsáid acmhainní agus athúsáid uisce a bharrfheabhsú, agus rioscaí a bhaineann le húsáid substaintí guaiseacha a chosc nó a laghdú, ba cheart don oibreoir córas bainistíochta comhshaoil (EMS) a bhunú agus a chur chun feidhme i gcomhréir le conclúidí ábhartha BAT, agus ba cheart dó é a chur ar fáil don phobal***, arna iarraidh sin***. Ba cheart go gcumhdófaí le EMS freisin bainistíocht na rioscaí a bhaineann le substaintí guaiseacha a úsáid agus anailís ar an bhféidearthacht roghanna malartacha níos sábháilte a chur in ionad na substaintí guaiseacha. ***Mar sin féin, ba cheart do EMS sláine na faisnéise rúnda gnó a*** |

***choinneáil trí staonadh ó fhaisnéis atá aicmithe mar fhaisnéis rúnda gnó nó faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a fhoilsiú.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Le caighdeáin cáilíochta comhshaoil, tagraítear do na ceanglais uile a leagtar amach i ndlí an Aontais, amhail reachtaíocht an Aontais maidir le haer agus le huisce; ar ceanglais iad nach mór a chomhlíonadh ag timpeallacht áirithe nó ag cuid ar leith di ag tráth áirithe. Dá bhrí sin, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart d'údaráis inniúla, agus cead á dheonú acu do shuiteáil, ní hamháin coinníollacha a leagan amach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibríochtaí na suiteála na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, ach i gcás inarb iomchuí, ***d'fhonn*** rannchuidiú sonrach na suiteála leis an truailliú a tharlaíonn sa limistéar ábhartha ***a laghdú***, ba cheart dóibh freisin ***coinníollacha breise sonracha a áireamh sa chead atá níos déine ná na coinníollacha a leagtar amach i gconclúidí ábhartha BAT,*** chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tsuiteáil caighdeáin cáilíochta comhshaoil. Féadfar a bheith i gceist leis na coinníollacha sin teorainnluachanna astaíochta níos déine a shocrú nó oibríocht nó acmhainneacht na suiteála a theorannú. | (19) Le caighdeáin cáilíochta comhshaoil, tagraítear do na ceanglais uile a leagtar amach i ndlí an Aontais, amhail reachtaíocht an Aontais maidir le haer agus le huisce; ar ceanglais iad nach mór a chomhlíonadh ag timpeallacht áirithe nó ag cuid ar leith di ag tráth áirithe. Dá bhrí sin, is iomchuí a shoiléiriú gur cheart d'údaráis inniúla, agus cead á dheonú acu do shuiteáil, ní hamháin coinníollacha a leagan amach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh oibríochtaí na suiteála na conclúidí maidir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, ach i gcás inarb iomchuí***, plean a dhéanamh*** d'fhonn rannchuidiú sonrach na suiteála leis an truailliú a tharlaíonn sa limistéar ábhartha a laghdú, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an tsuiteáil caighdeáin cáilíochta comhshaoil. ***Faoi rogha na mBallstát,*** féadfar a bheith i gceist leis na coinníollacha sin teorainnluachanna astaíochta níos déine a shocrú nó oibríocht nó acmhainneacht na suiteála a theorannú ***de réir sainiúlachtaí náisiúnta***. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (20) Ba cheart don údarás inniúil coinníollacha an cheada a athbhreithniú go rialta agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta chun comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a áirithiú. Ba cheart athbhreithniú nó tabhairt cothrom le dáta den sórt sin a dhéanamh freisin i gcás inar gá don tsuiteáil caighdeán cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás caighdeán cáilíochta comhshaoil nua nó athbhreithnithe nó i gcás inar gá an ceadúnas a athbhreithniú mar gheall ar stádas na timpeallachta glactha chun go mbainfear comhlíonadh na bpleananna agus na gclár arna socrú faoi reachtaíocht an Aontais amach, amhail na pleananna bainistíochta abhantraí faoi Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[72]. | (20) Ba cheart don údarás inniúil coinníollacha an cheada a athbhreithniú go rialta agus, i gcás inar gá, a thabhairt cothrom le dáta chun comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha a áirithiú. Ba cheart athbhreithniú nó tabhairt cothrom le dáta den sórt sin a dhéanamh freisin i gcás inar gá don tsuiteáil caighdeán cáilíochta comhshaoil a chomhlíonadh, lena n-áirítear i gcás caighdeán cáilíochta comhshaoil nua nó athbhreithnithe nó i gcás inar gá an ceadúnas a athbhreithniú mar gheall ar stádas na timpeallachta glactha chun go mbainfear comhlíonadh na bpleananna agus na gclár arna socrú faoi reachtaíocht an Aontais amach, amhail na pleananna bainistíochta abhantraí faoi Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ***Ba cheart dóthain ama aistrithe a thabhairt do shuiteálacha talmhaíochta chun coinníollacha nua an cheada a chomhlíonadh ionas go ndéanfar an difear is lú is féidir do tháirgeadh, d'acmhainní daonna agus do thomhaltóirí deiridh. Ba cheart an idirthréimhse a chinneadh de réir chineál agus acmhainn na suiteála.*** |
| ___________ | |
| [72] ***Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000).*** | |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Mar a shoiléirítear le cásdlí na Cúirte Breithiúnais[73], ní fhéadfaidh na Ballstáit an seasamh dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó údarás poiblí a shrianadh do na ndaoine sin den | (22) Mar a shoiléirítear le cásdlí na Cúirte Breithiúnais[73], ní fhéadfaidh na Ballstáit an seasamh dlí chun agóid a dhéanamh in aghaidh cinneadh ó údarás poiblí a shrianadh do na ndaoine sin den |

| | |
|---|---|
| phobal lena mbaineann a bhí rannpháirteach sa nós imeachta riaracháin roimhe sin chun an cinneadh sin a ghlacadh. Mar a shoiléirítear freisin le cásdlí na Cúirte Breithiúnais[74], chun rochtain éifeachtach ar cheartas in ábhair chomhshaoil agus leigheasanna éifeachtacha a bheith ann, is gá inter alia go bhfuil sé de cheart ag baill den phobal lena mbaineann iarraidh ar an gcúirt nó ar chomhlacht inniúil neamhspleách agus neamhchlaonta bearta eatramhacha a ordú chun cás áirithe truaillithe a chosc, lena n-áirítear, i gcás inar gá, tríd an gcead is ábhar díospóide a chur ar fionraí go sealadach. ***Dá bhrí sin, ba cheart a shonrú nár cheart seasamh dlíthiúil a bheith ag braith ar an ról a bhí ag an duine lena mbaineann den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo.*** Ina theannta sin, ba cheart aon nós imeachta um athbhreithniú a bheith cóir, cothrom, tráthúil agus gan bheith róchostasach, agus ba cheart foráil a dhéanamh ann maidir le sásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh, lena n-áirítear faoiseamh urghaire de réir mar is iomchuí. | phobal lena mbaineann a bhí rannpháirteach sa nós imeachta riaracháin roimhe sin chun an cinneadh sin a ghlacadh. Mar a shoiléirítear freisin le cásdlí na Cúirte Breithiúnais[74], chun rochtain éifeachtach ar cheartas in ábhair chomhshaoil agus leigheasanna éifeachtacha a bheith ann, is gá inter alia go bhfuil sé de cheart ag baill den phobal lena mbaineann iarraidh ar an gcúirt nó ar chomhlacht inniúil neamhspleách agus neamhchlaonta bearta eatramhacha a ordú chun cás áirithe truaillithe a chosc, lena n-áirítear, i gcás inar gá, tríd an gcead is ábhar díospóide a chur ar fionraí go sealadach. Ina theannta sin, ba cheart aon nós imeachta um athbhreithniú a bheith cóir, cothrom, tráthúil agus gan bheith róchostasach, agus ba cheart foráil a dhéanamh ann maidir le sásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh, lena n-áirítear faoiseamh urghaire de réir mar is iomchuí. |
| [73] Cás C–826/18, Breithiúnas ón gCúirt (an Chéad Dlísheomra) an 14 Eanáir 2021; LB agus Eile v College van burgemeester en wethouders van de gemeente Echt-Susteren; míreanna 58 agus 59. | [73] Cás C–826/18, Breithiúnas ón gCúirt (an Chéad Dlísheomra) an 14 Eanáir 2021; LB agus Eile v College van burgemeester en wethouders van de gemeente Echt-Susteren; míreanna 58 agus 59. |
| [74] Cás C-416/10 Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra), an 15 Eanáir 2013; Jozef Križan agus Eile v Slovenská inšpekcia životného prostredia.Križan, mír 109. | [74] Cás C-416/10 Breithiúnas ón gCúirt (an Mór-Dhlísheomra), an 15 Eanáir 2013; Jozef Križan agus Eile v Slovenská inšpekcia životného prostredia.Križan, mír 109. |

**Leasú 13**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (27) I bhfianaise líon ard na suiteálacha ***tógála*** ba cheart a áireamh faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE agus i bhfianaise shimplíocht phróisis agus phatrúin astaíochta na suiteálacha sin i gcomparáid le suiteálacha eile, is iomchuí nósanna imeachta sonracha riaracháin a leagan amach chun ceadanna a eisiúint agus maidir le hoibriú na ngníomhaíochtaí ábhartha atá oiriúnaithe don earnáil, gan dochar do cheanglais a bhaineann le faisnéis phoiblí, rannpháirtíocht an phobail, faireachán ná comhlíontacht. | (27) I bhfianaise líon ard na suiteálacha ***talmhaíochta d'éanlaith chlóis agus muca*** ba cheart a áireamh faoi raon feidhme Threoir 2010/75/AE agus i bhfianaise shimplíocht phróisis agus phatrúin astaíochta na suiteálacha ***talmhaíochta*** sin i gcomparáid le suiteálacha eile, is iomchuí nósanna imeachta sonracha riaracháin a leagan amach chun ceadanna a eisiúint***, nósanna imeachta clárúcháin simplithe*** agus maidir le hoibriú na ngníomhaíochtaí ábhartha atá oiriúnaithe don earnáil, gan dochar do cheanglais a bhaineann le faisnéis phoiblí, rannpháirtíocht an phobail, faireachán ná comhlíontacht. ***Ina theannta sin, níor cheart go gcruthódh na ceanglais maidir le ceadúnas a eisiúint nó feirmeacha a chlárú ualach breise riaracháin nó airgeadais.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go mbeidh rochtain ag feirmeoirí ar mhaoiniú leordhóthanach chun suiteálacha a fhorbairt agus a nuachóiriú de réir mar is gá chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach.*** |

**Leasú 15**
**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun a áirithiú go leanfaidh Treoir 2010/75/AE dá cuspóirí a chomhlíonadh chun astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le | (29) Chun a áirithiú go leanfaidh Treoir 2010/75/AE dá cuspóirí a chomhlíonadh chun astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le |

hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a fhorlíonadh chun rialacha oibriúcháin a bhunú ina mbeidh ceanglais maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le héanlaith chlóis, muca ***agus eallach a thógáil, agus chun Iarscríbhinní I agus Ia a ghabhann leis an Treoir sin a leasú trí ghníomhaíocht agraithionsclaíoch a chur isteach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sí a cuspóirí chun astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach.*** Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[77]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[77] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14.

hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir sin a fhorlíonadh chun rialacha oibriúcháin a bhunú ina mbeidh ceanglais maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le héanlaith chlóis, ***agus*** muca a thógáil. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr [77]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. ***Leis na rialacha oibriúcháin, níor cheart cosc a chur ar theicnící atá ag teacht chun cinn a úsáid ná níor cheart aon teicnící nó teicneolaíocht ar leith a shainiú ná a fhorordú. Ba cheart iad a bheith bunaithe ar mheasúnú lárnach ina gcuirtear san áireamh an tionchar ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch fhoriomlán, ar shábháilteacht, go háirithe sábháilteacht ó dhóiteán, agus ar shláinte agus leas ainmhithe.***

[77] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016, lgh. 1-14.

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh treorach**
**Aithris 33**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (33) Is iomchuí, dá bhrí sin, go dtabharfaí aghaidh le Treoir 2010/75/AE ar an gceart le haghaidh cúiteamh de dheasca damáistí a bhain do dhaoine aonair. Chun a áirithiú go mbeidh daoine aonair in ann a gcearta a chosaint in aghaidh dochar don tsláinte de dheasca sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, agus ar an bealach sin forfheidhmiú níos éifeachtúla na Treorach sin a áirithiú, ba cheart a thabhairt de chumhacht d’eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, lena n-áirítear na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint tomhaltóirí chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, mar bhaill den phobal lena mbaineann, páirt a ghlacadh in imeachtaí, de réir mar a chinnfidh na Ballstáit, thar ceann aon íospartaigh ***nó*** chun tacú leis, gan dochar do rialacha náisiúnta nós imeachta maidir le hionadaíocht agus cosaint os comhair na gcúirteanna. De ghnáth, bíonn neamhspleáchas nós imeachta ag na Ballstáit chun leigheas éifeachtach in aghaidh sáruithe ar dhlí an Aontais a áirithiú, faoi réir urramú phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta. Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil sé deacair d’íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, faoi na rialacha nós imeachta maidir leis an dualgas cruthúnais is infheidhme go ginearálta sna Ballstáit, nasc cúisíoch idir an dochar a fulaingíodh agus an sárú a léiriú, cé go bhfuil an-mhórán fianaise eipidéimeolaíche ann maidir leis na tionchair dhiúltacha sláinte ar an daonra de dheasca truaillithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haer. Dá thoradh sin, i bhformhór na gcásanna, ní bhíonn bealach éifeachtach ag íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE cúiteamh a fháil as an dochar arb iad na sáruithe sin is cúis leis. Chun cearta daoine aonair a neartú chun cúiteamh a fháil as sáruithe ar Threoir | (33) Is iomchuí, dá bhrí sin, go dtabharfaí aghaidh le Treoir 2010/75/AE ar an gceart le haghaidh cúiteamh de dheasca damáistí a bhain do dhaoine aonair. Chun a áirithiú go mbeidh daoine aonair in ann a gcearta a chosaint in aghaidh dochar don tsláinte de dheasca sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, agus ar an bealach sin forfheidhmiú níos éifeachtúla na Treorach sin a áirithiú, ba cheart a thabhairt de chumhacht d’eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn, lena n-áirítear na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint tomhaltóirí chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, mar bhaill den phobal lena mbaineann, páirt a ghlacadh in imeachtaí, de réir mar a chinnfidh na Ballstáit, ***thar ceann*** aon íospartaigh nó chun tacú leis, gan dochar do rialacha náisiúnta nós imeachta maidir le hionadaíocht agus cosaint os comhair na gcúirteanna. De ghnáth, bíonn neamhspleáchas nós imeachta ag na Ballstáit chun leigheas éifeachtach in aghaidh sáruithe ar dhlí an Aontais a áirithiú, faoi réir urramú phrionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta. Mar sin féin, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil sé deacair d’íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE, faoi na rialacha nós imeachta maidir leis an dualgas cruthúnais is infheidhme go ginearálta sna Ballstáit, nasc cúisíoch idir an dochar a fulaingíodh agus an sárú a léiriú, cé go bhfuil an-mhórán fianaise eipidéimeolaíche ann maidir leis na tionchair dhiúltacha sláinte ar an daonra de dheasca truaillithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haer. Dá thoradh sin, i bhformhór na gcásanna, ní bhíonn bealach éifeachtach ag íospartaigh sáruithe ar Threoir 2010/75/AE cúiteamh a fháil as an dochar arb iad na sáruithe sin is cúis leis. Chun cearta daoine aonair a neartú chun cúiteamh a fháil as sáruithe ar Threoir |

| | |
|---|---|
| 2010/75/AE agus chun rannchuidiú le forfheidhmiú níos éifeachtúla a ceanglas ar fud an Aontais, is gá an dualgas cruthúnais is infheidhme maidir le cásanna den sórt sin ***a oiriúnú***. ***Dá bhrí sin, nuair atá duine aonair in ann fianaise sách láidir a chur ar fáil as a dtagann toimhde gurb é an sárú ar Threoir 2010/75/AE is bunús leis an dochar a rinneadh do shláinte duine aonair, nó gur chuir sé go mór leis, ba cheart don chosantóir an toimhde sin a bhréagnú chun a dhliteanas a sheachaint.*** | 2010/75/AE agus chun rannchuidiú le forfheidhmiú níos éifeachtúla a ceanglas ar fud an Aontais, is gá an dualgas cruthúnais is infheidhme maidir le cásanna den sórt sin a ***éascú***. |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)**
Treoir 2010/75/CE
Teideal

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(-1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal na treorach*** |
| Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) | 'Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha ***agus talmhaíochta*** (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú)' |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíonn 'suiteáil' aonad teicniúil seasta ina ndéantar ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I***, in Iarscríbhinn Ia*** nó i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII, agus aon ghníomhaíocht eile atá bainteach go díreach leis na gníomhaíochtaí sin ar an | (3) ciallaíonn 'suiteáil' aonad teicniúil seasta ina ndéantar ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn 1 nó i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VII, agus aon ghníomhaíocht eile atá bainteach go díreach leis na gníomhaíochtaí sin ar an láithreán céanna a |

| | |
|---|---|
| láithreán céanna a bhfuil nasc teicniúil acu leis na gníomhaíochtaí a liostaítear sna hIarscríbhinní sin agus a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar astaíochtaí agus ar thruailliú; | bhfuil nasc teicniúil acu leis na gníomhaíochtaí a liostaítear sna hIarscríbhinní sin agus a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar astaíochtaí agus truailliú; |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe d**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 17

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) ciallaíonn 'an pobal lena mbaineann' an pobal a ndéantar difear dó ***nó ar dócha go ndéanfar difear dó*** mar gheall ar dhéanamh cinnidh maidir le cead nó coinníollacha ceada a dheonú nó a thabhairt cothrom le dáta, ***nó an pobal a bhfuil leas aige i nglacadh an chinnidh sin***; ***chun críocha an tsainmhínithe seo, measfar go bhfuil leas ag eagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglais faoin dlí náisiúnta;.*** | (17) ciallaíonn 'an pobal lena mbaineann' an pobal a ndéantar difear dó mar gheall ar dhéanamh cinnidh maidir le cead a dheonú nó a thabhairt cothrom le dáta, nó an pobal a bhfuil leas aige i nglacadh an chinnidh sin; |

**Leasú 20**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe d a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 22 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*** <br> ***'(22a) ciallaíonn 'feirm' nó 'suiteáil talmhaíochta' aonad aonair, go teicniúil agus go heacnamaíoch araon, ag a bhfuil bainistíocht aonair, ina ndéantar gníomhaíochtaí tógála mórscála muc agus éanlaithe clóis a liostaítear in*** |

| | |
|---|---|
| | ***Airteagal 70ú;';*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe d b (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23

| *An téacs atá ann* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (23):*** |
| (23) ciallaíonn 'éanlaith chlóis' éanlaith chlóis mar a shainmhínítear i ***bpointe 1 d'Airteagal 2 de Threoir 90/539/CEE ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 1990 i dtaca le sláinte ainmhithe, lena rialaítear trádáil in éanlaith chlóis agus uibheacha goir laistigh den Chomhphobal agus allmhairí díobh ó thríú tíortha**** | '(23) ciallaíonn 'éanlaith chlóis' éanlaithe chlóis ***mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (9), de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le galair ainmhithe in-tarchurtha*;*** |
| __________________<br>**** IO L 303, 31.10.1990, lch. 6.*** | __________________<br>**** IO L 084, 31.3.2016, lch. 1.*** |

**Leasú 22**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe e**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 23b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(23b) ciallaíonn 'eallach' ainmhithe clóis den speiceas Bos taurus;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 23**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe e**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

(23c) ciallaíonn 'aonad beostoic' ***coibhéis innilte bó déiríochta fásta amháin a tháirgeann 3 000 kg de bhainne in aghaidh na bliana, gan bia-ábhair chomhdhlúite breise, a úsáidtear chun méid feirmeacha a thógann*** catagóirí ***difriúla ainmhithe a shloinneadh, trí úsáid a bhaint as na rátaí comhshó, agus tagairt á déanamh do tháirgeacht iarbhír laistigh den bhliain féilire, a leagtar amach in*** Iarscríbhinn ***II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún**'.***

______________________________

**** Treoir 2008/120/CE ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 lena leagtar síos caighdeáin íosta chun muca a chosaint (IO L 47, 18.2.2009, lch. 5).***

***** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) (IO L 227, 31.7.2014, lch. 18).';.***

***(23c)*** ciallaíonn 'aonad beostoic' nó 'LSU' ***aonad caighdeánach tomhais lenar féidir*** catagóirí ***d'aonaid bheostoic lena gcumhdaítear muca agus éanlaith chlóis a chomhiomlánú, a liostaítear a gcomhéifeachtaí*** in Iarscríbhinn ***-Ia, chun na catagóirí sin a chur i gcomparáid le chéile;***

______________________________

**Leasú 24**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit nós imeachta a leagan síos maidir le suiteálacha a chlárú nach gcumhdaítear ach le Caibidil V ***nó le Caibidil VIa.***'. | 'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh na Ballstáit nós imeachta a leagan síos do chlárú suiteálacha nach gcumhdaítear ach le Caibidil V'. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 5 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le Caibidil VIa.*** |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9 – pointe a**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 13 – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Chun doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta, eagróidh an Coimisiún malartú faisnéise idir na Ballstáit, na tionscail lena mbaineann, na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus an Coimisiún. | 1. Chun doiciméid tagartha BAT a tharraingt suas, a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta, eagróidh an Coimisiún malartú faisnéise idir na Ballstáit, na tionscail ***agus na feirmeoirí*** lena mbaineann, na heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint an chomhshaoil chun cinn, an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán agus an Coimisiún.’ |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 14a – mír 1 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le gach suiteáil a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir córas ***bainistíochta*** comhshaoil (‘EMS’) a ullmhú agus a chur chun feidhme. Comhlíonfaidh EMS na forálacha a áirítear i gconclúidí ábhartha BAT lena gcinntear gnéithe atá le cumhdach in EMS. | Maidir le gach suiteáil a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir córas comhshaoil (‘EMS’) a ullmhú agus a chur chun feidhme. Comhlíonfaidh EMS na forálacha a áirítear i gconclúidí ábhartha BAT lena gcinntear gnéithe atá le cumhdach in EMS. ***Cinnfidh an Coimisiún cén duine nó cén*** |

***institiúid atá cáilithe chun an córas bainistíochta agus an ciste as a gcumhdófar na costais a dhearadh. Athbhreithneofar EMS go tréimhsiúil chun a áirithiú go leanfaidh sé de bheith oiriúnach, leordhóthanach agus éifeachtach.***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11**
Treoir 2010/75/AE –
Airteagal 14 a – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfear EMS suiteála ar fáil ar an idirlíon, saor in aisce ***agus*** gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin. | 3. Cuirfear EMS suiteála ar fáil ar an idirlíon, ***arna iarraidh sin,*** saor in aisce ***don phobal lena mbaineann***, gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin ***agus gan difear a dhéanamh do ghníomhaíochtaí táirgeoirí i dtéarmaí faisnéis rúnda ghnó a chosaint.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27a – mír 3 – pointe e a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) ionadaithe na bhfeirmeoirí lena mbaineann;*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 27c – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***I gcás saoráidí tógála a chumhdaítear le forálacha Chaibidil VIa, i gcás forálacha a bhaineann le teicnící atá ag teacht chun cinn, féadfar síneadh suas le 17 mbliana a chur leis na teorainneacha ama is infheidhme.***

**Leasú 31**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 24**
Treoir 2010/75/AE
Caibidil VIa – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| FORÁLACHA SPEISIALTA MAIDIR LE hÉANLAITH CHLÓIS, MUCA ***AGUS EALLACH*** A THÓGÁIL | FORÁLACHA SPEISIALTA MAIDIR LE hÉANLAITH CHLÓIS ***AGUS MUCA*** A THÓGÁIL ***AR MÓRSCÁLA*** |

**Leasú 32**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70a – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis ***na*** gníomhaíochtaí ***a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia lena sroichtear na tairseacha acmhainneachta a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.*** | 1. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le ***ceann ar bith de na*** gníomhaíochtaí ***seo a leanas a bhaineann le muca agus éanlaith chlóis a thógáil a shroicheann an tairseach níos ísle:***<br>***(a) feirm nó suiteáil talmhaíochta:***<br>***(i) lena ngabhann níos mó ná 40 000 áit d'éanlaith chlóis;***<br>***(ii) lena ngabhann níos mó ná 2 000 áit do mhuca táirgthe (os cionn 30 kg); nó***<br>***(iii) lena ngabhann níos mó ná 750 áit do chránacha;***<br>***nó***<br>***(b) feirm nó suiteáil talmhaíochta lena ngabhann 750 aonad beostoic (LSU) nó níos mó. Bunófar an neaschoibhéis in aonaid beostoic (LSU) ar na*** |

***comhéifeachtaí a leagtar síos in Iarscríbhinn -Ia a ghabhann leis an Treoir seo.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70a – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Áiritheoidh an Coimisiún agus na Ballstáit go mbeidh rochtain ag feirmeoirí ar mhaoiniú leordhóthanach chun suiteálacha a fhorbairt agus a nuachóiriú de réir mar is gá chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach.*** |

**Leasú 34**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 70b*** | ***scriosta*** |
| ***Riail chomhiomlánaithe*** | |
| ***Má tá dhá shuiteáil nó níos mó suite gar dá chéile agus más ionann a n-oibreoir nó má tá na suiteálacha faoi rialú oibreoirí a bhfuil caidreamh eacnamaíoch nó dlíthiúil eatarthu, measfar gur aonad aonair iad na suiteálacha lena mbaineann chun an tairseach acmhainneachta dá dtagraítear in Airteagal 70a a ríomh.*** | |

**Leasú 35**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ceadanna | Ceadanna ***agus nós imeachta clárúcháin simplithe*** |

**Leasú 36**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh na Ballstáit ceanglais maidir le catagóirí áirithe ***suiteálacha*** a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo a áireamh sna rialacha ceangailteacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 6. | Féadfaidh na Ballstáit ceanglais maidir le catagóirí áirithe ***feirmeacha*** a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo a áireamh sna rialacha ceangailteacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 6. |
| Sonróidh na Ballstáit an nós imeachta chun ceadúnas a dheonú i leith ***suiteálacha*** a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo. Áireofar sna nósanna imeachta sin an fhaisnéis a liostaítear i mír 2 ar a laghad. | Sonróidh na Ballstáit an nós imeachta chun ceadúnas a dheonú i leith ***feirmeacha*** a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo. Áireofar sna nósanna imeachta sin an fhaisnéis a liostaítear i mír 2 ar a laghad. |

**Leasú 37**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 1 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. De mhaolú ón gcéad fhomhír d'Airteagal 4 agus ón gcéad mhír den Airteagal seo, féadfaidh na Ballstáit nós imeachta sonrach simplithe a bhunú do chlárú na suiteálacha talmhaíochta a chumhdaítear sa Chaibidil seo.*** |
| | ***Déanfar an nós imeachta sonrach simplithe don chlárú a shonrú i ngníomh atá ceangailteach agus áireofar ann ar a laghad go dtabharfaidh an feirmeoir fógra don údarás inniúil go bhfuil an rún aige gníomhaíocht a oibriú.*** |
| | ***Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as*** |

***aon nós imeachta comhchosúil atá i bhfeidhm cheana féin le haghaidh clárúcháin. Seachnóidh siad an t-ualach riaracháin agus costais bhreise don fheirmeoir.***

**Leasú 38**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áireofar in iarratais ar cheadanna tuairisc ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad: | 2. Áireofar in iarratais ar cheadanna ***nó clárú simplithe*** tuairisc ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad: |

**Leasú 39**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an ***tsuiteáil*** agus a gníomhaíochtaí | (a) an ***fheirm, a foirgnimh*** agus a gníomhaíochtaí |

**Leasú 40**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cineálacha ainmhí | (b) cineál an ainmhí |

**Leasú 41**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) acmhainneacht na ***suiteála***; | (c) acmhainn an ***fhoirgnimh ina ndéantar an tógáil***; |

**Leasú 42**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) foinsí na ***n-astaíochtaí*** ón tsuiteáil; | (d) foinsí na n-astaíochtaí ón ***bhfoirgnimh ina ndéantar an tógáil***; |

**Leasú 43**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 2 – pointe e

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) cineál agus cainníochtaí na n-astaíochtaí intuartha ón ***tsuiteáil*** isteach i ngach meán. | (e) cineál agus cainníochtaí na n-astaíochtaí intuartha ón ***bhfoirgneamh ina dtarlaíonn an tógáil***, i ngach meán ***faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin***. |

**Leasú 44**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Áireofar*** in iarratais freisin achoimre ***neamhtheicniúil*** ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2. | 3. ***Féadfar a áireamh*** in iarratais achoimre neamhtheicniúil ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2. |

**Leasú 45**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**

Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 3 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Eiseoidh na Ballstáit na ceadanna nó deimhneoidh siad an clárú laistigh de shé mhí ó dháta iarratas an fheirmeora.*** |

**Leasú 46**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an ***t-oibreoir*** an t-údarás inniúil ar an eolas, gan mhoill, faoi aon athrú substaintiúil a bheartaítear a dhéanamh ar na ***suiteálacha*** a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, ar athrú é a bhféadfadh iarmhairtí ar an gcomhshaol a bheith leis. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an t-údarás inniúil an cead a athmheas agus a thabhairt cothrom le dáta. | 4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfidh an ***feirmeoir*** an t-údarás inniúil ar an eolas, gan mhoill, faoi aon athrú substaintiúil a bheartaítear a dhéanamh ar ***an bhfeirm nó suiteáil talmhaíochta ina ndéantar an tógáil,*** a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo, ar athrú é a bhféadfadh iarmhairtí ar an gcomhshaol a bheith leis. I gcás inarb iomchuí ***agus laistigh de dhá mhí ón bhfógra a fháil ón bhfeirmeoir***, déanfaidh an t-údarás inniúil an cead a athmheas agus a thabhairt cothrom le dáta. |

**Leasú 47**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70c – mír 4 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Bliain amháin tar éis chur chun feidhme iomlán an chórais údaraithe agus clárúcháin sna Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar thionchar an chórais ar inmharthanacht eacnamaíoch na bhfeirmeacha a thagann*** |

***faoi raon feidhme na Treorach seo, agus na costais uile a bhaineann le comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach sa Treoir seo á gcur san áireamh, chun diúscairtí áirithe a thagann ón Treoir seo a oiriúnú dá réir.***

**Leasú 48**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70d – teideal

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Airteagal 70d*** | ***scriosta*** |
| ***Oibleagáidí an oibreora*** | |

**Leasú 49**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70d – mír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh an t-oibreoir faireachán ar astaíochtaí agus ar leibhéil feidhmíochta comhshaoil a bhaineann leo i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i.*** | ***scriosta*** |
| ***Coimeádfaidh an t-oibreoir taifead ar thorthaí uile an fhaireacháin, agus déanfaidh sé iad a phróiseáil, ar feadh tréimhse 6 bliana ar a laghad, ar bhealach lenar féidir fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach sna rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i.*** | |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70d – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. I gcás neamhchomhlíonadh na dteorainnluachanna astaíochta agus na dteorainnluachanna feidhmíochta comhshaoil a leagtar amach sna rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i, ceanglóidh na Ballstáit ar an oibreoir na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear comhlíontacht ar bun arís, laistigh den tréimhse ama is giorra is féidir.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 51**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70d – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Maidir le haon dramhaíl, seachtháirge ainmhí nó iarmhar eile arna ghiniúint ag an tsuiteáil a leathadh ar thalamh, áiritheoidh an t-oibreoir go ndéanfar é i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil, mar a shonraítear sna rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i, go ndéanfar é i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais agus nach mbeidh sé ina chúis le truailliú nach beag an chomhshaoil.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 52**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70e – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Cuirfidh ***an t-oibreoir*** na sonraí | 3. ***I gcás inarb iomchuí,*** cuirfidh an |

| | |
|---|---|
| agus an fhaisnéis a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo ar fáil don údarás inniúil ***gan mhoill***, arna iarraidh sin aige. Féadfaidh an t-údarás inniúil iarraidh den sórt sin a dhéanamh chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i. Déanfaidh an ***t-údarás inniúil*** iarraidh ***den sórt sin má iarrann duine den phobal rochtain ar na sonraí nó*** ar an bhfaisnéis ***a liostaítear i mír 2*** den Airteagal seo. | ***feirmeoir*** na sonraí agus an fhaisnéis a liostaítear i mír 2 den Airteagal seo ar fáil don údarás inniúil gan mhoill, ar iarraidh ***chuí-réasúnaithe***. Féadfaidh an t-údarás inniúil iarraidh den sórt sin a dhéanamh chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear in Airteagal 70i. ***Mar sin féin, gan dochar d'Airteagal 4(2), an dara fomhír, de Threoir 2003/4/CE, arna*** iarraidh sin don ***bhfeirmeoir, ní fhoilseofar codanna de thuarascálacha den sórt sin a bhaineann le*** faisnéis ***íogair tráchtála nó thionsclaíoch, nó lena n-áirítear sonraí pearsanta de réir bhrí Airteagal 4(1) de Rialachán (AE)2016/679 nach bhfuil fíorghá leo chun críche*** an Airteagail seo. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70f – mír 3 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás ina mbeidh neamhchomhlíontacht ina cúis le díghrádú nach beag dálaí áitiúla aeir, uisce nó ithreach, nó i gcás ina mbeidh sí ina contúirt nach beag do shláinte an duine, nó i gcás go bhfuil an riosca ann go mbeidh sí ina contúirt den sórt sin, cuirfidh an t-údarás inniúil oibriú na suiteála ar fionraí go dtí go gcuirfear comhlíontacht ar bun arís.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 54**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70g – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar deiseanna luatha agus | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar deiseanna luatha agus |

| | |
|---|---|
| éifeachtacha don phobal lena mbaineann chun ***páirt a ghlacadh*** sna nósanna imeachta seo a leanas: | éifeachtacha don phobal lena mbaineann chun ***dul i mbun comhairle leo*** sna nósanna imeachta seo a leanas: |

**Leasú 55**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70g – mír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) ullmhú rialacha ceangailteacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 6 maidir le ceadanna le haghaidh suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 56**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70g – mír 1 – pointe b

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cead a dheonú le haghaidh ***suiteáil*** nua a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo; | (b) cead a dheonú le haghaidh ***feirme*** nua a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo;***]*** |

**Leasú 57**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70g – mír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cead a dheonú a tugadh cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 70c.4 le haghaidh aon athraithe shubstaintiúil ar ***shuiteáil*** atá ann cheana a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo. | (c) cead a dheonú a tugadh cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 70c.4 le haghaidh aon athraithe shubstaintiúil ar ***fheirm*** atá ann cheana a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo.***]*** |

**Leasú 58**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70g – mír 2 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfidh an t-údarás inniúil na doiciméid agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal***, lena n-áirítear, go córasach, tríd an idirlíon, saor in aisce agus gan an rochtain a shrianadh d'úsáideoirí cláraithe amháin***: | 2. Cuirfidh an t-údarás inniúil na doiciméid agus an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don phobal ***lena mbaineann, arna iarraidh sin:*** |

**Leasú 59**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70g – mír 2 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na rialacha ceangailteacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 6 is infheidhme maidir le ***suiteálacha*** a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo; | (c) na rialacha ceangailteacha ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 6 is infheidhme maidir le ***feirmeacha*** a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo; |

**Leasú 60**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70g – mír 2 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) na tuarascálacha ar chigireachtaí ar na suiteálacha a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 61**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70h – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tá leas ***leordhóthanach*** acu; | (a) tá leas ***díreach agus dlisteanach*** acu; |

**Leasú 62**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70h – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní fhéadfaidh seasamh sa nós imeachta athbhreithnithe a bheith ag braith ar an ról a bhí ag an duine ***lena mbaineann*** den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo. | Ní fhéadfaidh seasamh sa nós imeachta athbhreithnithe a bheith ag braith ar an ról a bhí ag an duine ***lena mbaineann*** den phobal le linn céim rannpháirtíochta de na nósanna imeachta cinnteoireachta faoin Treoir seo. |

**Leasú 63**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70h – mír 1 – fomhír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an nós imeachta um athbhreithniú cóir, cothrom, tráthúil agus ní bheidh sé róchostasach, agus déanfar foráil ann maidir le sásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh***, lena n-áirítear faoiseamh urghaire de réir mar is iomchuí***. | Beidh an nós imeachta um athbhreithniú cóir***, comhréireach***, cothrom, tráthúil agus ní bheidh sé róchostasach, agus déanfar foráil ann maidir le sásraí leormhaithe éifeachtacha sásaimh. |

**Leasú 64**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leagfaidh an Coimisiún rialacha oibriúcháin síos ina mbeidh ceanglais atá comhsheasmhach le húsáid na dteicnící is | Leagfaidh an Coimisiún rialacha oibriúcháin síos***, i gcomhar le feirmeoirí a dtiteann a dtáirgeadh faoi raon feidhm na*** |

| | |
|---|---|
| fearr atá ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in ***Iarscríbhinn Ia***, lena n-áireofar an méid seo a leanas: | ***Treorach seo,*** ina mbeidh ceanglais atá comhsheasmhach le húsáid na dteicnící is fearr atá ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in ***Airteagal 70a***, lena n-áireofar an méid seo a leanas: |

**Leasú 65**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 – fomhír 1 – pointe c

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) cleachtais leata ar thalamh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 66**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 – fomhír 1 – pointe d

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(d) cleachtais maidir le truailliú a chosc agus a mhaolú;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 67**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 – fomhír 1 – pointe f

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(f) bearta eile atá comhsheasmhach le hIarscríbhinn III.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 68**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfear san áireamh leis na rialacha oibriúcháin inter alia nádúr, cineál, méid agus dlús na ***suiteálacha sin agus sainiúlachtaí na gcóras tógála eallaigh atá bunaithe ar fhéarach, i gcás nach dtógtar ainmhithe i suiteálacha faoi dhíon ach go séasúrach***. | Cuirfear san áireamh sna rialacha oibriúcháin, inter alia, cineál, méid agus dlús na ***bhfeirmeacha*** sin. |

**Leasú 69**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh na rialacha oibriúcháin bunaithe ar mheasúnú lárnach lena gcuirfear san áireamh na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann ar, inter alia, inbhuanaitheacht eacnamaíoch fhoriomlán, sábháilteacht, go háirithe sábháilteacht ó dhóiteán, agus sláinte agus leas ainmhithe.*** |

**Leasú 70**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 – fomhír 2 b (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfear san áireamh sna rialacha oibriúcháin teicnící atá ag teacht chun cinn i bhfeirmeoireacht ainmhithe, dá dtagraítear in Airteagal 27(1), agus leagfar síos iontu na coinníollacha faoina bhféadfaidh an t-údarás inniúil cead a dheonú d'fheirmeoir trí úsáid a bhaint as na teicnící sin.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 1 – fomhír 2 c (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Cuirfidh na rialacha oibriúcháin réimse leathan roghanna ar fáil agus ní fhorordóidh siad úsáid teicníc nó teicneolaíochta ar leith.*** |

**Leasú 72**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 25**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 70i – mír 3

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na coinníollacha ceada uile le haghaidh na ***suiteálacha*** lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 42 mhí ó theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe lena mbunaítear na rialacha sin.. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na coinníollacha ceada uile le haghaidh na ***bhfeirmeacha*** lena mbaineann i gcomhréir leis na rialacha oibriúcháin dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 42 mhí ó theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe lena mbunaítear na rialacha sin.***’***. |

**Leasú 73**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 27**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 74 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2.*** Chun gur féidir le forálacha na Treorach seo cuspóirí na Treorach seo a chomhlíonadh eadhon astaíochtaí truailleán a chosc nó a laghdú agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 76, chun Iarscríbhinn I ***nó Iarscríbhinn Ia a leasú trí ghníomhaíocht agraithionsclaíoch a áireamh sna*** | ***scriosta*** |

***hIarscríbhinní sin, ar gníomhaíocht í a chomhlíonann na critéir seo a leanas:***

***(a) tá tionchar aici ar shláinte an duine nó ar an gcomhshaol nó tá coinne leis go mbeidh, go háirithe de thoradh ar astaíochtaí truailleán agus úsáid acmhainní;***

***(b) baineann éagsúlacht lena feidhmíocht chomhshaoil laistigh den Aontas;***

***(c) d'fhéadfaí feabhas a chur ar a tionchar comhshaoil trí na teicnící is fearr atá ar fáil nó teicnící nuálacha a chur i bhfeidhm;***

***(d) meastar, ar bhonn a tionchair chomhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta, go bhfuil cóimheas fabhrach idir na tairbhí sochaíocha agus na costais eacnamaíocha a bhaineann lena háireamh i raon feidhme na Treorach seo.***

**Leasú 74**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79a – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Maidir le heagraíochtaí neamhrialtasacha a chuireann cosaint shláinte an duine nó cosaint an chomhshaoil chun cinn agus a chomhlíonann aon cheanglas faoin dlí náisiúnta, áiritheoidh na Ballstáit go gceadófar dóibh, mar chuid den phobal lena mbaineann, ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na ndaoine aonair a ndéantar difear dóibh agus gníomhaíochtaí comhchoiteanna le haghaidh cúitimh a thionscnamh. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhféadfar éileamh mar gheall ar shárú a dtagann dochar as a shaothrú faoi dhó, eadhon ag na daoine aonair a ndéantar difear dóibh agus ag na*** | ***scriosta*** |

***heagraíochtaí neamhrialtasacha dá dtagraítear sa mhír seo.***

**Leasú 75**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 32**
Treoir 2010/75/AE
Airteagal 79a – mír 4

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. I gcás ina mbeidh éileamh ar chúiteamh i gcomhréir le mír 1, ar éileamh é a mbeidh fianaise ag tacú leis ónar féidir nasc cúisíoch idir an dochar agus an sárú a thoimhdiú, áiritheoidh na Ballstáit gur ar an duine atá ***freagrach as an sárú*** a bheidh an dualgas a chruthú ***nach raibh*** an sárú ina chúis leis an damáiste ná nár rannchuidigh sé leis an dochar. | 4. I gcás ina mbeidh éileamh ar chúiteamh i gcomhréir le mír 1, ar éileamh é a mbeidh fianaise ag tacú leis ónar féidir nasc cúisíoch idir an dochar agus an sárú a thoimhdiú, áiritheoidh na Ballstáit gur ar an duine ***a rinne an líomhain*** a bheidh an dualgas a chruthú nach raibh an sárú ***ina chúis*** leis an damáiste ná nár ***rannchuidigh*** sé leis an dochar. |

**Leasú 76**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 33 a (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn -Ia (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33a) Cuirtear isteach Iarscríbhinn -Ia a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann leis an Treoir seo.*** |

**Leasú 77**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn Ia (nua)**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn -Ia (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***IARSCRÍBHINN -Ia***

***Rátaí comhshó na n-ainmhithe go haonaid bheostoic ('LSU') dá dtagraítear i sainmhíniú LSU***

| | | |
|---|---|---|
| ***Muca*** | ***Cránacha pórúcháin > 50kg*** | ***0,5 LSU*** |
| | ***Muca eile > 30 kg*** | ***0,3 LSU*** |
| ***Éanlaith*** | ***Sicíní grísce*** | ***0,007 LSU*** |
| | ***Béaróga*** | ***0,014 LSU*** |
| | ***Ostraisí*** | ***0,35 LSU*** |
| | ***Turcaithe*** | ***0,03 LSU*** |
| | ***Lachain*** | ***0,01 LSU*** |
| | ***Géanna*** | ***0,02 LSU*** |
| | ***Éanlaith chlóis eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile*** | ***0,001 LSU*** |

**Leasú 78**
**Togra le haghaidh treorach**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 34**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn Ia

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(34) Cuirtear isteach Iarscríbhinn Ia a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn I – mír 3 – fomhír 5 – pointe 5.3 – pointe a – fleasc i

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) cóireáil bhitheolaíoch (amhail bith-dhíghrádú anaeróbach); | (i) cóireáil bhitheolaíoch (amhail bith-dhíghrádú anaeróbach ***seachas aoileach***); |

**Leasú 80**
**Togra le haghaidh treorach**
**Iarscríbhinn II**
Treoir 2010/75/AE
Iarscríbhinn Ia (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***IARSCRÍBHINN Ia*** | ***scriosta*** |
| ***Gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 70a*** | |
| ***1. Eallach, muca nó éanlaith chlóis a thógáil i suiteálacha lena ngabhann 150 aonad beostoic nó níos mó.*** | |
| ***2. Aon mheascán de na hainmhithe seo a leanas a thógáil: eallach, muca, éanlaith chlóis, i suiteálacha lena ngabhann 150 aonad beostoic nó níos mó.*** | |
| ***Tá an neaschoibhéis in aonaid beostoic bunaithe ar na rátaí comhshó a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún*.*** | |
| ***______________*** | |
| **** Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 808/2014 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (IO L 227, 31.7.2014, lch. 18).*** | |

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl |
| **Tagairtí** | COM(2022)0156 – C9-0144/2022 – 2022/0104(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>2.5.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>2.5.2022 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 20.10.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Benoît Lutgen<br>3.5.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 29.9.2022 24.10.2022 20.4.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 25.4.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 36<br>–: 8<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Benoît Biteau, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Paola Ghidoni, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Jarosław Kalinowski, Elsi Katainen, Norbert Lins, Elena Lizzi, Chris MacManus, Colm Markey, Marlene Mortler, Maria Noichl, Juozas Olekas, Daniela Rondinelli, Bronis Ropė, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Franc Bogovič, Rosanna Conte, Claude Gruffat, Anja Hazekamp, Pär Holmgren, Benoît Lutgen, Irène Tolleret |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Catherine Griset, Achille Variati |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 36 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Bert-Jan Ruissen, Veronika Vrecionová |
| ID | Rosanna Conte, Paola Ghidoni, Catherine Griset, Elena Lizzi |
| PPE | Álvaro Amaro, Franc Bogovič, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Benoît Lutgen, Colm Markey, Marlene Mortler, Anne Sander, Simone Schmiedtbauer, Juan Ignacio Zoido Álvarez |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Jérémy Decerle, Martin Hlaváček, Elsi Katainen, Irène Tolleret, Emma Wiesner |
| S&D | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Paolo De Castro, Juozas Olekas, Daniela Rondinelli, Achille Variati |

| 8 | - |
|---|---|
| ID | Ivan David |
| S&D | Maria Noichl |
| The Left | Anja Hazekamp |
| Verts/ALE | Benoît Biteau, Claude Gruffat, Martin Häusling, Pär Holmgren, Bronis Ropė |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Krzysztof Jurgiel |
| The Left | Chris MacManus |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA – COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Leasú ar Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl |
| **Tagairtí** | COM(2022)0156 – C9-0144/2022 – 2022/0104(COD) |
| **Dáta tíolactha chun na Parlaiminte** | 6.4.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>2.5.2022 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE AGRI JURI<br>2.5.2022 2.5.2022 2.5.2022 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | JURI<br>20.6.2022 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI ITRE<br>20.10.2022 20.10.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Radan Kanev<br>10.5.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 12.7.2022 30.11.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 55<br>–: 26<br>0: 6 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mathilde Androuët, Maria Arena, Bartosz Arłukowicz, Margrete Auken, Traian Băsescu, Aurélia Beigneux, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Mohammed Chahim, Maria Angela Danzì, Esther de Lange, Christian Doleschal, Cyrus Engerer, Agnès Evren, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Andreas Glueck, Teuvo Hakkarainen, Jan Huitema, Yannick Jadot, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Marina Mesure, Silvia Modig, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ville Niinistö, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Nikos Papandreou, Jutta Paulus, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Erik Poulsen, Nicola Procaccini, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraki, Edina Tóth, Achille Variati, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Catherine Chabaud, Estrella Durá Ferrandis, Martin Häusling, Romana Jerković, Radan Kanev, Ska Keller, Ondřej Knotek, Danilo Oscar Lancini, Norbert Lins, Marisa Matias, Marlene Mortler, Max Orville, Marcos Ros Sempere, Jadwiga Wiśniewska |

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Attila Ara-Kovács, Ilana Cicurel, Clare Daly, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Virginie Joron, Erik Marquardt, Pedro Marques, Vera Tax, Kosma Złotowski |
| **Dáta don chur síos** | 19.6.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 55 | + |
|---|---|
| NI | Maria Angela Danzì |
| PPE | Agnès Evren, Radan Kanev, Esther de Lange, Peter Liese, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Ljudmila Novak, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Maria Spyraki, Pernille Weiss |
| Renew | Pascal Canfin, Catherine Chabaud, Ilana Cicurel, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Max Orville, Erik Poulsen, María Soraya Rodríguez Ramos, Michal Wiezik |
| S&D | João Albuquerque, Attila Ara-Kovács, Maria Arena, Delara Burkhardt, Mohammed Chahim, Estrella Durá Ferrandis, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Romana Jerković, César Luena, Pedro Marques, Alessandra Moretti, Nikos Papandreou, Marcos Ros Sempere, Günther Sidl, Vera Tax, Achille Variati, Petar Vitanov |
| The Left | Malin Björk, Clare Daly, Marisa Matias, Marina Mesure, Silvia Modig, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Margrete Auken, Michael Bloss, Malte Gallée, Martin Häusling, Yannick Jadot, Ska Keller, Erik Marquardt, Ville Niinistö, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus |

| 26 | - |
|---|---|
| ECR | Pietro Fiocchi, Teuvo Hakkarainen, Joanna Kopcińska, Nicola Procaccini, Alexandr Vondra, Jadwiga Wiśniewska, Anna Zalewska, Kosma Złotowski |
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Gianna Gancia, Virginie Joron, Danilo Oscar Lancini, Sylvia Limmer, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth |
| PPE | Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Christian Doleschal, Norbert Lins, Dolors Montserrat, Marlene Mortler |
| Renew | Ondřej Knotek, Emma Wiesner |

| 6 | 0 |
|---|---|
| PPE | Bartosz Arłukowicz, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Christine Schneider |
| Renew | Andreas Glück, Jan Huitema |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh